Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

# Tuarascáil Bhliantúil 2013

# Annual Report 2013

fingal.ie

# Clár Ábhair

| | |
|---|---|
| Réamhrá an Mhéara | 3 |
| Teachtaireacht ón mBainisteoir Contae Gníomhach | 4 |
| Léarscáil de Thoghcheantar Chomhairle Contae Fhine Gall | 5 |
| An Roinn Gnóthaí Corparáideacha | 6 |
| Roinn na nAiltirí | 31 |
| An Rannán Pobail, Cultúir & Spóirt | 37 |
| An Roinn Comhshaoil, Gnó & Fiontair | 47 |
| An Roinn Airgeadais | 65 |
| An Roinn Tithíochta | 69 |
| An Roinn Acmhainní Daonna | 75 |
| An Roinn Teicneolaíochta Faisnéise | 77 |
| An Roinn Dlí | 80 |
| Rannán na Leabharlann | 81 |
| An Roinn Oibríochtaí | 84 |
| An Roinn um Pleanáil & Bonneagar Straitéiseach | 94 |
| An Roinn Seirbhísí Uisce | 105 |

# Teachtaireacht ón Méara




Bliain dhúshlánach eile agus a lán athruithe ag tarlú i bhFine Gall, ach bliain thar a bheith dearfach í freisin. Mar Mhéara ó mhí Mheitheamh 2013, ba mhaith liom tréaslú le mo réamhtheachtaí, An Comhairleoir Cian O'Callaghan as Fine Gall agus a sócmhainní a chur chun cinn agus thapaigh sé gach deis chuige sin. Ní féidir cur síos ar gach uile ócáid ar fhreastail mé orthu le linn 2013 agus mar sin roghnaigh mé na príomhchinn ar éirigh go maith leo chun trácht orthu.

Reáchtáladh The Gathering in 2013 agus roinnt imeachtaí suntasacha ag tarlú i bhFine Gall, mar shampla Craobhchomórtas Foirne Lúthchleasaíocht na hEorpa i Staidiam Morton, Craobhchomórtas Luamh J24 i mBinn Éadair agus reáchtáladh an Seó Flavours of Fingal in Newbridge House and Farm i nDomhnach Bat. D'fhreastail isteach is amach le 20,000 duine ar an ócáid dhá lá seo mar a raibh taispeántais talmhaíochta agus gairneoireachta ó oidhreacht limistéar Fhine Gall.

Chuir mé féin fáilte roimh roinnt toscaireachtaí eachtracha lena n-áirítear leas-mhéara Chengdu, an tSín, cathair ina bhfuil daonra de 14 mhilliún duine a bhfuil caidreamh trádála á fhorbairt againn léi.

Leanamar leis an infheistiú i dtionscadail bonneagair mar shampla an t-uasghrádú ar Acomhal Mhullach Eadrad agus bhí sé de phribhléid agam freastal ar ócáid na hoscailte oifigiúil an 7 Deireadh Fómhair 2013.

An 25 Deireadh Fómhair d'fhreastail mé ar an Tionscadal Fingal Vintage Society Men's Shed, i dTuirbhe, Domhnach Bat. Sa tionscnamh seo spreagtar fir le teacht le chéile ar mhaith le cairdis a chothú agus comhrá lena chéile. Seo an mhí ar fhreastail mé freisin ar oscailt Pháirc Bhaile an Tirialaigh a bheidh ina háis riachtanach áineasa agus imeartha do phobal atá ag síormhéadú.

Ba chúis mhór áthais dom é freastal ar sheoladh "Straitéis Litearthachta Luathbhlianta" Leabharlanna Fhine Gall i Leabharlann Bhaile Bhlainséir an 27 Samhain. Is é sprioc na straitéise seo leanaí óga a spreagadh le spéis a chur sa léitheoireacht agus cothaíonn sé caitheamh aimsire don saol iontu.

Mar Mhéara ar Fhine Gall bíonn deis ar leith agam bheith i mo fhinné ar an obair agus an díograis gan stad gan staonadh atá ag ár bhfoireann chumasach a sholáthraíonn agus a chothaíonn raon seirbhísí do mhuintir Fhine Gall le linn na bliana.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le hIar-Bhainisteoir Fhine Gall David O'Connor a d'éirigh as i mí na Samhna 2013. Ba mhór an fhís agus an tiomantas a bhí aige d'Fhine Gall agus dá saoránaigh agus guím féin agus mo chomh-Chomhairleoirí gach rath air don todhchaí. Bhí an t-ádh liom cúnamh a fháil ó Peter Caufield a bhí ag feidhmiú ina Bhainisteoir eatramhach.

Tá mé ag súil go mór bheith ag obair le Bainisteoir Nua Fhine Gall agus leis an bhfoireann dhíograiseach go léir don chuid eile de mo théarma in 2014.

**Kieran Dennison**
**Méara Fhine Gall**

# Teachtaireacht ón mBainisteoir Contae Gníomhach



In 2013 lean an t-údarás áitiúil ag freastal ar ár saoránaigh agus seirbhísí éagsúla éifeachtacha á soláthar dóibh. Ag teacht leis an mbeartas náisiúnta leanadh ag leagan béime ar fhorbairt eacnamaíocht agus athmhúnlú a dhéanamh ar an gComhairle le go mbeadh struchtúir nua rialachais i bhfeidhm ar struchtúir iad a ainmníodh sa cháipéis um athchóiriú an rialtais áitiúil, *Putting People First, an Action Plan for Effective Local Government.*

Chomh maith leis na gnáthchúrsaí gnó a mbíonn an Chomhairle ina mbun, lean an Chomhairle ag infheistiú sa bhonneagar d'fhonn freastal ar riachtanais an daonra atá ag síormhéadú. Sa mhéid go bhfuil cíosanna ag dul i méid sa réigiún, tá sé ríthábhachtach go gcinnteodh Fine Gall go mbeadh tailte seirbhísithe ar fáil don soláthar tithíochta agus go bhfanfadh Fine Gall ina cheann scríbe tarraingteach don tionscal inbhuanaithe agus do dheiseanna fostaíochta eile.

Ghlac an Chomhairle in 2013 le Pleananna Limistéir Áitiúil le haghaidh na limistéar seo: Baile Dúill, Steach Póilín, Cill Mhartain, Port Mearnóg Theas, Ráth Aingil, Baile an Rólaigh agus Móinéar na hAbhann.

I measc na samplaí de mórinfheistiú i dtionscadail chaipitil tá Ionad Cóireála Uisce Léim an Bhradáin, uasghrádú ar acomhal Mhullach Eadrad, leathnú ar an M1 chuig bóthar trí lána idir gabhail 3 agus 4, uasghrádú ar Acomhal Lisín an Airdi agus leathnú ar Bhóthar na hAile i mBaile Brigín. Cuireadh i gcrích scéim bainistíochta tráchta Lusca agus cuireadh tús leis an obair ar Scéim Bhealach Glas na Canálach Ríoga. Maidir lenár stoc tithíochta sóisialta cuireadh feabhas ar 2,323 áitreabh le tionóntaí faoin Scéim Fabraice Foirgníochta (lena n-áirítear 332 aonad arna maoiniú faoi SEAI agus 278 arna maoiniú faoin Scéim um Chothú Post). Cuireadh 12 aonad ar fáil de Chóiríocht don Lucht Siúil in 2013.


Ar bhonn corparáideach d'eagraigh an Chomhairle, nó bhí ionchur aici, in 400 ócáid in 2013. I measc na n-ócáidí is fearr ar an lá bhí Cluiche Idirnáisiúnta Cruicéid i Mullach Íde, an Craobhchomórtas Eorpach Lúthchleasaíochta, Féile Chloicheáin Bhá Bhaile Átha Cliath, I mBinn Éadair, Paráid Lá le Pádraig, Flavours of Fingal agus Féile Snagcheoil an Fhómhair I mBaile Brigín, agus ócáidí eile nach iad.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann Fhine Gall as an tacaíocht agus an díograis acu maidir leis an gcleachtas is fearr sa soláthar seirbhíse. Bhí tionchar nach beag aige sin ar dhea-cháil Chomhairle Contae Fhine Gall mar cheann de na comhairlí contae is fearr sa réimse sin ar fud na tíre.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an iar-Bhainisteoir Contae, David O'Connor as a a chuid tacaíochta in 2013 agus as a dhíograis den chéad scoth i leith na seirbhíse poiblí le linn a thréimhse mar Bhainisteoir.
Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an Méara, an Comhairleoir Kieran Dennison agus lena réamhtheachtaí an Comhairleoir Cian O'Callaghan agus le gach ball den Chomhairle as a ndianobair agus a ndíograis le linn 2013.

Peter Caulfield
Bainisteoir Contae Gníomhach

# Léarscáil de Thoghcheantair Chomhairle Contae Fhine Gall



# An Roinn Gnóthaí Corparáideacha:

Cuimsítear sa roinn seo:

- An Rannán Seirbhísí Corparáideacha
- An Rannán Seirbhísí Réadmhaoine
- An tAonad um Iniúchóireacht Inmheánach
- Aonad na nImeachtaí
- An tAonad Cumarsáide
- Comhpháirtíochtaí ar an Láthair Oibre
- Comhairle Baile Bhaile Brigín

MÉARA:



Cian O'Callaghan
Méara
Eanáir 2013-Meitheamh 2013




Kieran Dennison
Méara
Meitheamh 2013-Nollaig 2013

LEAS-MHÉARA:



Peggy Hamill
Leas-Mhéara
Eanáir 2013 - Meitheamh 2013



Joan Maher
Leas-Mhéara
Meitheamh 2013 - Nollaig 2013

## COMHAIRLE CONTAE FHINE GALL – BAILL THOFA

### *TOGHCHEANTAR BHAILE BRIGÍN*



Ken Farrell, (An Páirtí Oibre), 4 An Céide, Páirc Orlynn, Lusca, Co. Átha Cliath.
(Fón Póca: 087-7551927)
Rphost: ken.farrell@fingalcoco.ie



David O'Connor, (Neamh-pháirtí), "Meadowlands", Baile Bachaille, Co. Átha Cliath..
(Teil: 8433691 (B), Fón Póca: 087 6803860)
Rphost: davidj.oconnor@fingalcoco.ie



Tom O'Leary, (Fine Gael), 4 Haven House, Sráid Thomáis Uí Láimhín, Na Sceirí, Co. Átha Cliath.
Teil. Uimh. 8905022
Rphost: tom.oleary@fingalcoco.ie



Ciaran Byrne, (Páirtí an Lucht Oibre), 41 An Trá Theas, Na Sceirí, Co. Átha Cliath.
(Teil: 8491179 (H), Fón Póca: 087 2273060, Facs: 8495361)
Rphost: ciaran.byrne@fingalcoco.ie




May McKeon (Neamh-pháirtí) Éirithe as an 22 Samhain 2013.
"Sheemore", Faiche Nua an Mhargaidh, Baile Bhrigín, Co. Átha Cliath.
(Teil: 8413660 (B), Fón Póca: 087 7852644)
Rphost:  may.mckeon@fingalcoco.ie



Grainne Maguire, (Neamhpháirtí)(Tháinig i gcomharba May McKeon ón 23 Samhain, 2013.
90 Sráid Dhroichead Átha, Baile Brigín, Co. Átha Cliath.
(Fón Póca 087 9436650)
Rphost : 1grainnemaguire@gmail.com

### *TOGHCHEANTAR SHOIRD*




Gerry McGuire (Páirtí an Lucht Oibre), 1 An Trá, Domhnach Bat, Co. Átha Cliath.
(Teil:  8436014, Fón Póca: 087 2381980)
Rphost: gerry.mcguire@fingalcoco.ie



Tom Kelleher  (Páirtí an Lucht Oibre), Cill Shalcháin,  Co. Átha Cliath.
Fón Póca: 087 2837165)
Rphost: tom.kelleher@fingalcoco.ie



Darragh Butler, (Fianna Fail), 17 Clós an Ghoirt Aird, Sord, Co. Átha Cliath.
(Fón Póca: 087 9595378)
Rphost: darragh.butler@fingalcoco.ie



Anne Devitt, (Neamhpháirtí), Lios Pubaill, Sord, Co. Átha Cliath.
(Teil: 8409728 (B) Fón Póca: 086 8123435)
Rphost: anne.devitt@fingalcoco.ie



Eugene Coppinger (An Páirtí Sóisialach), 46 Siúlán na Foraoise, Sord, Co. Átha Cliath
**Fón Póca: 087 2327412**
eugene.coppinger@fingalcoco.ie

***TOGHCHEANTAR BHINN ÉADAIR/MHULLACHA ÍDE***



Peter Coyle, (Páirtí an Lucht Oibre), (Éirithe as an 26 Bealtaine, 2013)
8 Cúirt an Choinicéir, Port Mearnóg, Co. Átha Cliath
(Teil: 8460327(B), Fón Póca: 087 2837160)
Rphost: peter.coyle@fingalcoco.ie




Judy Dunne, (Páirtí an Lucht Oibre), (Comhthofa an 14 Meitheamh, 2013)
21 Ascaill Wendell, Port Mearnóg, Co. Átha Cliath.
(Fón Póca : 087 6178557)
Rphost : Judy.dunne@fingalcoco.ie



Cian O'Callaghan (Neamh-pháirtí), 5 Cúirt Campbell, An tSráid Mhór, Binn Éadair, Baile Átha Cliath 13.
(Fón Póca: 086 2866631)
Rphost: Cian.ocallaghan@fingalcoco.ie



Eoghan O'Brien, (Fianna Fail), 7 Radharc Seabury, Mullach Íde, Co. Átha Cliath
(Fón Póca 086 8580562)
Rphost:eoghan.obrien@fingalcoco.ie




Joan Maher, (Fine Gael), 19 Cearnóg Chois Bá Thoir, Cill Fhiontain, Baile Átha Cliath 13.
(Teil: 8324840(H), Facs: 8324840 (B) Fón Póca: 087 2837169)
Rphost: joan.maher@fingalcoco.ie



Anthony Lavin, (Fine Gael), 28 Bóthar Chalfont. Mullach Íde, Co. Átha Cliath.
Fón Póca: 7 9931329
Rphost: anthony.lavin@fingalcoco.ie

***TOGHCHEANTAR MHULLACH EADRAD***



Ruth Coppinger, (An Páirtí Sóisialach), 159 Fraoch Chaisleán an Churraigh, Mullach Eadrad, Baile Átha Cliath 15.
(Teil; 8116174, Fón Póca: 087 6730187)
Rphost: ruth.coppinger@fingalcoco.ie




Kieran Dennison, (Fine Gael), 1 Gráinseach Fernleigh, Caisleán Cnucha, Baile Átha Cliath 15.
(Fón Póca: 087 2595949)
Rphost: kierandennison@gmail.com



David McGuinness, (Fianna Fáil), 1 Arda Ghort na Feá, Cluain Aodha, Baile Átha Cliath 15. (Fón Póca: 087 6415403)
Rphost: dmcguinn@tcd.ie



Michael O'Donovan,(Páirtí an Lucht Oibre),70 Céide Delwood, Baile Átha Cliath 15
(Teil: 8220030 (O) Fón Póca: 087 2207798)
Rphost: michael.odonovan@fingalcoco.ie



Mary McCamley, (Páirtí an Lucht Oibre),
147, Gleann Chaisleán an Churraigh, Mullach Eadrad, BÁC.15.
Fón Póca : 087 6501441
Rphost: mary.mccamley@fingalcoco.ie

***TOGHCHEANTAR CHAISLEÁN CNUCHA***



Eithne Loftus, (Fine Gael), 6 Ascaill Pháirc na bhFianna, Caisleán Cnucha, Baile Átha Cliath 15. (Fón Póca: 087 6223419)
Rphost: eithne.loftus@fingalcoco.ie



Peggy Hamill, (Páirtí an Lucht Oibre), (Éirithe as an 28 Nollaig, 2013)
"Back Lodge", Oatlands, Caisleán Cnucha, Baile Átha Cliath 15.
(Teil; 8216100, Fón Póca: 087 9930009)
Rphost: cllrpeggy.hamill@fingalcoco.ie



Mags Murray, (Fianna Fail), 13 Clós Lohunda, Radharc na Páirce, Cluain Saileach, Baile Átha Cliath 15.
(Teil: Fón Póca 086 0651419)
Rphost: mags.murray@fingalcoco.ie



Matthew Waine, (An Páirtí Sóisialach), 58 Woodview Grove, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15
(Fón Póca: 087-6684616)
Rphost: mattwaine@gmail.com

## BUANCHOISTÍ NA COMHAIRLE

## COISTÍ LIMISTÉIR

| | |
|---|---|
| **Baile Brigín/Sord** | Baill thoghcheantair Bhaile Bhrigín and Shord agus Cathaoirleach Chomhairle Baile Bhaile Bhrigín |
| **Caisleán Cnucha/Mullach Eadrad/Mullach Íde** | Baill Thoghcheantair Chaisleán Cnucha agus Mhullach Eadrad<br>Baill Thoghcheantair Bhinn Éadair and Mhullach Íde |

**Coiste Eagrúcháin agus Gnáis**
(Tá gach Ball de Chomhairle Contae Fhine Gall ina mBaill den Choiste seo).

**An Grúpa Polasaí Chorparáidigh**
Cian O'Callaghan (Méara) - Eanáir 2013– Meitheamh 2013
Kieran Dennison (Méara) – Meitheamh 2013 – Nollaig 2013
Mags Murray (Cathaoirleach) C.P.S. - Iompar
Tom Kelleher (Cathaoirleach) C.P.S – Pleanáil & Forbairt
Eithne Loftus
(Cathaoirleach) C.P.S. Comhshaol
David O'Connor (Cathaoirleach) C.P.S. – Pobal agus Ginearálta
Ruth Coppinger (Cathaoirleach) C.P.S. - Tithíocht

## BAILL AN CHOISTE POLASAÍ STRAITISIGH UM POBAL AGUS GNÓTHAÍ GINEARÁLTA

**Comhairleoirí**
David O'Connor (Cathaoirleach)
Darragh Butler
Tháinig Judy Dunne i gcomharba Peter Coyle an 14 Meitheamh, 2013.
Anne Devitt
Peggy Hamill
Mary McCamley
Cian O'Callaghan
Matthew Waine

**Baill Nach Comhairleoirí Iad**
Gráinne Maguire
Padraig McMahon
Brendan Sherlock
Paul Holden
Myles Caulfield
Clodagh O'Donovan
Joseph Kuye

## BAILL AN CHOISTE POLASAÍ STRAITÉISIGH UM CHOMHSHAOL

**Comhairleoirí**
Eithne Loftus (Cathaoirleach)
(Tháinig Judy Dunne i gcomharba Peter Coyle an 14 Meitheamh, 2013.
Eugene Coppinger
Kieran Dennison
Anthony Lavin
Peggy Hamill
Gerry McGuire
Tháinig Grainne Maguire i gcomharba May McKeon an 9 Nollaig, 2013.
David O'Connor
Eoghan O'Brien

**Baill Nach Comhairleoirí Iad**
Olive Byrne
Valerie Henderson
David Rogers
Maire O'Brien
Stephen Malone
Ms. Terry Cummins

## BAILL AN CHOISTE POLASAÍ STRAITÉISIGH UM THITHÍOCHT

**Comhairleoirí**
Ruth Coppinger (Cathaoirleach)
Eugene Coppinger
Kieran Dennison
Ken Farrell
Joan Maher
Mary McCamley
Gerry McGuire
David McGuinness
Cian O'Callaghan
Michael O'Donovan

**Baill Nach Comhairleoirí Iad**
Andrew McCann
Sylvester Greally
Tháinig Paula Kenny i gcomharba Kathleen McKillion an 8 Iúil, 2013.
Roderick O'Gorman
Howard Mahony

## BAILL AN CHOISTE POLASAÍ STRAITÉISIGH UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT

**Comhairleoirí**
Tom Kelleher, (Cathaoirleach)
Ciarán Byrne
Anne Devitt
Anthony Lavin
Joan Maher
David McGuinness
Mags Murray
Michael O'Donovan
Tom O'Leary
Matthew Waine
**Baill Nach Comhairleoirí Iad**
Rory Bannon
Terry Kelleher
Kieran O'Neill
Terry Cummins
Ciaran Corcoran
Brian McKeon
D'éirigh Terry Kelleher as agus tháinig Grainne Maguire i gcomharba air an 14 Deireadh Fómhair, 2013)
D'éirigh Grainne Maguire as agus tháinig i gcomharba Terry Kelleher an 9 Nollaig, 2013)

## BAILL AN CHOISTE POLASAÍ STRAITÉISIGH UM IOMPAR

**Comhairleoirí**
Mags Murray (Cathaoirleach),
Darragh Butler
Ciarán Byrne
Ruth Coppinger
Ken Farrell
Tom Kelleher
Eithne Loftus
Eoghan O'Brien
Tom O'Leary
Tháinig Grainne Maguire i gcomharba May McKeon an 9 Nollaig, 2013

**Baill Nach Comhairleoirí Iad**
Rory Bannon
Brendan Doorley
Raymond Ryan
Tháinig Paddy Kavanagh i gcomharba David Donnelly an 8 Aibreán, 2013.
Jean Fay Brady
Cathal Boland
Tháinig Tom O'Malley i gcomharba Bernadette O'Connell an 13 Bealtaine, 2013.

## BALLRAÍOCHT NA GCOMHAIRLEOIRÍ LE FORAIS EILE

### BAILL FHÓRM POBAIL BHAILE BHLAINSÉIR
Comhairleoirí
Eithne Loftus
Mary McCamley

### BAILL FHÓRAM PÓILÍNEACHA POBAIL SHOIRD
Comhairleoir
Darragh Butler
Ann Devitt
Gerry McGuire

## IONADAITHE AR FHORAIS REACHTÚLA
Forais Reachtúla, Coistí agus Eagraíochtaí, a ndéanann Comhairle Contae Fhine Gall daoine a thoghadh orthu, a ainmniú dóibh nó a cheapadh orthu.

### AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA
Comhairleoirí
Tháinig Judy Dunne i gcomharba Peter Coyle an 14 Meitheamh, 2013
Ciaran Byrne
Joan Maher

Baill Nach Comhairleoirí Iad
An Dr Philip Byrne
Sean Carey
Joe Harford
Ashley Connolly

### COISTE GAIRMOIDEACHAIS CHONTAE BHAILE ÁTHA CLIATH
Comhairleoirí
Ken Farrell
David McGuinness
Joan Maher
Gerry McGuire
Michael O'Donovan

Baill Nach Comhairleoirí Iad
Deirdre Doherty Ryan
Don Tipping
Pat Ward
Liz Kelly

## CUMANN NA GCOMHAIRLÍ CONTAE AGUS CATHRACH

Comhairleoirí
Eithne Loftus
Tom Kelleher
Michael O'Donovan

## ÚDARÁS RÉIGIÚNACH BHAILE ÁTHA CLIATH

Comhairleoirí
Peggy Hamill
Tháinig May McKeon i gcomharba Grainne Maguire an 9 Nollaig, 2013
Anne Devitt
Ciarán Byrne
Tháinig Peter Coyle i gcomharba Judy Dunne an 14 Meitheamh, 2013

## TIONÓL RÉIGIÚNACH AN DEISCIRT AGUS AN OIRTHIR

Comhairleoirí
Ciarán Byrne
Anne Devitt

## BORD FIONTAR CONTAE FHINE GALL

Comhairleoirí
Tháinig Peter Coyle i gcomharba Judy Dunne an 8 Iúil, 2013
Kieran Dennison
Gerry McGuire
Tháinig Grainne Maguire i gcomharba May McKeon an 9 Nollaig, 2013

## COMHAR-ÁRACHAS COMHAIRLÍ ÉIREANN TEO.

Comhairleoir
Mags Murray

## CUMANN BHAILL NA NÚDARÁS ÁITIÚIL

Comhairleoir
Mags Murray

## TURASÓIREACHT FHINE GALL TEORANTA

Comhairleoirí
Cian O'Callaghan (Méara) – Eanáir 2013 – Meitheamh 2013
Kieran Dennison (Méara) – Meitheamh 2013– Nollaig 2013
Tháinig Tom O'Leary i gcomharba Peter Coyle an 14 Meitheamh, 2013.

## NORTH DUBLIN DEVELOPMENT COALITION (NORDUBCO)

Comhairleoirí
Cian O'Callaghan (Méara) – Eanáir 2013 – Meitheamh 2013
Kieran Dennison (Méara) - Meitheamh 2013 – Nollaig 2013
Anne Devitt

## COITE COMHPHÁIRTÍOCHTA LEADER FHINE GALL

Comhairleoirí
Tháinig Gerry McGuire i gcomharba May McKeon an 9 Nollaig, 2013
Ciaran Byrne
Anne Devitt

## DUBLIN EMPLOYMENT PACT – GRÚPA POLASAÍ STRAITÉISIGH

Comhairleoirí
Michael O'Donovan

## COMHPHÁIRTÍOCHT LIMISTÉIR BHAILE BHLAINSÉIR

Comhairleoirí
Kieran Dennison
Peggy Hamill
Matthew Waine

## COISTE COMHAIRLEACH ÁITIÚIL UM CHÓIRÍOCHT DON LUCHT SIÚIL

Comhairleoirí
Anne Devitt
Eugene Coppinger
Cian O'Callaghan

## TASCFHÓRSA DRUGAÍ BHAILE BHLAINSÉIR

Comhairleoirí
Mary McCamley
David McGuinness

## COMHCHOIST COMHAIRLEACH BAINISTÍOCHTA FHINE GALL AGUS DHEISCEART NA CATHRACH-GHLEANN NA LIFE

Méara: Cian O'Callaghan (Méara) - Eanáir 2013 – Meitheamh 2013
Kieran Dennison (Méara) - Meitheamh 2013 – Nollaig 2013

***TOGHCHEANTAR CHAISLEÁN CNUCHA:***

Comhairleoirí
D'éirigh Peggy Hamill as an 28 Nollaig, 2013
Mags Murray
Matthew Waine
Eithne Loftus

***<u>TOGHCHEANTAR MHULLACH EADRAD:</u>***
**Comhairleoirí**
Ruth Coppinger
Michael O'Donovan
Kieran Dennison
David McGuinness
Mary McCamley

## FÓRAM NÁISIÚNTA UM FHORBAIRT TUAITHE
**Comhairleoir**
Ciarán Byrne

## COISTE IDIRCHAIDRIMH INLÍONTA BHAILE AMHLAOIBH
**Comhairleoirí**
Ken Farrell
Tháinig Grainne Maguire i gcomharba May McKeon an 9 Nollaig, 2013
Anne Devitt
Gerry McGuire

## FÓRAM OIDHREACHTA CONTAE
**Comhairleoirí**
David O'Connor
Tháinig Judy Dunne i gcomharba Peter Coyle an 8 Iúil 2013
Kieran Dennison
Tháinig Grainne Maguire i gcomharba May McKeon an 9 Nollaig, 2013
Mags Murray

## FÓRAM LIMISTÉIR IMILL THUAIDH
**Comhairleoirí**
Cian O'Callaghan
Joan Maher
Tháinig Judy Dunne i gcomharba Peter Coyle an 14 Meitheamh, 2013
Eoghan O'Brien

## FÓRAM RÉIGIÚNACH SLÁINTE BHAILE ÁTHA CLIATH AGUS AN OIRTHUAISCIT
**Comhairleoirí**
Tháinig Grainne Maguire i gcomharba May McKeon an 9 Nollaig, 2013
Mags Murray
Eithne Loftus
Gerry McGuire
Anne Devitt
Kieran Dennison

## GRÚPA STIÚRTHA SDZ PHÁIRC HANS

**Comhairleoirí**
Ruth Coppinger
Michael O'Donovan
Mary McCamley
David McGuinness
Kieran Dennison

## GRÚPA COMHTHÁITE IOMPAIR FHINE GALL

**Comhairleoir**
Mags Murray

## COMHCHOISTE PÓILÍNEACHTA

**Comhairleoirí**
Cian O'Callaghan (Méara) - Eanáir 2013 – Meitheamh 2013
Kieran Dennison (Méara) - Meitheamh 2013 – Nollaig 2013
Mags Murray
Peggy Hamill
David O'Connor
Eithne Loftus
Kieran Dennison
Matthew Waine
Michael O'Donovan
Mary McCamley
Tháinig Judy Dunne i gcomharba Peter Coyle an 14 Meitheamh, 2013
Anthony Lavin
Eugene Coppinger

## COISTE COMHPHÁIRTÍOCHTA SPÓIRT FHINE GALL

**Comhairleoirí**
Anne Devitt
Eoghan O'Brien
David O'Connor

## IONAD FIONTAR DHRAIGHNEÁIN

**Comhairleoirí**
Gerry McGuire
Anthony Lavin

## LÍONRA IMILL CATHRACHA

**Comhairleoir**
Joan Maher

## FÓRAM PÓILÍNEACHTA POBAIL BHAILE BRIGÍN
Comhairleoirí
Ciarán Byrne
D'éirigh May McKeon as ar an 22 Samhain, 2013

## DRAIOCHT
Comhairleoir
Peggy Hamill

## TASCFHÓSA DRUGAÍ BHAILE ÁTHA CLIATH THOIR-THUAIDH
Comhairleoir
Cian O'Callaghan

## AIRPORT REGIONS CONFERENCE (ARC)
Comhairleoir
Ciaran Byrne

## NUCLEAR FREE LOCAL AUTHORITY
Councillor
Michael O'Donovan

## LES RENCONTRES
Comhairleoir
Tom Kelleher

## ÚDARÁS RIALAITHE OLLSCOIL CHATHAIR BHAILE ÁTHA CLIATH
Comhairleoir
Ciaran Byrne

## FÓRAM PÓILÍNEACHTA POBAIL BHAILE BHLAINSÉIR
Comhairleoirí
Mary McCamley
Mags Murray

## CAISLEÁN & GAIRDÍNÍ MHULLACH ÍDE TEORANTA
Comhairleoir
Tháinig Anthony Lavin i gcomharba Peter Coyle an 8 Iúil, 2013.

## BORD MONATÓIREACHTA LE HAGHAIDH AN TIONSCADAIL INTERREG IVC
Comhairleoir
Tom Kelleher

## GRÚPA FORFHEIDHMITHE FHEARANN POIBLÍ BHAILE BRIGÍN
Comhairleoir
Ciaran Byrne



## COMHAIRLE BAILE BHAILE BRIGÍN

Tá stair fhada seirbhíse ag Comhairle Baile Bhaile Bhrigín (Coimisinéirí Baile mar a bhí roimh 2002), a thosaigh sa bhliain 1860.
Tá naoi gcinn de bhaill thofa ar an gComhairle a toghadh ar feadh téarma cúig bliana tar éis na dtoghchán áitiúil a reáchtáladh an 5 Meitheamh 2009:

Peadar O'Kelly (Cathaoirleach), Grainne Maguire (Leas-Cathaoirleach), Sean Brown, Monica Harford, Dermot Murray, Grainne Kilmurry, Terry Kelleher, Larry Dunne agus Frank Snowe.

Cuireann an Chomhairle ceannaireacht shibhialta ar fáil do mhuintir Bhaile Bhrigín. Déanann an Chomhairle ionadaíocht thar ceann mhuintir an bhaile maidir lena gcúiseanna imní agus a riachtanais le Comhairle Contae Fhine Gall, le Ranna Rialtais agus le Forais Reachtúla eile agus cuireann chun cinn an baile mar áit mhaith le bheith ag cónaí, ag obair agus chun cuairt a thabhairt uirthi.

Síneadh teorainn an bhaile i mí Feabhra 2009 ag teacht le fás an bhaile agus chun deis a thabhairt d'áitritheoirí nua Bhaile Brigín vóta a chaitheamh i dtoghcháin na Comhairle Baile. Is ionann daonra na limistéar riaracháin nua agus tuairim is 20,000.

Foilsíodh an Plean Fearainn Phoiblí "the Heart of Balbriggan" in 2012 agus ceann de na gníomhartha atá sonraithe sa Phlean ná straitéis a ullmhú do Shráid an Iarnróid. Cuireadh tús le próiseas de chomhairliúchán phoiblí in 2012 agus foilsíodh "Railway Street, cáipéis túis nua i mí na Samhna 2012. Cuireadh tús le hobair in 2013 chun Sráid an Iarnróid a chur chun cinn mar áit stairiúil i mBaile Brigín.

Reáchtáladh Ócáid Bhliantúil Ghradaim na Comhairle Baile a thug an deis don Chomhairle Baile daoine éagsúla a cheiliúradh, idir dhaoine aonair agus ghrúpaí, a rinne cion ar leith trí mheán a ngníomhartha chun mórtas agus saol an phobail sa bhaile a chur chun cinn. Roghnaítear faighteoirí na ngradam bunaithe ar ghnóthachtáil phearsanta nó ar iarracht foirne i réimsí amhail Spórt, Ealaín, Litríocht, Cultúr nó Seirbhís don Phobal.

Eagraíonn an Chomhairle Baile Paráid Lá le Pádraig sa bhaile agus glacann an Chomhairle páirt i maisiú an bhail don Nollaig i gcomhar le Comhlachas Tráchtála Bhaile Brigín. Chomh maith leis sin, cuireann an Chomhairle Baile feilte/imeachtaí chun cinn sa bhaile le linn na bliana.

Gineann an Chomhairle formhór a hioncam ó mhuirir bhaile a áirítear sa Bhille Rátaí Bliantúla a chuirtear chuig pobal gnó an bhaile.

Bíonn Bainisteoir an Bhaile agus Cléireach an Bhaile i mbun gnóthaí riaracháin Chomhairle Baile Bhaile Brigín i gcomhar leis an bhfoireann riaracháin i gComhairle Contae Fhine Gall. Is í Íde de Bairtiséil an Bainisteoir Baile. Is é Brian Murray Cléireach an Bhaile.

# SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA




**Deontas Ardoideachais**
Tá gach Iarratas NUA le haghaidh Deontais Ardoideachais don bhliain acadúil 2013/2014 a bpróiseáil ag Tacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn (SUSI). Tá gach Iarratas ar ATHNUACHAN ar dheontas don bhliain acadúil 2013/2014 á bpróiseáil ag Comhairle Contae Fhine Gall.

| | |
|---|---|
| Líon na nIarratas ar Athnuachan | 550 |
| Líon na nDeontas Athnuaite a Bronnadh | 361 |
| Caiteachais iomlán le haghaidh 2013 | €2,401,410.12 |

**Scéim na mBéilí Scoile**
Cuireadh béilí ar fáil do isteach is amach le 2,800 leanbh i 10 mBunscoil i limistéar Fhine Gall ar bhonn laethúil faoin scéim seo.

**Clár na dToghthóirí**
Foilsíodh Clár deiridh na dToghthóirí le haghaidh 2013/2014 ar an 01/02/2013
B'ionann líon iomlán na dToghthóirí ar an gclár deiridh agus 176,078.

Foilsíodh dréachtchlár toghthóirí le haghaidh 2014/2015 ar an 01/11/2013.
B'ionann líon iomlán na dtoghthóirí ar an dréachtchlár agus 177,610.

**Clár Leasaithe na dToghthóirí**
Foilsíodh clár leasaithe na dtoghthóirí ar an 1 Feabhra 2013 ar a raibh 17,553 ainm.

# AN RANNÁN SEIRBHÍSÍ RÉADMHAOINE

Déanann Rannán Seirbhísí Réadmhaoine na Comhairle réadmhaoin a fháil agus a dhiúscairt thar ceann Chomhairle Contae Fhine Gall agus déanann bainistiú ar réadmhaoin agus ar thailte atá faoi úinéireacht na Comhairle.

Éadáil Réadmhaoine:
Déantar tailte, réadmhaoin agus ceadanna slí a fháil chun críocha reachtúla éagsúla na Comhairle ar cheann de na bealaí seo a leanas:

- Comhaontú – Le linn 2013 lean an Rannóg Éadála Réadmhaoine den obair chun suíomhanna scoile a fháil agus a dhiúscairt de réir an Mheabhráin Tuisceana idir an Roinn Oideachais agus Scileanna agus Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach.

- Ordú Ceannaigh Éigeantaigh – Cuireadh Cúig Cinn d'Orduithe Ceannaigh Éigeantaigh faoi bhráid An Bord Pleanála agus dearbhaíodh iad uile ina dhiaidh sin.

- Ordú Motarbhealaigh – In 2013 leanadh leis an éadáil a bhí fós le déanamh faoi na Scéimeanna Mótarbhealaí.

- Gníomhas Tarscaoilte - Tailte arna bhfáil ón Aire Airgeadais i gcás go ndearnadh cuideachtaí a dhíscaoileadh

- Gníomhas Tíolactha. – Spás Oscailte faighte ó fhorbróirí.

Bainistiú Réadmhaoine
Sealbhóirí Chlár Maoine na Comhairle. Leanadh den obair ar an gClár Nua Leasa Réadmhaoie in 2013.

Slándáil agus cothabháil thailte/mhaoin na Comhairle.

Tailte na Comhairle a ligean ar cíos le haghaidh curaíochta agus inír le comhaontuithe conacra– tuairim is 800 acra ar cíos sa bhliain 2013.

Comhaontuithe Airígh agus maoin ligthe mar Áis Shealadach, ar maoin agus tailte iad nach bhfuil gá ag an gComhairle leo sa ghearrthéarma.

Cíos a bhailiú ó shiopaí cónaithe na Comhairle.

Diúscairt tailte nó maoine/ceadú ceadanna slí etc.

Tailte a ligean ar cíos le hEagraíochtaí Spóirt agus le Cuideachtaí Fóntais.

IARRATAIS SAORÁLA FAISNÉISE

| Iarratais faighte/próiseáilte in | 2013 | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| Iarratais faighte | 48 | 68 | 67 |
| Cinntí déanta | 41 | 66 | 63 |
| Iarratais ar láimh an 31 Nollaig | 7 | 2 | 4 |

| Cineál Faisnéise a Lorgaíodh | 2013 | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| Pearsanta (don iarratasóir) | 14 | 24 | 33 |
| Neamhphearsanta | 34 | 44 | 34 |
| Measctha | 0 | 0 | 0 |
| Ceadaithe | 27 | 35 | 23 |
| Páirtcheadaithe | 8 | 19 | 11 |
| Diúltaithe | 6 | 13 | 5 |
| Aistrithe | 0 | 0 | 0 |
| Tarraingthe Siar/Lasmuigh de SF | 2 | 3 | 24 |

| Achomhairc | 2013 | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| Achomhairc chuig an gCoimisinéir Faisnéise | 0 | 0 | 0 |

| Foinsí na nIarratas | 2013 | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| Iriseoirí | 0 | 3 | 3 |
| Gnó | 16 | 17 | 2 |
| Baill an Oireachtais/Údaráis Áitiúil | 0 | 1 | 0 |
| Eile/An Pobal i gCoitinne | 32 | 46 | 62 |
| Foireann | 0 | 1 | 0 |

| Gearáin Ombudsman | 2013 | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| Gearáin faighte | 12 | 10 | 4 |
| Gearáin freagartha | 12 | 10 | 4 |

| Ábhar na nGearán | | | |
|---|---|---|---|
| Pleanáil | 1 | 0 | 1 |
| Oibríochtaí | 0 | 1 | 0 |
| Tithíocht | 8 | 3 | 0 |
| Airgeadas | 0 | 0 | 1 |
| Seirbhísí Uisce | 0 | 2 | 1 |
| Pobal, Áineas & Conláistí | 0 | 0 | 2 |
| Comhshaol, Gnó & Fiontar | 1 | 3 | 0 |
| Seirbhísí Réadmhaoine | 1 | 0 | 0 |
| Gnóthaí Corparáideacha | 1 | 0 | 1 |

| Gearáin faoin gCairt do Shaoránaigh | 2013 | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| Gearáin faighte | 11 | 9 | 1 |
| Gearáin a freagraíodh | 11 | 9 | 1 |

| Ábhar na nGearán | | | |
|---|---|---|---|
| Pleanáil | 0 | 0 | 0 |
| Oibríochtaí | 1 | 0 | 0 |
| Tithíocht | 6 | 1 | 0 |
| Airgeadas | 1 | 0 | 0 |
| Seirbhísí Uisce | 1 | 0 | 0 |
| Pobal, Áineas & Conláistí | 0 | 0 | 0 |
| Comhshaol, Gnó & Fiontar | 2 | 0 | 3 |
| Seirbhísí Réadmhaoine | 0 | 0 | 0 |
| Gnóthaí Corparáideacha | 0 | 0 | 0 |

# AN TAONAD UM INIÚCHÓIREACHT INMHEÁNACH

Le linn 2013, chuir an tAonad seo dearbhú ar fáil don Bhainisteoir Contae maidir le go bhfuil córas um Rialú Inmheánach ag an gComhairle agus go bhfuil an córas sin imleor, éifeachtach. Chomh  maith leis sin, chuidigh an tAonad um Iniúchóireacht Inmheánach le Rannóga trí iniúchóireachtaí a dhéanamh, meastóireacht a dhéanamh agus tuairisciú ar ghnéithe de chórais um rialú inmheánach agus moltaí a dhéanamh maidir le feabhsúcháin le déanamh i gcás go raibh gá leo. D'áirigh na Tuairiscí seo "Measúnú Riosca" i gcás gur iomchuí é

Mar chuid dá chroíghníomhaíocht rinne an tAonad seiceálacha Géilliúlachta i roinnt Rannóg. Cuimsíodh iadsan i dtuarascálacha maidir le Tíosacht, Éifeachtacht agus Críochnúlacht laistigh den eagraíocht.

De bhreis air sin, rinne an tAonad na nithe seo a leanas:

- Chuir i gcrích Roinnt Iniúchóireachtaí Speisialta
- Lean ag cur chun cinn choincheap an Bhainistithe Riosca
- Lean le próiseas na seiceálacha Iniúchóireachta de "Chonradh Comhpháirtíochta"
- Rinne idirchaidreamh le hIniúchóir an Rialtais Áitiúil
- Rinne idirchaidreamh le Coiste Iniúchóireachta na Comhairle.
- Chuir chun cinn an coincheap Luach ar Airgead agus Éifeachtaí a bhaint amach i dtionscnaimh
- Lean ar aghaidh ag leagan béim ar luach an Rialachais Chorparáidigh mhaith

Chuir an Coiste Iniúchóireachta tús le hathbhreithniú iomlán ar an gclár riosca i mí na Nollag 2013.

## AONAD NA NIMEACHTAÍ:

Déanann Aonad na nImeachtaí an Chomhairle a chur chun cinn i measc an phobail i gcoitinne agus téann a lán grúpaí pobail/deonacha chuig an gComhairle chun comhairle/cúnamh a fháil má tá sé i gceist acu imeachtaí a óstáil. Ag eascairt ó ócáid an Tóirse Oilimpigh in 2012 bronnadh Gradam Imeachtaí an Tionscail ar Aonad na nImeachtaí as an méid a dhéanann an tAonad ar bhonn leanúnach mar bhealach chun cuspóirí gnó a bhaint amach.

Tá foireann oilte againn a oibríonn le roinnt ranna éagsúla sa Chomhairle i gcomhar le grúpaí pobail, grúpaí deonacha, leis an gCosaint Shibhialta agus le forais reachtúla eile chun imeachtaí a reáchtáil.

Ar bhonn corparáideach bhí ionchur/ról ag Comhairle Contae Fhine Gall i mbreis is 400 imeacht  in 2013.
Seo a leanas roinnt díobhsan:

- Féile Lá le Pádraig





- Comhdháil Les Recontres
- Féile Cheoil Spring Break
- Féile Chlocháin Bhá BÁC i mBinn Éadair
- Féile Scannán Fhine Gall
- Craobhchomórtas Foirne Lúthchleasaíochta na hEorpa



- Rás Bóthair
  10K Fhine Gall






- Peil Powerchair
- Féile Pheile Fhine Gall
- Cluiche Idirnáisiúnta Cruicéid, Mullach Íde
- Flavours of Fingal
- Snagcheol an Fhómhair (Baile Brigín)
- Soilse Nollag Shoird/Bhaile Brigín









*Soilse Nollag Shoird*





*Soilse Nollag Bhaile Brigín*

Grúpa Comhairle Sábháilteachta

Bunaíodh Grúpa Comhairle Sábháilteachta Fhine Gall ag deireadh 2011 agus seo a leanas a bhíonn ar bun ag an ngrúpa sin:

- Cuireann comhairle agus tacaíocht ar fáil maidir le sábháilteacht sluaite ag imeachtaí (go háirithe do ghrúpaí pobail/deonacha)
- Cuireann moltaí ar fáil maidir le sábháilteacht phoiblí
- Déanann tathant ar eagraithe imeachtaí bheith ag plé leis an ngrúpa comhairle sábháilteachta
- Foinsí trí oideachais, treoir agus dea-chleachtas níos sábháilte agus níos taitneamhaí a chur ar fáil d'imeachtaí ina bhfuil a lán daoine ag teacht le chéile

Lean Aonad na nImeachtaí ar twitter@EVENTSinFingal.

# AN OIFIG CHUMARSÁIDE

Tá an Oifig Chumarsáide freagrach as déileáil le fiosruithe ó na meáin áitiúla agus náisiúnta, as bainistiú a dhéanamh ar fhógraíocht agus as maoirseacht a dhéanamh ar chumarsáid chorparáideach thar ceann Chomhairle Contae Fhine Gall. Cuireann an tAonad seo comhairle ar fáil don fhoireann maidir le freagracht Chomhairle Contae Fhine Gall mar chomhlacht poiblí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla.

In 2013 d'eisigh an Fhoireann Chumarsáide preaseisiúintí, foláirimh nuachta, fiosruithe ó mheáin áitiúla agus náisiúnta agus fiosruithe ar Twitter agus Facebook. Táirgeadh 5 Nuachtlitir Foirne (The Raven) agus scaipeadh iad ar fhoireann na Comhairle. Táirgeadh 4 heagrán de Fingal News, nuachtlitir chorparáideach Chomhairle Contae Fhine Gall agus dáileadh iadsan.







Cuidigh úsáid na gcuntas meáin shóisialta chorparáidigh leis na gcomhairle feabhas a chuar ar chumarsáid na comhairle, go háirithe tráth a raibh éaradh seirbhís nó drochaimsir ann i.e. cur isteach ar sholáthar uisce nó tuilte. Cuirtear é seo ar fáil lasmuigh d'uaireanta oifige agus leanfaidh sé in 2014.

Mar chuid de Plean Móréigeandála na Comhairle, lean an fhoireann Chumarsáide ag comhlíonadh an róil acu mar Oifigigh Idirchaidrimh Meáin le haghaidh oiliúna agus cleachtaí thar ceann Chomhairle Contae Fhine Gall i gcás go ndearbhófaí go bhfuil éigeandáil ann, agus de réir an Chreata Náisiúnta.

Seoladh suíomh gréasáin nua corparáideach www.fingal.ie i mí Dheireadh Fómhair 2013 agus anois déantar é a bhainistiú go lárnach san oifig Chumarsáide, a dhéanann bainistiú freisin ar na cuntais Chorparáidigh Twitter agus Facebook.
Rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar bhranda Fhine Gall in 2013 agus lean an fhoireann san Oifig Chumarsáide ag bainistiú chur i bhfeidhm an athbhreithnithe sin.

In 2013 aontaíodh straitéis don Chumarsáid Inmheánach agus cuireadh i bhfeidhm plean gnímh tar éis suirbhé foirne a dhéanamh. Mar chuid den phlean seo, cuireadh isteach trí cinn déag de Scáileáin Faisnéise don Fhoireann Inmheánach sna ceaintíní agus san seomraí sosa ar fud na Comhairle. Cuireadh le fad na nuachtlitreach foirne The Raven agus cuirtear é ar fáil ar bhonn níos rialta anois.

Chun a chinntiú go mbeadh seirbhís iomlán, éifeachtach meán ann do ghníomhaíocht sna meáin chlóite, craoltóireachta agus meáin shóisialta, comhaontaíodh pacáiste nua le Kantar Media i mí na Nollag 2013.

### Scéim Teanga Údaráis Áitiúla Fhine Gall

Ullmhaíodh Scéim Teanga Fhine Gall 2006- 2009 de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus dhearbhaigh an tAire í in 2006.

Le linn 2013 thug an Chomhairle freagra ar 7 bhfiosrú ón gCoimisinéir Teanga. Dréachtaíodh an dara scéim teanga in 2013 agus cuirfear í faoi bhráid na Roinne lena faomhadh in 2014.

## COMHPHÁIRTÍOCHT AR AN LÁTHAIR OIBRE

Bhí Coiste Comhpháirtíocht Láithreach Oibre Fhine Gall i mbun na dtionscadal agus na dtionscnamh seo a leanas le linn 2013.

- Reáchtáladh an 3ú Searmanas Cuimhneacháin d'Fhoireann Fhine Gall nach maireann.
- Seoladh an cháipéis "Dignity at Work".
- Earcaíodh agus bainistíodh imeachtaí chun ardú meanma a thabhairt don fhoireann lena n-áirítear ionadaíocht i bParáid Lá le Pádraig i Sord, dearadh agus cló féilire foirne ag taispeáint an obair mhaith atá déanta ag Foireann Fhine Gall.
- Eagraíodh comórtais don fhoireann chun cuidiú le hardú meanma a spreagadh san eagraíocht.
- Cuireadh tús leis an dara Clár Foghlama Leanúnaí FETAC Leibhéal 4 don Fhoireann go léir.
- Eagraíodh an tSeachtain Sláinte & Sábháilteachta lena n-áirítear Siúlóid Urraithe chun tacaíocht a sholáthar d'Oispís Bhaile Bhlainséir.

- Eagraíodh agus forbróidh cúrsaí chun oiliúint a sholáthar don fhoireann allamuigh chun cuidiú leo dul chun cinn a dhéanamh ina ngairmeacha.

- Eagraíodh agus rinneadh comhordú ar Clár píolótach don Idirbhliain.

- Tacaíodh agus éascaíodh obair na nGrúpaí Comhpháirtíochta áitiúla ar an Láthair Oibre.

- Tacaíodh le táirgeadh leanúnach nuachtlitir na foirne “The Raven”.

Chomh maith leis sin, d’éascaigh an Coiste Grúpaí agus Foghrúpaí sna gníomhaíochtaí seo a leanas le linn 2013:

- Grúpa Oibre Méala.
- Sláinte agus Sábháilteacht.
- Meanma na Foirne/Let’s Make it Better
- Comhionanna
- Breisoideachas.



*Searmanas Cuimhneacháin d’Fhoireann Nach Maireann.*

# Roinn na nAiltirí:

Sholáthair Rannóg na nAiltirí seirbhísí i réimsí amhail dearadh ailtireachta, caomhnú, dearadh uirbeach agus soláthar foirgnimh agus suirbhéireacht chainníochta do gach rannóg den Chomhairle le linn 2013. D'athraigh an pátrún oibre go suntasach le roinnt blianta anuas agus an bhéim ag aistriú ó sholáthar tithíochta sóisialta nua chuig feabhas a chur ar fhabraic ár stoic reatha tithíochta; díriú ar fhoirgnimh phoiblí agus phobail; agus obair ar sheirbhísí comhroinnte le roinnt údarás áitiúil eile.


## FOIRGNIMH SHIBHIALTA AGUS FOIRGNIMH FAOI ÚINÉIREACHT NA COMHAIRLE

### Suíomhanna Scoile – Tionscadail phíolótacha – Saoráidí feabhsaithe d'úsáid choiteann

Leann an Roinn seo leis an idirchaidreamh leis an Roinn Áineasa agus Conláistí Pobail ag déileáil le saincheisteanna a bhain le tionscadail tar éis iad a chur i gcrích.

### Caisleán Mhullach Íde

Rinne an Roinn uasghrádú ar sheomraí codlata dara hurlár an chaisleáin; suiteáladh soilsiú lasmuigh sna tailte agus sa charrchlós. Cuireadh tús le hobair ar chaomhnú agus ar dheisiú na bhfuinneog sa chaisleán. Cuireadh na hoibreacha ar chóras teasa an chaisleáin i gcrích i dteach gloine Cambridge.



*Seomraí Codlata an chaisleáin*



*Tionscadal Tí Ghloine*

Leabharlann Dhomhnach Bat/Phort Reachrann
Tugadh cuireadh chun tairisceana don fheistiú sa tionscadal seo in 2013 agus cuireadh tús leis an obair feistithe i mí Dheireadh Fómhair 2014.





*Leabharlann Dhomhnach Bat/Phort Reachrann*

Ionad Pobail Choill na Giúise
D'ullmhaigh an Roinn cáipéisí tairisceana d'athchóiriú agus mionathruithe iar-dóiteáin ar an bhfoirgneamh seo in 2013. Lorgófar tairiscintí don obair thógála go luath in 2014.

Teachín Tuaithe Devine, Lusca
Fuair an Roinn cead pleanála Chuid XI le mionathruithe a dhéanamh agus síneadh a chur leis an teach seo ionas go mbeifí in ann é a úsáid mar shaoráid phobail.

Iostaí
Lean an Roinn den obair leis an Roinn Oibríochtaí chun comhdhlúthú agus atheagrú a dhéanamh ar iostaí seirbhísí na Comhairle ag Fancourt – cuireadh i gcrích athchóiriú an fhoirgnimh oifigí agus an charrchlóis nua; Lána an Uisce – cuireadh i gcrích scioból nua salainn; agus lorgaíodh sonraíochtaí don obair ag iostaí Chúil Mhín agus Dhroichead an Chorraigh.

Ionad Spóirt Dhraighneáin
Cuireadh i gcrích an chéad chéime den charrchlós i mí Feabhra 2013. Leanadh leis an dearadh mionsonrach don phríomhfhoirgneamh le linn 2013; cuireadh tús le hullmhú na gcáipéisí tairisceana ag féachaint le tairiscintí a lorg i gcéad ráithe 2014.

Diméin an Droichid Nua
Fuarthas toiliú pleanála Chuid XI le go ndéanfaí obair ar chlós don tsaoráid nua leithris do chuairteoirí. Cuireadh i gcrích foirgneamh nua na leithreas i mí na Samhna 2013.



*Feirm an Droichid Nua – foirgneamh nua na leithreas.*

**Both Faisnéise do Thurasóirí i mBinn Éadair**
Tá an dearadh agus an déantúsaíocht i gcrích agus táthar ag feitheamh le ceadúnas sula gcuirfear an both in airde ar an suíomh.

## TITHÍOCHT

Lean Rannóg na nAiltirí ag tairiscint seirbhísí gairmiúla don Rannóg Tithíochta le linn 2013.

**Tithíocht Curtha i gCrích**
Rinne an Roinn maoirseacht ar an obair ar chéim dheireanach athchóiriú na dtithe in Eastát Radharc Bheanna Boirche sna Sceirí in 2013.

**Scéimeanna dá nUllmhú**
Bhí obair ar siúl le linn 2013 ar staidéir féidearthacht le haghaidh roinnt scéimeanna. Táthar ag úsáid réitigh seachas tógáil nua mar mhodh chun tithíocht shóisialta a sholáthar.

**Leasúchán Piríte**
Rinne Roinn na nAiltirí measúnú ar an ngá le hobair leasúcháin piríte ag Síneadh Ascaill Dhroim Fraoigh, tugadh cuireadh chun tairisceana; agus i gcomhar leis an Roinn Tithíochta rinne bainistiú ar an obair a thosaigh i mí Bealtaine agus a cuireadh i gcrích i mí Mheán Fómhair. Cuireadh an obair i gcrích faoin spriocdháta agus laistigh den bhuiséad a socraíodh.

**Cigireachtaí Chuid V-**
Cuireadh comhairle ar fáil, rinneadh cigireachtaí agus deisiúcháin mar a d'iarr an Roinn Tithíochta.

**Athruithe agus sínte tithe agus oibreacha beaga -**
Cuireadh i gcrích 21 chithfholctha nua inrochtana, suiteáladh 26 ardaitheoir staighre nua agus rinneadh athsholáthar do 3 cinn eile, rinneadh 2 mhionathrú ilchineálach agus cuireadh síneadh le 3 áitreabh do dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta acu in 2013.

**Cothabháil Tithíochta**
Lean an Rannóg ag bainistiú chothabháil stoc na Comhairle de 4,482 áitreabh; ag freastal ar bhreis is 9,850 iarratas ar dheisiúchán (lena n-áirítear iarratais ón Aonad um Chóiríocht don Lucht Siúil), chomh maith le cothabháil sceidealaithe sheachtrach agus deisiúcháin i mbreis is 950 áitreabh; agus cothabháil teasa do bhreis is 3,000 áitreabh.
Deisíodh 167 teach folamh sular cuireadh iad ar cíos arís sa bhliain 2013. Rinneadh uasghrádú suntasach ar na tithe seo chun feabhas a chur ar éifeachtacht fuinnimh.

Oibreacha chun Feabhas a Chur ar Éifeachtacht Fuinnimh
D'oibrigh Roinn na nAiltirí, i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, chun freagairt do ghlao eile ar thógfaí ó SEAI chun feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh áitribh na Comhairle. Fuair an Chomhairle breis is €482,000 chun athsholáthar a dhéanamar fhuinneoga dégloiithe (72 teach, go príomha i stoc Áitreabh na Comhairle do Dhaoine Scothaosta agus insliú ar phoill agus ar dhíonta i 2,000 teach. Chuir an Chomhairle maoiniú breise ar fáil d'oibreacha athsholáthair agus inslithe. Mar thoradh ar obair na Comhairle chun feabhas a chur ar éifeachtacht fuinnimh in 2013 meastar gur sábháldh 3.92 Gigeavata/Uair don bhliain 2012-2013.

## SEIRBHÍSÍ COMHAIRLEOIREACHTA

Chuir Roinn na nAitirí seirbhísí comhairleoireachta ailtireachta ar fáil maidir le forbairt dearaidh d'oibreacha rochtana agus do dheisiúcháin ar Chaisleán Bhaile Átha Fhirdhia do Chomhairle Contae Lú. Fuarthas cead pleanála don scéim athnuachana ag Páirc Aisling do Chomhairle Baile Dhún Dealgan agus ullmhaíodh an cháipéis tairisceana don chéad chéim den tionscadal (14 theach).
Chomh maith leis sin, chuir an Roinn seirbhísí comhairleoireachta ar fáil maidir le hionad spóirt agus fóillíochta ag an Muileann gCearr do Chomhairle Contae na hIarmhí; chuir sí comhairle ar fáil maidir le soláthar do chomhairleoirí le haghaidh oifigí nua san Uaimh do Chomhairle Contae na Mí; agus chuir cúnamh ar fáil sa mheasúnú tairisceana d'ionad nua pobail do Chomhairle Contae na Gaillimhe.

## SEIRBHÍSÍ EILE

Chomh maith lena bhfuil sonraithe thuas, thairg an Rannóg seirbhísí, comhairle nó tuairimí maidir le tástáil radóin; déileáil le pirít; seirbhísí mapála ceannaigh (47 le BER); iarratais ar chead slí; rátáil teasa d'fhoirgnimh (472 san iomlán agus 49 déanta ag an gcomhairle féin); agus ceadanna chun go ndéanfadh tionóntaí mionathruithe; Lean an Rannóg ag soláthar cigireachtaí agus tuarascálacha faoi fhoirgnimh dhainséaracha, de réir mar ba ghá, le linn 2013.

## SUIRBHÉIREACHT CHAINNÍOCHTA, COSTPHLEANÁIL AGUS RIALÚ COSTAIS

Chuir an Roinn seirbhísí suirbhéireachta cainníochta, costphleanála agus rialaithe costais ar fáil ar seirbhísí iad a bhaint le gach ceann de na tionscadail atá liostáilte sa tuarascáil seo. Bhí an creat d'oibreacha beaga an-éifeachtach ó thaobh an tsoláthair thráthúil de ar líon níos mó d'oibreacha beaga a cuireadh ar fáil in 2013. Cuireadh comhairle soláthar agus teimpléid tairisceana ar fáil do raon sraithchonarthaí agus creat do Chomhairle Contae Fhine Gall agus do ghníomhaireachtaí eile.

## CAOMHANTAS

Chuir an tOifigeach Caomhantais comhairle agus tuarascálacha ar fáil maidir leo seo a leanas:

- Athbhreithniú Leanúnach ar Thionscadal Bhunachar Sonraí Thaifead na Struchtúr faoi Chosaint (i gcomhar leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta)
- Ráitis Charachtair do Limistéir Chaomhantais Ailtireachta do St. Ita's, Port Reachrann
- Plean Caomhantais an Droichid Nua agus Athbhreithniú ar Shuirbhé Cinn Tuí Fhine Gall
- Tuarascálacha Comhad Pleanála & Cruinnithe Míosúla Comhad Pleanála agus comhairliúcháin réamhphleanála
- Forbairt neamhúdaraithe, cur i mbaol agus faillí Struchtúr faoi Chosaint
- Comhairle faoi Chaomhantas d'úinéirí maidir le hoibreacha ar fhoirgnimh stairiúla
- Grúpa Cuimhneacháin (Mílaois 1014)
- Plean Oibríochtúil do Chaisleán Shoird agus do Chaisleán Bhrí Mhór
- Coiste Foirgneamh Stairiúil a Bhunú (i gcomhar leis an Roinn EOG)
- Straitéis Fearainn Phoiblí Mhullach Íde
- An Ciste do Struchtúir i mBaol
- Iniúchadh agus forbairt a dhéanamh ar fhoinsí maoiniúcháin do chaomhantas ailtireachta (taighde ar chistí struchtúracha an AE, togra le aghaidh scéim mhaoiniúcháin CCFG agus an tionscadal féideartha LEADER)

## PLEANÁIL AGUS DEARADH UIRBEACH

### Pleananna Limistéir Áitiúil

Chuidigh Roinn na nAiltirí leis an Roinn Pleanála chun Plean Limistéir a ullmhú le haghaidh Steach Póilín/Bhaile Dúill (Bealtaine 2013); agus Plean Limistéir Áitiúil do Phort Mearnóg Theas (Iúil 2013).

### Staidéir Fearainn Phoiblí

Chuir an Roinn i gcrích Staidéar Fearainn Phoiblí, cuireadh é ar an ngearrliosta le haghaidh duaise de chuid IPI i mBaile Brigín agus lean lena rannpháirtíocht sa Phlean Forfheidhmiúcháin.



*Staidéar Fearainn Phoiblí Bhaile Brigín– Sráid an Iarnróid*

Cuireadh i gcrích an tuarascáil don Staidéar Fearainn Phoiblí i Mullach Íde agus táthar ag ullmhú anois an 'aip' a bhaineann leis agus na treoracha don dearadh.



*Straitéis Fearainn Phoiblí Mhullach Íde*

Tuarascálacha Ailtireachta -
Scríobh an Roinn tuarascálacha maidir le hábhar ailtireachta i ndáil le roinnt forbairtí suntasacha príobháideacha atá á moladh sa Chontae agus ghlac páirt i gcruinnithe réamhphleanála ar iarratas ón Roinn Pleanála.

# An Rannán Pobail, Cultúir & Spóirt:

Tá gníomhaíochtaí agus na cláir oibríochtúla na nOifigí Pobail, Spóirt agus Ealaíon atá sonraithe thíos, nasctha go dlúth lena chéile sa mhéid go n-aithnítear go bhfuil gach ceann bainteach go sonrach le forbairt pobail.

## OIFIG FORBARTHA POBAIL

D'oibrigh Oifigigh an Rannáin um Fhorbairt Pobail ar roinnt clár éagsúil agus thacaigh le raon eagraíochtaí pobail le linn 2013. Chuir foireann pháirce seirbhís chuimsitheach tacaíochta agus chomhairleach ar fáil d'fhorais dheonacha phobalbhunaithe – foireann a oibríonn go dlúth lena chéile agus a théann i ngleic le riachtanais na ngrúpaí.

Bhí páirt ag na 5 aonad san Oifig Pobail i soláthar roinnt clár agus gníomhaíochtaí sa bhliain 2013. D'oibrigh na hAonaid seo le 90 grúpa tosaíochta ar bhonn míosúil.

**Saoráidí Pobail**
Bíonn ról ag na hAonaid seo i dtacú le forbairt na bainistíochta áitiúla agus na struchtúr oibríochtúil a dhéanann maoirseacht ó lá go lá ar fheidhmiú na Saoráidí Aonair Pobail agus sa Saoráidí Roinnte Pobail.




*Oscailt Oifigiúil Ghairdín Pobail an Mhóinéir Leathain, Meán Fómhair 2013*

In 2013 thacaíomar le cur i bhfeidhm, socrú agus oscailt na Saoráide Roinnte Pobail i bParóiste Bhríde, Caisleán Cnucha. In 2012/13 cuireadh i gcrích an chéad chéim d'fheidhmiú Ionaid Phobail an Tobair Naofa agus Bhaile an Phléimeannaigh. Chomh maith leis sin, chuir na hOifigigh Phobail tacaíocht ar fáil sa Bhainistiú Cáilíochta faoi Chlár Iniúchóireahta KPI, Forbairt Pobail agus Úsáid Phobail faoin gClár First Steps do na 5 Shaoráid Scoile eile i bhFine Gall ag Baile an Tirialaigh, Ongar, Coill na nÚll, Baile an Diosualaigh agus Teach Chainnigh.




*Oscailt Oifigiúíl Ionad Pobail an Tobair Naofa, 2013.*

Sna 19 Saoráid Roinnt Bhreise Aonair thosaigh na hOifigigh Phobail ag cur i bhfeidhm an chláir Frist Steps agus an Chlár um Bainistiú Cáilíochta 2013. Tacaíonn na hOifigigh Phobail le coistí bainistíochta deonacha sna hIonaid Phobail chun a róil a chur i bhfeidhm go héifeachtach. Chuir siad eolas, meantóireacht, comhairle agus samhlacha dea-chleachtais ar fáil i ndisciplíní éagsúla. D'oibrigh na hAonaid le gach saoráid phobail chun leas a bhaint as maoiniú cúnaimh bainistíochta na Comhairle.

**Forbairt agus Rannpháirtíocht Pobail**

Inár n-obair Forbartha Pobail dírímid ar thacú le grúpaí pobail agus deonacha i bhFine Gall chun athruithe a dhéanamh agus comhrac i gcoinne an eisiaimh shóisialta laistigh dá bpobail féin. In 2013, chuir na hAonaid tacaí ar fáil amhail seirbhísí oiliúna, eolais agus meantóireachta dár 120 grúpa deonach agus pobail. Chuir an tAonad **40** clár oideachais pobail ar fáil do **790** rannpháirtí maidir le feidhmiú ar choistí.




*Fóram Imeasctha Bhaile Brigín, Buaiteoir Foriomlán sa Chatagóir 'Grúpa Pobail na Bliana'*

Tá ról lárnach ag an Oifig phobail i bhforbairt agus i dtacú le líonraí téamacha. In 2013 d'oibríomar le Líonraí Eitneacha, Seanóirí, Míchumais agus Comhshaoil. Thacaíomar le Fóram Pobail agus Deonach Fhine Gall.

In 2013 lean an Oifig Forbartha Pobail ag tacú leis an tionscnamh Age Friendly i bhFine Gall agus chun tionscnaimh aois-oiriúnacha a sholáthar mar shampla Digitise the Nation, na Cláir Sláinte, Aclaíochta agus Folláine, an clár Stretch and Relaxation, dhá Sheimineár Faisnéise do Sheanóirí agus forbairt agus tabhairt isteach an tionscnaimh Baile Age Friendly sna Sceirí.

**Maoiniú**
Seo a leanas an Maoiniú a chuireadh ar fáil d'Eagraíochtaí Pobail agus Deonacha in 2013:

| Iomlán an Mhaoiniúcháin do Ghníomhaíochtaí sa Limistéar | Gníomhaíochtaí (Tionscadail Ghinearálta agus Samhraidh) | Ealaíona | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Iomlán | €57,008.50 | €70,050.00 | €127,058.50 |

In 2013, measadh gur ghlac breis is 5000 duine óg páirt i dTionscadail Samhraidh ar cuireadh maoiniú ar fáil dóibh.

Cuireadh cúnamh airgeadais ar fáil do 19 Saoráid ó chiste de €237,500 a leithdháileadh le haghaidh Cúnamh Bainistíochta.

## OIFIG SPÓIRT

Bhí an Oifig Spóirt páirteach i roinnt clár spóirt agus gníomhaíochta fisicí i rith na bliana agus d'oibrigh go dlúth, agus i gcomhar, leis an Oifig Pobail..

Chuir an Oifig Spóirt, atá ina chuid de líonra Comhpháirtíochta Spóirt Áitiúil Chomhairle Spóirt na hÉireann, 600 clár do bhreis is 53,000 rannpháirtí, ag obair le 1,482 club, eagraíocht agus scoil. Seo roinnt de na buaicphointí:

**Clár Cleachtaidh Spóirt (Sportscon)**
Lean an Oifig ag tairiscint an chláir Sportscon i mBunscoileanna agus i suíomhanna eile. Is éard atá i Sportscon ná modúl speisialaithe oiliúna arna fhorbairt do leanaí de gach aois agus cumas, chun feabhas a chur ar scileanna bunúsacha gluaiseachta trí ghleacaíocht agus cluichí spraíúla. Déantar múinteoirí agus oibrithe deonacha a oiliúint chun an clár Sports Con mhúineadh, agus ar an gcaoi sin is féidir an clár leanúint ar aghaidh i roinnt mhaith scoileanna. In 2013, cuireadh an clár ar fáil i 24 bunscoil le tástáil phíolótach in dhá iar-bhunscoil agus ghlac tuairim is 2,720 dalta páirt sa chlár. Anuas air sin, ghlac 60 múinteoir ó 12 scoil i gceardlann speisialaithe oiliúna. Ghlac 44 grúpa pobail sa chlár mar ar cuireadh oiliúint ar fáil do 605 oibrí deonach agus ball foirne, 65 cóitseálaí ó 18 gclub spóirt i gceardlanna. Fuair 20 cúramóir agus oibrí deonach breise oiliúint i múineadh Sports Con.




*Cúrsa do Mhúinteoirí sa Chorr Dhubh.*

'Sporting Facts'
Is éard is Sporting Facts ann ná clár oideachais ina bhfuil Sports Con mar bhonn le gach seisiún gníomhaíochta a reáchtáiltear in éineacht le gnáthmhodúil ranga agus úsáidtear quizeanna spraíúla a bhfuil mar aidhm leo a mhúineadh do leanaí bunscoile go bhfuil a lán buntáistí le baint as spórt, as gníomhaíocht fhisiceach agus as stíl bheatha shláintiúil. Cuireadh an clár ar fáil i 24 bunscoil do 2,220 leanbh a ghlac páirt sa chlár.

Spórt Scoile & Óige
Le linn 2013, d'eagraigh agus sholáthair an Oifig gníomhaíochtaí éagsúla spóirt.

D'eagraigh an Oifig blitzchomórtais Sacair agus Rugbaí Leaiste, léig cruicéid laistigh, imeachtaí Bunscoile ar fud na tíre agus blitzchomóras badmantain. Tugadh isteach tionscadal "kidgloves", dírithe ar bhuachaillí agus cailíní 9 – 13 bliana d'aois, chun taithí éigin a thabhairt dóibh ar dhornálaíocht.

Reáchtáladh Sacar Oíche, i gcomhar leis an FAI agus leis na Gardaí Áitiúla Pobail, agus ghlac 524 duine óg páirt ann gach seachtain, i gceithre ionad. Faoin gclár seo, a reáchtáiltear idir 9 – 11 pm ar an Aoine, chun an deis a thabhairt do bhuachaillí agus cailíní páirt a ghlacadh i gcaithimh aimsire dhearfacha.

An Clár Gleacaíochta 'Energise' – ghlac 240 cailín in ocht gcinn d'iar-bhunscoileanna sa chlár agus ag a dheireadh reáchtáladh lá spóirt. Bhí na cailíní in ann triail a bhaint as spóirt nua ar an lá sin, lena n-áirítear Cruicéad, Liathróid Láimhe Oilimpeach agus an dámha Zumba.

Reáchtáladh clár in dhá scoil mar bhealach chun cuidiú leis an aistriú do dhaltaí bunscoile chuig an iar-bhunscoil agus d'fheidhmigh 90 dalta bunscoile agus 20 dalta iar-bhunscoile mar mheantóirí agus mar chóitseálaithe do na leanaí níos óige.

### Clár Cóitseála Oideachais

Reáchtáil an Oifig roinnt cúrsaí lena n-áirítear Cód Eitice (cosaint leanaí), Oifigeach leanaí, Scileanna Éigeandála (céadchabhair) agus thacaigh le raon cúrsaí oideachais agus oiliúna arna reáchtáil ag Forais Rialaithe Náisiúnta/Réiteoirí chun go n-éireodh leis na hoibrithe deonacha scileanna nua a ghnóthú. I gcomhar le Líonra Spóirt Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chuireamar ceardlanna ar fáil d'oibrithe deonacha spóirt maidir le treoirlínte do chlubanna a bheidh á dtabhairt isteach go luath bunaithe ar an reachtaíocht a bhaineann le Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána.

### Cláir ghníomhaíochta

I measc na ngníomhaíochtaí arna reáchtáil ag an Oifig le linn 2013 áiríodh roinnt clár do dhaoine fásta lena n-áirítear cláir snámha, siúlóid Nordach, galf dhá mhaide agus foireann ag Fine Gall sa chomórtas Go for Life National Games in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath i mí an Mheithimh.



*Go for Life Games do Dhaoine Scothaosta*

Reáchtáil an Oifig Spóirt Siúlóid Claochlaithe Oibríochtaí i nDiméin an Droichid Nua i mí Eanáir. Ar lá fliuch tháinig breis is 250 duine chun páirt a ghlacadh sa tsiúlóid 3 K in éineacht an Mhéara, An Comhairleoir Cian O'Callaghan. Chomh maith leis sin, tháinig Gavin Walker, a bhí ar dhuine de cheannairí 'Operation Transformation' le cuairt ón láithreoir Katherine Thomas. Rinneadh scannán den tsiúlóid iomlán agus taispeánadh an ócáid mar shraith clár ar an teilifís.




*Operation Transformation Siúlóid 3K, 2013.*

### Forbairt Cómhaoinithe Sonrach don Spórt

Rinne an Oifig cómhaoiniú ar 5 Oifigeach Forbartha Peile sa Phobal leis an F.A.I., 1 Oifigeach Forbartha Rugbaí le Leinster R.F.U., 1 Oifigeach Forbartha páirtaimseartha Leadóige, i gcomhar le Tennis Ireland, agus Oifigeach Forbartha Cruicéid le Leinster Cricket.

### Mná sa Spórt

Áiríodh i measc na gclár cómhaoinithe ag Comhairle Spóirt na hÉireann in 2013 blitzchomórtas Camógaíochta, Peil Ghaelach agus Rugbaí Leasite do Chailíní, Cruicéad do Mhná agus do Chailíní, Leadóg, Féile Peile do Chailíní, Peil Scoile do Chailíní, Nasc-chlub Peile Scoile do Chailíní chun cailíní a spreagadh clárú le clubanna áitiúla. Chomh maith leis sin, chuireamar i láthair seisiún do mhúinteoirí bunscoile chun bunscileanna peile a mhúineadh dóibh chun iad a spreagadh le tathant ar chailíní páirt a ghlacadh sa spórt.




*Féile Peile Fhine Gall, 2013.*

### *Spóirt do Dhaoine faoi Mhíchumas*

Reáchtáil an Oifig clár oiliúna "Be Active Be Inclusive", a chuir oiliúint spóirt agus gníomhaíochta fisicí ar fáil do chúramóirí agus d'oibrithe deonacha a bhíonn ag obair le daoine atá faoi mhíchumas, clár peile i gcomhar le teiripeoirí gairme FSS d'fhir fhásta agus lean ag tacú le spóirt powerchair.



*Sacar Powerchair Fhine Gall.*

### Comhpháirtíochtaí

Bíonn an Oifig ag brath i gcónaí ar chomhpháirtíocht leis an iliomad gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí chun cláir a sholáthar don raon is leithne agus is féidir de dhaoine sa phobal. D'oibríomar i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir chun clár Saorálaíochta Spóirt a reáchtáil do mhic léinn le go bhfaighidís taithí luachmhar sa saol.

## AN OIFIG EALAÍON

Is é ról Oifig Ealaíon na Comhairle ná gníomhaíocht chultúrtha a spreagadh, a chothú agus tacú leis i bhFine Gall, trí thacú le forbairt daoine agus pobal cruthaitheach. Baintear é seo amach trí dheontais agus sparánachtaí a sholáthar, maille le cláir oideachais, coimisiúnú ealaíne agus tacú le dhá aonad ealaíon, agus ealaíontóirí gairmiúla atá ina gcónaí i bhFine Gall. In 2013 d'fhoilsigh an Oifig Ealaíon an dara Plean Forbartha Ealaíon d'Fhine Gall (2013-2017)

**Deontais Ealaíon arna mbronnadh faoi alt 6 den Acht Ealaíon 2003**
In 2013, san iomlán bronnadh **€35,000** ar Fhéilte Pobail Ealaíon agus ar Fhéilte Ceoil Thraidisiúnta, agus bronnadh **€43,000** faoin scéim ghinearálta deontais ealaíon. Bronnadh **€578,200** breise ar dhá Ionad Ealaíon na Comhairle, Draíocht agus Ionad Cultúrtha Séamus Ennis.

**Ionaid Chultúrtha**
Lean Comhairle Contae Fhine Gall ag cur feabhais ar an saol cultúrtha i bhFine Gall agus ag soláthar rochtain phoiblí ar na hEalaíona trí dhá Ionad Ealaíon a fhorbairt ar bhonn leanúnach: Draíocht agus Ionad Cultúrtha Shéamuis Ennis.

Draíocht – léiríodh 149 seó ticéadaithe ar fhreastal 29,300 duine orthu.

Ionad Cultúrtha Shéamuis Ennis – reáchtáladh 112 imeacht ticéadaithe le linn 2013 agus san iomlán d'fhreastail 3829 duine ar an Ionad.

### ÓIGE & OIDEACHAS

**Artful Dodgers, Clár Ealaíon Luathbhlianta**
Is éard atá in Artful Dodgers ná clár ceoil agus amharcealaíon do sheirbhísí Creise Pobail Fhine Gall, arna soláthar i gcomhar le Coiste Cúraim Leanaí Chontae Fhine Gall.
Tá dhá sheirbhíse creise páirteach ann: Ros Eo sa Ros, agus Little Learners i mBaile Átha Cliath 15. Bíonn amharcealaíontóir amháin agus ceoltóir amháin ag obair i gcomhar lena chéile chun an t-ábhar a sholáthar don chlár seo agus tá 45 leanbh páirteach ann.
Chomh maith le soláthar an chláir seo, tá taighde ar siúl againn sna healaíona do na luathbhlianta i gcomhar leis an Scoil Oideachais gColáiste na Tríonóide.



Place Shapers – Tionscnamh Ailtireachta agus Dearaidh Uirbigh 2012 - 2013, Buaiteoir an Ghradaim Pleanáil Rannpháirtíochta ag na Gradaim Náisiúnta Phleanála 2013 - 2014

D'oibrigh Oifig Ealaíon Fhine Gall agus Foras Ailtireachta na hÉireann in 2012 /2013 i gcomhar le ceathrar ailtirí gairmiúla, le scannánóir amháin agus le dhá scoil chun tionscadal a fhorbairt a spreagann daoine óga spéis a bheith acu san ailtireacht, agus foghlaim faoin timpeallacht thógtha.
Le haghaidh sonraí breise téigh chuig: www.placeshapers.wordpress.com






*Tioscadal Place Shapers, Baile Bhlainséir, 2013.*

EALAÍN PHOIBLÍ

- Aileen Lambert –'Placenames'
  Placenames is teideal do shraith de dheich gcinn d'fhíseáin ghearra a cruthaíodh mar gheall ar logainmneacha/bailte fearáin agus an bhrí atá leis na hainmneacha sin i bhFine Gall. Seoladh an Tionscadal i mí Feabhra 2013 agus taispeánadh na 10 ngearrscannán agus caint mar gheall ar logainmneacha Fhine Gall. Tá pacáiste an Fhoilseacháin ar fáil ón Oifig Ealaíon.

- Robert McColgan - Réalt na Mara
  Cuireadh dealbh álainn 'Réalt na Mara' le Robert McColgan in airde ar thaobh thiar an phiara thiar i mBinn Éadair. Léiriú an dealbh ar phointí an chompáis, agus paidir sábháilteachta dóibhsean ag taisteal chuig Binn Éadair ar muir.



- An Dealbh 'Hide'
  Is saothar buan é an Dealbh 'Hide' leis an ealaíontóir Garrett Phelan, don Ionad Líonta Talún i mBaile Amhlaoibh ar leanadh lena thógáil agus moladh go n-aistreofaí an saothar chuig imeall thuaidh an inbhir ar an láthair.

- Christine Mackey – An Taispeántas 'A Year in the Field'
  Seo taispeántas atá bunaithe ar staidéar bliana agus tréimhse chónaitheachta i mBunscoil Náisiúnta Buachaillí Naomh Pádraig, Domhnach Bat mar a ndearnadh iniúchadh ar éiceolaíocht agus luibheolaíochta áitiúil trí cheardlanna a reáchtáil agus cuairteanna suímh.

<u>I MEASC NA DTIONSCNAIMH EILE EALAÍON A ÁIRÍODH IN 2013 BHÍ:</u>

- Bliain Léiriúcháin Fhine Gall
  Tugadh Bliain Léiriúcháin Fhine Gall ar 2013, agus is éard a bhí ann ná comhoibriú idir Children's Books Ireland, Laureate na nÓg Niamh Sharkey agus Oifig Ealaíon Chontae Fhine Gall.

- Pictiúr – seo taispeántas le saothair ó 21 maisitheoir Éireannacha. D'oscail an taispeántas in Draíocht agus reáchtáladh sraith ceardlann 'Focus On' i gcomhthráth leis an taispeántas féin mar a raibh daoine óga in ann a dtuairimí a chur in iúl faoin taispeántas.

- Illustrators Ink
  Lá forbartha é 'Illustrator Ink' a reáchtáladh i gCaisleán Mhullach Íde mar ar pléadh saincheisteanna comhaimseartha agus mar ar tugadh an deiseanna do mhaisitheoirí ar fud raon earnálacha.

- Amharc Fhine Gall
  Tá tuairim is 145 ealaíontóir gairmiúil ina gcónaí agus ag obair i bhFine Gall faoi láthair. Is ardán é Amharc Fhine Gall chun tacú le daoine atá díreach tar éis a gcéim a bhaint amach ón gcoláiste ealaíne. Cuireann Fine Gall an deis ar fáil dóibh chun seó a reáchtáil i gceann de na gailearaithe amharcealaíon is fearr sa tír. Agus é ina naoú bliain anois tugadh 'Eternal Light' ar thaispeántas 2013.

- Spás Stiúideo
  Chuir an Oifig Ealaíon i gcomhar le Rannán na bPáirceanna spás ar fáil i lóistí agus tailte Dhiméin Mhullach Íde le go bhféadfadh ealaíontóirí gairmiúla úsáid a bhaint as mar spás stiúideo.

- Sparántachtaí
  In 2013 reáchtáil an Oifig Ealaíon sraith de spárántachaí nua d'ealaíontóirí gairmiúla a bhí ar cheann de chuspóirí phlean Ealaíon 2013-2017 Fhine Gall. I rith an tsamhraidh rinne an Oifig ealaíon riar ar 10 sparántacht dar luach €9,300 san iomlán.

- Plean Forbartha Ealaíon Fhine Gall 2013-2017
  Tá sé de cheangal faoi Alt 6 d'Acht Ealaíon 2003 plean ealaíon a sholáthar. Is éard atá ann ná freagra straitéiseach ar na riachtanais forbartha ealaíon i bhFine Gall agus cuireann sé an deis ar fáil do dhaoine páirt a ghlacadh sna healaíona agus a spéis a mhúscailt san ealaín athuair.

  Chun cuidiú le forbairt Phlean Ealaíon Fhine Gall 2013-17, reáchtáladh comhairliúchán poiblí chun ionchur a fháil ó raon grúpaí éagsúla agus ó dhaoine éagsúla lena n-áirítear: an Pobal i gCoitinne, Ealaíontóirí Gairmiúla, Scoileanna, Grúpaí Ealaíon agus Ealaín Phoiblí.

  Tá cur i gcrích agus glacadh an phlean seo ag an gComhairle i mí Iúil 2013 ina fhreagra díreach ar riachtanais an phobail ealaíon i bhFine Gall.

  Le haghaidh tuilleadh sonraí faoi imeachtaí ealaíon téigh chuig: www.fingalarts.ie





*Laethanta Líníochta*



# Comhshaol, Gnó & Fiontar:

## RANNÁN BAINISTÍOCHTA DRAMHAÍOLA:

Tá an Chomhairle freagrach as rialú comhshaoil an bhailiúcháin dramhaíola trí cheadanna bailiúcháin dramhaíola agus fodhlíthe mar le caoi na dramhaíola sin a sholáthar.

### Ionaid Athchúrsála agus Bainc Bhuidéil

- Tá dhá ionad athchúrsála ar oscailt ag an gComhairle (Inbhear & Cúil Mhín) agus tá líonra de 73 banc buidéil ag an gComhairle ar fud an Chontae. Sa tábla seo thíos tá sonraí thonnáiste na meáchan atá ceadaithe.

| Tonnáiste na Míreanna In-athchúrsáilte a Bailíodh | 2013 | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| Ionad Athchúrsála an Inbhir | 4426 | 4308 | 3884 |
| Ionad Athchúrsála Chúil Mhín | 3084 | 3297 | 3781 |
| Iomlán | 7511 | 7605 | 7665 |

### Dramhthrealamh Leictreonaice agus Leictreach

- Éilítear faoi na Rialacháin maidir le Dramhthrealamh Leictreonaice agus Leictreach DTLL) 2005 go ndéanfaí cigireacht ar áitribh chun a chinntiú go bhfuil miondíoltóirí ag cloí leis na rialacháin agus go nglactar le DTLL ag ionaid Athchúrsála saor in aisce (DTLL ó thithe cónaithe agus ó mhiondíoltóirí cláraithe DTLL).

| | 2013 | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| DTLL glactha ag Ionaid Athchúrsála | 1162 | 1202 | 1244 tonnes |
| DTLL bailithe ag AAE * ó mhiondíoltóirí | 1399 | 1164 | 933 tonnes |
| Iomlán | 2561 | 2366 | |

* Is é an AAE an tArdán Athchúrsála Eorpach - an scéim faofa géilliúlachta le haghaidh Fhine Gall.

### Plean Bainistíochta Dramhaíola

Rinneadh meastóireacht ar an bPlean Réigiúnach Bainistíochta Dramhaíola 2005 – 2010 de réir na leasuithe sna hAchtanna um Bainistiú Dramhaíola agus faoin gCreat-treoir Nua Dramhaíola i mí na Samhna 2012. Tar éis na meastóireachta glacadh cinneadh Plean nua a ullmhú. Cuireadh tús le dréachtú an phlean nua in 2013 tar éis bhunú na réigiún nua pleanála dramhaíola.

BONNEAGAR DRAMHAÍOLA



**Baile Amhlaoibh I**

Dhún Baile Amhlaoibh a dhoirse ó thaobh dramhaíola de i mí Bealtaine 2012 tar éis 40 bliain de bheith i bhfeidhm. Glactar le hithir ámh ag an ionad líonta talún le haghaidh leasúcháin agus caidhpeála. Tá caidhpeáil le déanamh ar thuairim is 25,000 m2 den seani-onad líonta talún agus cuimsíonn sé seo ithir, cisil draenála, beintinít shaorga agus ciseal bailithe gáis.

**Líonadh Talún Dhún Sinche**

Tá líonadh talún Dhún Sinche ina chéim iarchúraim faoi láthair i.e. monatóireacht comhshaoil, láisteáit, agus bainistiú gáis ag an ionad líonta talún. Cibé scéal é, tá leictreachas fós á ghiniúint.

FEASACHT FAOIN GCOMHSHAOL

- Bhí líon níos airde iarratas istigh ar na Gradaim 'Cleaner Community' in 2013 le 107 iontráil ar fud na gcatagóirí, mar shampla An Gairdín Tosaigh is Fearr agus Gradam don Ghnó Glas is Fearr. Bronnadh 41 duais, agus sin méadú de 6 duais ar líon 2012 mar go raibh caighdeán na n-iontrálacha chomh hard sin.
- Clár Scoileanna Glasa An Taisce – Bhí 96 Scoil Ghlas i bhFine Gall in 2012, agus as a measc fuair 7 scoil a gcéad bhratach ghlas. San iomlán tá 263 bratach bronnta ar scoileanna Fhine Gall.
- Glantachán Earraigh Náisiúnta An Taisce.
- An Tionscnamh Adopt a Patch.
- Ciste Comhpháirtíochta Comhshaoil LA (Cuid de Chlár Oibre Áitiúil 21) – faoin gciste seo bronnadh €35,000 in 2013 ar 14 tionscadal áitiúil comhshaoil.
- Leanadh leis an gClár Oideachais in Ionad Athchúrsála an Inbhir agus Chúil Mhí agus thug 13 scoil cuairt ar na hionaid sin in 2013.

- Reáchtáladh fógraí sa cinema agus ar an raidió faoi shalú ag madraí agus faoi bhailitheoirí mídhleathacha dramhaíola.
- Reáctháladh comórtas póstaeir frithbhruscair agus frith-ghraifítí do dhaltaí bunscoile agus iar-bhunscoile Fhine Gall.
- Rinneadh éascú ar 15 cheardlann de chuid Fhuinneamh Inmharthana Éireann do scoileanna áitiúla.
- San iomlán bhí 8 n-iarbhunscoil páirteach sa chomórtas ERP Junk Couture.

TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA

| Acmhainní Bainistithe Dramhaíola | 2013 | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| Líon na gConláistí Cathartha | 2 | 2 | 2 |
| Líon na mBanc Buidéil | 73 | 73 | 71 |
| Scoileanna ag Glacadh Páirte i gCláir Chomhshaoil | 131 | 125 | 118 |
| % na mBunscoileanna | 95 | 90 | 86 |
| % na nIar-bhunscoileanna | 100 | 92 | 92 |

## AN RANNÁN CIGIREACHTA:

Tugtar le chéile sa Rannán Cigireachta formhór na bhfeidhmeanna forfheidhmiúcháin ag na Rannóga ar fud sa Chomhairle a thabhairt le chéile d'fhonn uasfhónamh a bhaint as tíosacht agus saineolas agus acmhainní a roinnt ar a chéile ag comhlíonadh ár bhfeidhmeanna reachtúla forfheidhmiúcháin.

Tríd is tríd, déantar feidhmeanna sa rannán nua a roinnt idir gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin a bhaineann leis an timpeallacht thógtha amhail pleanáil, rialú tógála agus suíomhanna dearóile agus gníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcomhshaoil amhail forfheidhmiúchán comhshaoil, truailliú uisce agus bruscar.

AN TIMPEALLACHT NÁDÚRTHA

An tAcht agus na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola
- Cuireadh tús le 93 caingean forfheidhmiúcháin mar gur sáraíodh an tAcht um Bainistiú Dramhaíola, 1996 in 2013.
- Bronnadh 4 Cead Dramhaíola in 2013 ar shaoráidí aisghabhála dramhaíola faoi na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Cead agus Clárú Saoráide), 2007-2008.
- Chláraigh 19 gcuideachta mar chuideachtaí féinghéilliúil faoi na Rialacháin Pacáistithe, 2007 in 2013.

- Rinneadh cigireacht ar 47 gnó chun a ngéilliúlacht leis na Rialacháin Pacáistithe, 2007 a dhearbhú.
- Rialacháin um Dramhbhia – 220 cigireacht.
- Rialacháin um Dramhbhoinn – 32 cigireacht.
- Rialacháin DTLL - 464 áitreabh cláraithe le (ERP).
  3 cláraithe le Comhairle Contae Fhine Gall.
  27 cigireacht curtha i gcrích.

Rialú Bruscair
- Eisíodh 738 fíneáil in 2013
- Ullmhaíodh 93 comhad le haghaidh ionchúisimh.

Rialú Cáilíochta Aeir
Cuireann Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte seo ar fáil ar bhonn gníomhaireachta (FSS)

- Tá an Príomhstáisiún Cáilíochta Aeir lonnaithe i mBaile Bhlainséir, Baile Átha Cliath, agus déantar PM10 agus NOx a thomhas ann. Tugtar sonraí ar bhonn fíorama agus tá sé ina chuid den Líonra Réigiúnach um Monatóireacht Cháilíocht an Aeir.
- Rinneadh breis is 100 cigireacht in 2013 faoi na Rialacháin fán Acht um Thruailliú Aeir (Margaíocht, Díolacháin, Dáileadh agus Dó Breoslaí Sonraithe) 2012. Rinneadh 70 cigireacht spriocdhírithe ar dhíoltóirí agus dáileoirí guail le linn na bliana agus cigireachtaí de bhun 32 gearán ó bhaill den phobal i ndáil le breoslaí sonraithe a dhó.

Rialú Torainn (Plean Gnímh um Thorann Comhshaoil 2013 -2017)
- Rinne Oifigigh Sláinte Comhshaoil iniúchadh ar 117 gearán.
- Cuireadh Plean Gnímh um Thorann Comhshaoil 2013 – 2018 ar fáil i mí an Mheithimh 2013 le haghaidh na gceithre Údarás Áitiúla i mBaile Átha Cliath.

Rialú Madraí agus Capall
- Eisíodh 4032 ceadúnas madraí (1918) ar líne.
- Gabhadh 427 madra agus tugadh 13 don Phóna madraí in 2013.
- Cuireadh 117 capall i bpóna na Comhairle in 2013.

Rialú ar Thruailliú Uisce
Tá Comhairle Contae Fhine Gall ina cuid de Cheantar na hAbhantraí Thoir. An príomhchuspóir ná cloí le hoibleagáídí géilliúlachta agus reachtúla ia ndáil le screamhuisce mar atá sonraithe sa Phlean um Bainistiú Abhantraí faoin gCreat-treoir uisce.

I measc na ngníomhaíochtaí le linn 2013 bhí siad seo:

- Leanadh den mhonatóireacht ar cháilíocht an uisce snámha ag tránna ainmnithe faoin Treoir um Uisce Snámha

- Rinneadh bainistiú agus clárú ar Chórais Cóireála Dramhuisce (Umair Sheipteacha) agus ar fhorbairt phleananna cigireachta.
- Rinneadh suirbhéireacht ar 20 feirm agus cuireadh trasthuairiscí ar fáil do DAFM
- Rinneadh monatóireacht ar 80 Ceadúnas Trádála Eisiltigh
- Eisíodh 190 Ceadúnas Trádála Eisiltigh
- Rinneadh sampláil gach ráithe le haghaidh na Monatóireachta Oibríochtúla ar Aibhneacha (68 san iomlán)




*Taispeánann Grianghraif 1 agus 2 forsceitheadh a tharla mar thoradh ar bhlocáil sa séarach.*

**Critéir Íosa Mholta do Chigireachtaí Comhshaoil (CÍMCC)**

- Cuireadh i bhfeidhm Plean CÍMCC 2013 ag baint leasa as acmhainní comhthiomsaithe an Rannáin Cigireachta chun a chinntiú go ndéanfaí monatóireacht agus cur i bhfeidhm éifeachtach ar an reachtaíocht faoin gcomhshaol.

## TIMPEALLACHT THÓGTHA

**Forfheidhmiú Pleanála**

D'fhonn pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe a bhaint amach is gá go mbeadh cead pleanála faighte nó go mbeadh an fhorbairt díolmhaithe ó chead pleanála faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go dtí 2010. Déantar forbairtí neamhúdaraithe a iniúchadh agus d'fhéadfaí caingean forfheidhmiúcháin a thógáil i gcás go bhfuil gá leis.

### Rialú Foirgníochta

Is é príomhchuspóir na Rialachán Foirgníochta ná soláthar do shláinte, sábháilteacht agus leas daoine i bhfoirgnimh agus timpeall na bhfoirgneamh sin. Chomh maith leis sin, forálann na rialacháin foirgníochta do riachtanais speisialta daoine faoi mhíchumas i ndáil le foirgnimh agus do chaomhnú breosla agus fuinnimh. Titeann príomhfhreagracht reachtúil as cloí le ceanglais na nAchtanna um Rialú Foirgníochta, 1990-2007 orthusan a dhearann agus a thógann foirgnimh agus ar úinéirí na bhfoirgneamh, arb iadsan de ghnáth a chuireann tús leis an bpróiseas.

### Sábháilteacht Struchtúr agus Áiteanna

Tugtar cumhachta don Chigireacht faoi fhorálacha an Acht um Láithreáin Thréigthe, 1990, trí fhógra a thabhairt, chun treoir a thabhairt d'úinéir nó d'áitritheoir talún atá ina thalamh tréigthe nó a bheidh ina thalamh tréigthe bearta a mheasta is gá a chur i bhfeidhm chun go gcoscfaí an láithreán sin ar bheith in láithreán tréigthe. Féadtar leas a bhaint as an Acht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláinteachais), 1964 chun dul i ngleic le haon chúiseanna imní sábháilteachta i ndáil le struchtúir nó áiteanna lena n-áirítear forbairtí/eastáit neamhchríochnaithe. Tá freagracht ar Rannán na Cigireachta eastáit a thógáil i gcúram freisin. Forálann Alt 180 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 do thógáil i gcúram eastát má iarrann an forbróir é nó trí phobalbhreith ina gcinneann tromlach 'd'áitritheoirí cáilithe' an eastáit gur chóir é sin a dhéanamh. Ní thógtar eastáit i gcúram ach amháin i gcás go bhfuil siad críochnaithe de réir na reachtaíochta um rialú pleanála agus foirgníochta.




*Tógáil i gCúram: Féaraigh Bhrí Mhór (Roimh Ré agus Ina Dhiaidh)*

Eastát Tithíochta Neamhchríochnaithe – Ascaill Phámar
Roimh Ré & Ina Dhiaidh









TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA CIGIREACHTA

| TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA | 2013 | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| Líon na Maor Bruscair | 4 | 6 | 6 |
| Líon na bhFíneálacha Bruscair Eisithe | 738 | 1158 | 1220 |
| Líon na bhFíneálacha Bruscair Íoctha | 322 | 424 | 504 |
| Luach Iomlán na bhFíneálacha Bruscair Íoctha | 51,842 | 66,545 | 82,851 |

| Gearáin faoin gComhshaol | 2013 | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| Líon Iomlán na nGearán | 2161 | 2883 | 1786 (133 WMA) & (1653 LPA) |
| Líon na nGearán an ndearnadh Iniúchadh orthu | 2161 | 2883 | 1763 |
| Líon na nGnáthamh Forfheidhmiúcháin | 93 | 101 (Forfheidhmiúcháin RMCEI-staidrimh 2012) | 33 |

| Rialacháin um Pacáistiú Dramhaíola (e.g. Pacáistiú nó Rialacháin Ceadúnais) | 2013 | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| Líon Bhaill Ghnó Repak | 65 | 400 | 300 |
| Líon na nGnóthaí Féinghéilliúla (do Chomhairle Contae Fhine Gall) | 19 | 18 | 20 |

| Gearáin i ndáil le truailliú uisce: | 2013 | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| Líon Gearán/Tarluithe a fuarthas nó a sainaithníodh | 29 | 46 | 54 |
| Líon a ndearnadh iniúchadh orthu | 37 (Lena n-áirítear luach carr 2012) | 55 | 60 (Lena n-áirítear luach carr 2010) |
| Líon na nGearán a Réitíodh gan gá le haon ghníomh breise | 24 | 32 | 45 |
| Líon na nGnáthamh Foirmiúil Forfheidhmiúcháin (Alt 12) a tógadh | 27 | 27 | 4 |
| Líon na nIonchúiseamh a Tosaíodh | 0 | 0 | 0 |
| Líon na nIonchúiseamh a Cuireadh i gCrích go Sásúil | 0 | 0 | 0 |

| Forfheidhmiúchán Pleanála | 2013 | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| Líon Iomlán na gCásanna Pleanála faoi réir Gearán a ndearnadh Iniúchadh orthu | 227 | 237 | 324 |
| Líon Iomlán na gCásanna Pleanála faoi réir Gearán a Díbheadh | 64 | 116 | 150 |
| Líon Iomlán na nGnáthamh Forfheidhmiúcháin Pleanála a Tógadh trí Litreacha Rabhaidh a Chur | 202 | 186 | 122 |
| Líon na nGnáthamh Forfheidhmiúcháin Pleanála a Tógadh Trí Fhógraí Forfheidhmiúcháin a Chur | 55 | 69 | 49 |
| Líon na nIonchúiseamh Pleanála<br>(Cúirt Dúiche – S.157)<br>(Ard-Chúirt/Cúirt Chuarda – S.160) | 2<br>0<br>0 | 0<br>0<br>1 | 9<br>(8)<br>(1) |

| Rialú Foirgníochta | 2013 | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| Líon Iomlán na bhFoirgneamh Nua ar Tugadh Fógra don Údarás Áitiúil ina leith | 975 | 389 | 373 |
| Líon Iomlán na bhFoirgneamh Nua ar Tugadh Fógra don Údarás Áitiúil ina leith agus a ndearnadh Cigireacht orthu | 235 | 42 | 37 |
| Líon na bhFoirgneamh a ndearnadh Iniúchadh orthu mar Chéatadán na bhFoirgneamh Nua ar Tugadh Fógra don Údarás Áitiúil ina leith. | 24 | 11 | 11 |
| Líon na nÁitreabh go léir ar lorg an tÚdarás um Rialú Foirgníochta Deimhniú BER ina leith | 172 | 131 | 169 |
| Líon na nDeimhniúchán BER a Cuireadh Isteach mar Fhreagra | 180 | 132 | 125 |
| Líon na nDeimhniúchán Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas a nDearnadh Measúnú orthu | 133 | 136 | 225 |
| Líon na nEastát ar Liosta Forbairtí/Eastáit Tithíochta le Cur i gCrích (Bunaithe ar shuirbhé 2011 na Roinne Comhshaoil) | 27 | 50 | 152 |
| Líon na bPleananna um Réiteach Suímh | 0 | 3 | 15 |

| Tógáil i gCúram | 2013 | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| Líon na nEasát a Tógadh i gCúram sa Bhliain i gCeist | 18 | 16 | 21 |
| Líon na nÁitreabh i ndáil le hEastáit a Tógadh i gCúram | 1877 | 1052 | 3499 |
| Km de Bhóthar i ndáil le hEastáit a Tógadh i gCúram | 32834 | 6893 | 17238 |
| Líon na nGearán maidir le Láithreáin Thréigthe/Dhainséaracha a ndearnadh Iniúchadh orthu | 54 | 41 | 52 |
| Líon na Láithreán Tréigthe ar Chlár na Láithreán Tréigthe | 1 | 1 | 1 |

# RANNÁN PÁIRCEANNA & RÉADMHAOIME OIDHREACHTA

Déanann Rannán na bPáirceanna & Réadmhaoine bainistiú agus cothabháil ar mhórpháirceanna réigiúnacha agus réadmhaoin stairiúil na Comhairle. Tá tuairim is 1,373 acra (556 heiteár) de thírdhreach deartha i bhFine Gall á mbainistiú ag an gComhairle. Chomh maith leis sin, déanann an Chomhairle bainistiú ar roinnt foirgneamh tábhachtach stairiúil agus gairdíní stairiúla atá ar oscailt don phobal agus meallann sé seo a lán cuairteoirí ón gcontae agus ó áiteanna eile. Tá an Rannán freagrach freisin as garraithe scóir na Comhairle agus as cur i bhfeidhm Phlean Bithéagsúlachta Fhine Gall.

## Diméin Mhullach Íde

Tar éis mhór-athfhorbairt Chaisleán Mhullach Íde agus a Ghairdíní thug 104,000 duine cuairt air in 2013, agus astu siúd tháinig 62% díobh ó thíortha eile. Grúpaí teaghlaigh iad 17% de na cuairteoirí, agus a lán díobhsan ag teacht chun freastal ar cheann de na himeachtaí iontacha a reáchtáladh um Cháisc agus um Nollaig in 2013. Meastar go sroichfidh líon na gcuairteoirí 115,000 in 2014.



*Diméin Mhullach Íde*

## Diméin an Droichid Nua

D'óstáil an Droichead Nua an fhéile Flavours of Fingal athuair i Meán Fómhair, 2013. Bhí seo ar an bhféile is mó agus is fearr go dtí seo le breis is 20,000 duine ag teacht chun freastal air thar an tréimhse dhá lá. Reáchtáiltear ócáid gach Nollaig i dTeach an Droichid Nua agus baineann na leanaí i bhFine Gall an-taitneamh as.

## Diméin Ard Giolláin

Tá a lán ilchineálachta ann in Ard Giollán agus a ionad iomlánach, cóisirí do leanaí, taispeántais ealaíne, ranganna oíche agus lae, póstaí sibhialta, drámaí lasmuigh agus turais timpeall an chaisleáin. Thug a lán daoine cuairt ar Ard Giolláin i mbliana i rith an tsamhraidh a bhuíochas lena shuíomh ar an gcósta.

Diméin Sheantraibh
Bíonn an-tóir ar an Diméin i measc an phobail sa cheantar máguaird agus baineann níos mó is níos mó daoine úsáid as an bpáirc chun roinnt gleacaíochta a dhéanamh nó chun bheith ag spraoi leis na leanaí. Tacaíonn an Chomhairle leis na bpobal áitiúil atá ag forbairt garraí daingean.

Páirc Réigiúnach Ghleann na Life (St. Catherine's)
Cuireadh tús in 2013 ar mhórfhorbairt páirce ina mbeidh clós súgartha, rian BMX, lochán agus coillearnacha móra. Cuireadh i gcrích an tionscadal seo in 2014 a chuirfidh conláiste den chéad scoth ar fái do phobal an cheantair máguaird.

Clóis Súgartha
Tá na clóis súgartha sna ceithre dhiméin stairiúla i measc na gclós is mó éileamh sa tír a chuireann timpeallacht shábháilte, ach dúshlánach, ar fáil do na mílte leanbh sa cheantar.

Bithéagsúlacht
Leanadh leis na hoibreacha faoin bPlean Gnímh Bithéagsúlachta le linn 2013 lena n-áirítear: Tionscadal Athbhunaithe na Patraisce Léithe, Srianadh an Fheabhráin Capaill agus bainistiú ar Anaclann Dúlra Thuirbhe. Tosaíodh tionscadail nua inír i spásanna oscailte ag Páirc Bhallaí Robac i bPort Mearnóg agus Páirc an Ráschúrsa i mBaile Dúill. Cuireadh i gcrích an Measúnú Riosca ar Chreimeadh ar an gCósta ag Inbhear Seachtrach Bhaile Riobaird. Rinneadh srianadh ar speicis ionracha i roinnt áiteanna freisin.

Garraithe Scóir
Osclaíodh scéim nua garraithe scóir in 2013 agus ciallaíonn sin go bhfuil beagnach 900 garraí scóir á mbainistiú ag an Rannán. Tá na garraithe scóir poiblí lonnaithe anois i mBaile an Phaoraigh i mBaile Átha Cliath 15, Tuirbhe i nDomhnach Bat agus sna Sceirí.

Tionscnaimh agus Imeachtaí
- Cluiche idirnáisiúnta cruicéid idir Éirinn agus Sasana i nDiméin Mhullach Íde
- An tSiúlóid urraithe 'Darkness to Light' i nDiméin an Droichid Nua ar son Pieta House.
- Cur i gcrích an phlean bainistithe Caomhantais do Dhiméin an Droichid Nua.
- Tús le hobair cobhsaithe i gCaisleán Shoird.
- Cuireadh tús leis an Straitéis Turasóireachta Inbhuanaithe.




*Cluiche Idirnáisiúnta Cruicéid, Diméin Mhullach Íde.*

## RANNÁN FORBARTHA EACNAMAÍOCHTA

Tacaíonn an Rannán Forbartha Eacnamaíochta le forbairt struchtúrtha eacnamaíochta Fhine Gall trí phleanáil, tionscnamh agus bainistiú a dhéanamh ar thionscadail a chuireann le forbairt leanúnach an chontae. Cuireann sé chun cinn cruthú fostaíochta trí bheith ag obair i gcomhar le gnóthaí áitiúla, le Comhlachais Tráchtála, IDA agus Fiontraíocht Éireann. Cuireann sé chun cinn agus déanann comhordú idir Bord Forbartha Fhine Gall, Bord Fiontar Contae Fhine Gall agus institiúidí tríú leibhéal lena n-áirítear Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir agus Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

### Oifig Áitiúil Fiontar – (LEO)

Foilsíodh Clár Gnímh an Rialtais - Putting People First, i mí Dheireadh Fómhair, 2012, ina leagtar amach ról níos soiléire, feabhsaithe don rialtas áitiúil chun an fhiontraíocht agus an fhorbairt eacnamaíoch a chur chun cinn agus a éascú. Go háirithe, feidhmiú na seirbhíse tacaíochta áitiúla fiontar agus feidhmiú mar a bheadh "siopa ilfhreastail" do ghnóthaí nua, agus seo croíghné dár ról san fhorbairt eacnamaíochta. Le linn 2013 bhí sé d'onóir ag Comhairle Contae Fhine Gall seoladh oifigiúil a dhéanamh ar bhrandáil do chur i bhfeidhm céimneach líonra LEO,




*Seoladh Oiigiúil na hOifige Áitiúla Fiontar.*

### Pleanáil Eacnamaíochta, Margaíocht agus Cur Chun Cinn Fhine Gall

Cuireadh i gcrích an Plean Gnímh Forbartha Eacnamaíochta 2014 – 2017 don chontae in 2013. Leis an bplean seo forbrófar príomhréimsí straitéiseacha forbartha agus rachfar i ngleic le saincheisteanna cosúil le cruthú fostaíochta, forbairt scileanna agus tacaí agus seirbhísí fiontraíochta.

Forbairt agus Bainistiú Páirceanna
Bíonn an Chomhairle ag obair le hearnáil an ghnó chun Páirceanna Tionsclaíocha a fhorbairt ag  Baile Damail, Cúil Mhín, Ceapach, Baile Stiofáin, Páirc Ghnó an Bhá, Páirc Ghnó agus Theicneolaíochta an Choláiste, Baile Bhlainséir agus Tuirbhe.

Forbairt agus Bainistiú na nIonad Fiontar le haghaidh Gnóthaí Nuabhunaithe
Tá Ionaid Fiontair forbartha ag Comhairle Contae Fhine Gall sa Chontae agus cuireann an Chomhairle tacaíocht ar fáil dóibh. Cuireann ***Ionad Fiontar Dhraighneáin*** i Sord, i gcomhar le ***BASE*** i Mullach Eadrad agus ***BEaT*** i mBaile Brigín spás ar fáil do ghnóthaí nuabhunaithe chomh maith le saoráidí oiliúna do ghnóthaí sna limistéir seo. Tacaítear le breis is 70 gnó agus breis is 270 post i dtrí cinn de na hionaid fiontar.

Malartú Foghlama Fhine Gall
I Malartú Foghlama Fhine Gall spreagtar roinnt, foghlaim agus nuálaíocht chun freagairt go héifeachtach le dúshláin shóisialta agus eacnamaíochta. Forbraíodh Malartú Foghlama Fhine Gall i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Bhaile Bhlainséir agus thug an malartú sin le chéile  200+ den lucht acadúil, mac léinn, gnó, eagraíocht shibhialta agus phoiblí, ionadaí agus saoránach in 2013.

Reáchtáladh Malairtí Foghlama maidir le Fiontar Sóisialta agus Fiontraíochta, Fiontar Sóisialta do Dhaoine Gorma agus Mionlaigh Eitneacha agus Rannpháirtíocht Chathartha agus Tionchar Sóisialta sa 12 mhí atá imithe tharainn. Forbraíodh líonraí agus saineolas sa rannpháirtíocht chathartha agus phobail, sa fhiontar áitiúil agus sa tionchar sóisialta, agus beidh na líonraí sin, chomh maith leis na freagraí nuálaíocha ina bhonn eolais do chur i bhfeidhm Phlean Gnímh Forbartha Eacnamaíochta Fhine Gall 2014 – 2017.



*Malartú Foghlama Fhine Gall – Bealtaine 2013 – Fiontar Sóisialta & Fiontraíocht, LINC, Institiúid Teicneolaíochta Bhail Bhlainséir.*

Tar éis anailís a dhéanamh ar shonraí agus treochtaí sóisialta agus eacnamaíochta d'aontaigh na gníomhaireachtaí comhpháirtíochta go dtabharfaí tús áite do Mhullach Eadra, Baile Átha Cliath 15 in 2013. Tugtar cuireadh d'eagraíochtaí a sholáthraíonn seirbhísí do shaoránaigh Mhullach Eadrad agus do shaoránaigh na háite páirt a ghlacadh san iarracht teacht ar fhís chomhchoiteann d'fhonn feabhas a chur ar chúrsaí eacnamaíochta agus sóisialta. Beidh an cur chuige limistéar-bhunaithe a forbraíodh i Mullach Eadrad, ina bhonn eolais don Choiste nua um Fhorbairt an Phobail Áitiúil in 2014. Tá líonraí eile pleanála ann sa Chorr Dhubh, Baile an Bhlácaigh/Radharc an Chnocáin i mBaile Átha Cliath 15.

Tá limistéar amháin RAPID ainmnithe ag an rialtais i bhFine Gall i mBaile Bhlainséir ina ndéanfar acmhainneacht a thógáil agus ina gcuirfear tacaí airgeadais ar fáil.

Coise um Fhorbairt an Phobail Áitiúil
Sa Bhille Rialtais Áitiúil 2013, a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2013, moladh go gcuirfí deireadh leis na Boird Fiontar Contae, agus go gcruthófaí Coistí um Fhorbairt an Phobail Áitiúil a ghlacfaidh orthu féin na feidhmeanna comhordúcháin a bhí ag an Boird Fiontar Contae. Sa cháipéis beartais "Putting People First" moladh go gcoinneofaí formhór na dtionscnaimh idirghníomhaireachta a bhí ag na Boird Fiontar Contae a bhí. Ag teacht leis an moladh sin, le linn 2013, lean an tAon um Fhorbairt Eacnamaíochta agus Shóisialta ag tacú le cur i bhfeidhm na dtionscadal a bhí faoi scáth na mBord Fiontar Contae, lena n-áirítear:

- An Tionscnamh 'Age-Friendly'
- Mol Sonraí Fhine Gall
- Invest Fingal
- Comhchoiste Póilíneachta
- Fóram Pháirtithe Leasmhar a Aerfort Bhaile Átha Cliath
- Comhairle na nÓg
- Fóram Míchuma/Inrochtaineachta
- Grúpa Idirghníomhaireachta don Lucht Siúil
- Coiste Seirbhísí Leanaí Fhine Gall
- Fóram Comhtháite Iompair Fhine Gall




*Baill Chomhairle na nÓg Fhine Gall ag freastal a Dháil na nÓg i mí na Samhna 2013*



*Foireann agus Daltaí Scoil Náisiúnta Oilibhéir Phluincéid, Baile an Ridire, Co. Átha Cliath, ag obair ar a gclár ilchineálachta An Bhratach Bhuí. Tacaítear leis an gclár seo i bhFine Gall tríd an nGrúpa Idirghníomhaireachta Lucht Siúil. Bronnadh an Bhratach ar Scoil Náisiúnta O. P. i mí Dheireadh Fómhair 2013.*

## The Gathering

Is éard a bhí i gceist leis an tionscamh rialtais The Gathering Ireland 2013 ná iarracht cuairteoirí breise a mhealladh chuig an tír ó thíortha eile agus bhí an tAonad um Fhorbairt Eacnamaíochta agus Shóisialta ag feidhmiú ar cheann de na Comhordaitheoirí Réigiúnacha, ag soláthar tacaíocht airgeadais do 32 Teacht le Chéile Áitiúil a tharla i bhFine Gall le linn 2013. I measc na n-imeachtaí bhí teacht le chéile teaghlaigh agus clainne, ceiliúradh pobail agus imeachtaí gnó. I measc bhuaicphointí na bliana bhí an Craobhchomórtas Domhanda BMW J24 2013 a reáchtáladh i mí Lúnasa.



*Rás Luamh BMWJ24.*

Reáchtáladh an Seó The Flavours of Fingal ar an 14 agus 15 Meán Fómhair i dTeach agus Feirm an Droichid Nua, Domhnach Bat. Meastar gur fhreastail 20,000 duine ar an ócáid thar an tréimhse dhá lá. San iomlán bhí 75 duine le taispeántais ag an seó agus i measc na míreanna inspéis nua bhí Spás Foghlama do leanaí, inar reáchtáladh ceardlanna agus inar cuireadh i láthair teachtaireachtaí oideachasúla faoi fheirmeoireacht agus bia.

Sa Gharraí Daingean/Sráidbhaile Bia reáchtáladh taispeántais ó tháirgeoirí áitiúla bia agus bhí taispeántais chócaireachta agus bhláthadóireachta ann freisin. Sa spás feirme reáchtáladh comórtais caorach agus beithíoch, trialacha madraí caoirigh, seó eachaíochta agus seó aclaíochta madraí. I measc na ngníomhaíochtaí eile bhí péinteáil aghaidhe ar siúl, campa beag CLG, caisleáin aeir agus taispeántas fíodóireachta. Bhí mórthacaíochta ón lucht gnó áitiúil ann don seó dhá lá seo a ghlac páirt ann agus a chuir tacaíocht fhlaithiúil airgeadais ar fáil chuige chomh maith.



*Flavours of Fingal, 2013*

Chuir an Chomhairle tacaíochta airgeadais ar fáil do Thurasóireacht Fhine Gall i dtreo na gcostas riaracháin agus feidhmiúcháin trína bhallraíocht agus ar an mbord agus a rannpháirtíocht i gcomhchláir trádála agus in aonaigh do thomhaltóirí, i bprómóisin i siopaí i bhfógraíocht spriocdhírithe, i gcaidreamh poiblí agus i bhfeachtais dhíreacha mhargaíochta agus i dtreoirleabhair thurasóireachta (www.fingaldublin.ie).

An Bealach Glas – Braisle  Cleantech Bhaile Átha Cliath

Is comhbhunaithe, ball boird agus ball den fhoireann forfheidhmiúcháin é Comhairle Contae den Bhealach Glas ó bunaíodh é sa bhliain 2010.

I mí Eanáir 2013 d’oscail DCU agus mol le haghaidh Nuálaíocht Cleantech i nGlas Naíon, Baile Átha Cliath 11. Ullmhaíodh plean nua gnó le déanaí le haghaidh An Bealach Glas ina leagtar béim ar na deiseanna nua comhoibriúcháin atá ann, lena n-áirítear cláir AE, agus ina gcuirtear Baile Átha Cliath chun cinn ó thaobh an bhairr feabhais Cleantech i réimsí amhail fuinneamh, earraí in-athnuaite, cathracha cliste, uisce agus earnálacha eile fáis.

Grúpa Oibre na Síne Nua (Chengdu)

Thug ceithre thoscaireacht ón tSín cuairt ar Fhine Gall in 2013, agus ina measc bhí Ciste Árachais Shóisialta Shanghai, Ionadaithe ó Ghrúpa Pobail agus Tithíochta na Síne, cuairteanna trádála ó Suzhou i gCeantar Jiangsu agus foireann a d'áirigh Leas-Mhéara Chengdu.

Sa chuairt ó Chengdu i mí Lúnasa baineadh amach urfhuascailt ghnó, sa mhéid gur daingníodh na caidrimh thrádála a cuireadh ar bun sa bhliain 2011 le cuairteanna a thug Méara Chengdu, Baill Thofa Fhine Gall, agus Foireann Shinsearach Chorparáideach agus Eacnamaíochta Fhine Gall. Tá clár nua beartaithe le haghaidh 2014.

# An Roinn Airgeadais

Déileálann an Roinn Airgeadais le cúrsaí airgeadais gearrthéarmacha agus meántéarmacha na oibríochtaí na Comhairle, idir chúrsaí Ioncaim agus chúrsaí Caipitil.

Áiríonn an obair sin:-

- Monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar ioncam agus caiteachas i ngach réimse
- Ceanglais iasachtaithe agus léasála a shocrú
- Bainistiú ar chisteán agus ar shreabhadh airgid agus
- A chinntiú go gcloítear le prionsabail cuntasaíochta reachtúla agus airgeadais.

Glantar ioncam nó gnáthchaiteachas na Comhairle ó fhoinsí cosúil leo seo a leanas:-

- Rátaí tráchtála
- Deontais Rialtais
- Cíosanna Tithíochta
- Muirir Thráchtála Uisce
- Táillí d'iarratais phleanála
- Muirir d'íocaíocht ar áit chónaithe phríobháideach neamhphríomha

Bíonn an méid airgid atá ar fáil d'fhorbairtí caipitil nó bonneagair ag brath ar Dheontais ón Stát, ar iasachtaí agus/nó ar thobhaigh forbartha.

Áirítear i measc phríomhfheidhmeanna na Roinne Airgeadais:-

- Buiséad Bliantúil a Ullmhú
- Ráiteas Airgeadais Bliantúil a Ullmhú
- Bainistiú agus Rialú Airgeadais
- Bailiú Ioncaim – rátaí tráchtála, muirir thráchtála uisce, tobhaigh réadmhaoine bhliain na hiontrála, muirear d'íocaíocht ar áit chónaithe phríobháideach neamhphríomha
- Íocaíocht cuntas
- Riar párolla
- Riarachán árachais agus éileamh
- Oibríochtaí na hOifige Airgid

### An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

An aidhm atá leis an Acht um Íoc Pras Cuntas 1997 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc na nIdirbheart Tráchtála) ná a chinntiú go ndéanann gach Comhlacht Poiblí agus gach Conraitheoir atá ar conradh leis an tseirbhís phoiblí suimeanna atá dlite lena soláthraithe go pras. I gcás nach ndéantar íocaíocht laistigh de thréimhse 30 lá ó dháta fháil an tsonraisc bhailí, tá dualgas ann pionós úis a íoc

De réir chinneadh an Rialtais S29296 chomh maith leis an bPlean Náisiúnta Téarnaimh agus Clár Tacaíochta AE/CAI d'Éirinn, tá riail 15 lá i bhfeidhm ag Comhairle Contae Fhine Gall maidir le híoc pras cuntas.

Rinneadh monatóireacht leanúnach ar leibhéal agus ar chineál na sonrasc atá fós le híoc agus glacadh céimeanna chun a chinntiú go raibh an Chomhairle ag cloí leis an spriocdhátaí le haghaidh íoc pras.

Le linn na bliana 2013 níor thabhaigh an Chomhairle aon pionóis úis agus íocadh 95% de gach sonrasc laistigh den tréimhse 15 lá.

**Táscairí Feidhmíochta:**

| | 2013 | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| Rátaí Tráchtála (Méid bailithe mar % den méid dlite) | 90.2 % | 83.13% | 84.99% |
| Muirir thráchtála Uisce/Fuíolluisce (Méid bailithe mar % den méid dlite) | 74.89 % | 69.52% | 70.9% |

# RÁITEAS AN CHUNTAIS IONCAIM

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2013

| | DRÉACHT 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| **Caiteachas** | € | € |
| Tithíocht & Foirgníocht | 35,109,627 | 36,993,164 |
| Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre | 22,000,524 | 22,253,315 |
| Uisce & Séarachas | 44,161,673 | 43,233,278 |
| Dreasachtaí & Rialuithe Forbartha | 14,233,713 | 13,964,482 |
| Cosaint Comhshaoil | 34,855,279 | 35,352,876 |
| Áineas & Conláistí | 30,149,698 | 30,045,311 |
| Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Sábháilteacht | 4,011,113 | 6,272,116 |
| Ilghnéitheach | 18,586,228 | 20,612,395 |
| **Ollchaiteachas Iomlán** | **203,107,855** | **208,726,937** |
| **Ioncam** | | |
| Tithíocht & Foirgníocht | 33,623,914 | 35,345,411 |
| Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre | 8,551,272 | 8,329,501 |
| Uisce & Séarachas | 13,167,592 | 13,593,465 |
| Dreasachtaí & Rialuithe Forbartha | 2,752,581 | 2,188,120 |
| Cosaint Comhshaoil | 4,313,928 | 5,704,402 |
| Áineas & Conláistí | 3,225,024 | 2,984,820 |
| Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Sábháilteacht | 2,701,531 | 4,896,672 |
| Ilghnéitheach | 8,287,803 | 8,393,321 |
| **Ioncam Iomlán** | **76,623,645** | **81,435,712** |
| **Glanchaiteachas** | **126,484,210** | **127,291,225** |
| ***Arna mhaoiniú ag:*** | | |
| Rátaí Contae | 119,258,645 | 121,495,756 |
| Ciste Rialtais Áitiúil | 19,619,590 | 19,909,684 |
| Asbhaint Pinseanbhainteach | 3,442,498 | 3,453,932 |
| **IOMLÁN** | **142,320,733** | **144,859,372** |
| Barrachas/(Easnamh) don Bhliain roimh aistrithe | 15,836,523 | 17,568,147 |
| Aistrithe ó/(chuig) Cúlchistí | (17,365,258) | (17,765,759) |
| | (1,528,735) | (197,612) |
| Iarmhéid Tosaigh @ 1 Eanáir | 17,476,010 | 17,673,622 |
| **Iarmhéid Deiridh @ 31 Nollaig** | **15,947,275** | **17,476,010** |

# RÁITEAS AN CHUNTAIS CHAIPITIL

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2013

| | DRÉACHT 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| **Caiteachas (Glan ar Aistrithe Inmheánacha)*** | € | € |
| Tithíocht & Foirgníocht | 19,825,731 | 20,416,040 |
| Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre | 43,459,539 | 26,862,124 |
| Soláthar Uisce & Séarachas | 43,562,201 | 44,612,534 |
| Dreasachtaí & Rialuithe Forbartha | 9,944,696 | 24,688,325 |
| Cosaint Comhshaoil | 1,627,206 | 5,619,834 |
| Áineas & Conláistí | 7,688,155 | 17,520,155 |
| Seirbhísí Ilchineálacha | 319,866 | 280,320 |
| | **126,427,394** | **139,999,332** |
| **Ioncam (Glan ar Aistrithe Inmheánacha)*** | | |
| Tithíocht & Foirgníocht | 22,739,470 | 16,868,888 |
| Iompar & Sábháilteacht ar Bhóithre | 19,269,048 | 24,935,309 |
| Soláthar Uisce & Séarachas | 46,591,901 | 38,601,676 |
| Dreasachtaí & Rialuithe Forbartha | (14,338,819) | 12,486,486 |
| Cosaint Comhshaoil | 4,912,911 | 5,493,611 |
| Áineas & Conláistí | 6,557,692 | 15,034,556 |
| Seirbhísí Ilchineálacha | 3,079,262 | 5,061,470 |
| | **88,811,465** | **118,481,996** |
| **Barrachas/(Easnamh) don bhliain** | **(37,615,929)** | **(21,517,336)** |
| Iarmhéid (Dochar)/Creidmheas @ 1 Eanáir | 68,383,822 | 89,901,158 |
| **Iarmhéid (Dochar)/Creidmheas @ 31 Nollaig** | **30,767,893** | **68,383,822** |

*Ní áiríonn sé seo aistrithe inmheánacha, ach áiríonn sé aistrithe chuig/ón gcuntas Ioncaim

# An Roinn Tithíochta

**Soláthar Tithíochta**
Díríonn soláthar tithíochta sóisialta anois ar Scéim Cíosa Fadtéarmaigh agus ar Scéim Cóiríochta ar Cíos.

Chuige seo cinntíodh 764 maoin CAR go dtí seo, 83 in 2013 agus 75 maoin de Chíos Fadtéarmach, 16 in 2013.

Chomh maith leis sin, cheannaigh an Chomhairle 40 aonad tithíochta do thithíocht shóisialta le linn 2013.

**Tithíocht Inacmhainne Nár Díoladh**

lean an Chomhairle ag úsáid sholáthar na Litreach Ciorcláin AHS1 2009 a sholáthraíonn do léasú aonaid inacmhainne neamhdhíolta le forais dheonacha tithíochta, agus as an líon sin tá, 256 áitrithe anois ag teaghlaigh ó liosta tithíochta na Comhairle.

**Scéim Deontais Chun Mionathrú a Dhéanamh ar Thithíocht do Dhaoine Scothaosta agus do Dhaoine Faoi Mhíchumas**
Faomhadh 173 deontas príobháideach arb ionann a luach agus €1,825,435.

## STOC TITHÍOCHTA

**Ar Cíos**
Amhail an 31 Nollaig 2013 bhí 4,482 réadmhaoin shóisialta agus 72 réadmhaoin ar cíos fadtéarmach i stoc tithíochta na Comhairle. B'ionann an t-ioncam ó chíos a fuarthas ón réadmhaoine sin agus €13,060,372.70. Anuas air sin, bhí 84 aonad eile ann sa stoc tithíochta de thithíocht don lucht siúil agus c. 96 Bá i Láithreáin Stad. Bailíodh €208,671.52 mar ionam ó chíos ón Aonad don Lucht Siúil.

**Iasachtaí**
Amhail an 31 Nollaig 2013, ó na 1,787 cuntas beo morgáiste bailíodh íocaíochtaí de €11,549,674.

## BAINISTIÚ EASTÁIT

San iomlán tabhaíodh €5.1m de chaiteachas ioncaim mar fhreagra cothabhála agus le haghaidh cothabháil ghinearálta ar Stoc Tithíochta agus eastáit na Comhairle agus tabhaíodh €1.1m d'ioncam caiteachais i ndáil le hAonaid Chóiríochta don Lucht siúil mar thoradh ar chothabháil a dhéanamh.

Fuarthas 10,101 iarratas ar chothabháil le linn 2013.

Chomh maith leis sin, rinneadh seirbhísiú ar 3993 coire mar chuid de Chlár Seirbhísithe Coirí na Comhairle.

Reáchtáladh 8 gCúrsa Ionduchtúráin Tionónta chun cuidiú le hiarratasóirí tithíochta socrú isteach ina dtithe agus ina bpobail nua.

D'fhreastail an Rannóg um Bainistiú Eastáit ar 24 cruinniú de Chumann na nÁitritheoirí agus ar cruinniú leis na Gardaí maidir le póilíneacht Pobail agus Eastáit.

Fuarthas 850 gearán maidir le hIompraíocht Fhrithshóisialta agus maidir le sárú tionachta le linn 2013.

Tá 7 ordú eisiachachais i bhfeidhm i ndáil le daoine le hiompraíocht fhrithshóisialta ó thiontachtaí na Comhairle agus i gcás 3 cinn de na tiontachtaí sin athshealbhaíodh iad.

Cuireadh i gcrích Oibreacha Feabhsúcháin Eastáit sna heastáit seo a leanas Páirc Thobar Mhuire, Radharc an Tobair, Baile an Phlásóig, Cnoc na gCaorach, Ascaill Chorr Dhubh, Páirc na Glaise Móire chun maolú ar an Iompraíocht Fhrithshóisialta san háiteanna is measa d'Iompraíocht Fhrithshóisialta.

Rinneadh cothabháil gairdín agus baineadh an fear i 467 áitreabh (seanóirí agus tionontaí leochaileach) faoin gclár um bhaint an fhéir.

San iomlán tabhaíodh caiteachas caipitil de €5.5 m ar chláir bheartaithe chothabhála agus ar fheabhsúcháin eile amhail

Cuireadh i gcrích Deisiúcháin réamh-chur ar cíos i 167 áitreabh.


Rinneadh oibreacha suiteála agus uasghrádaithe teasa lárnaigh i 31 áitreabh. Chomh maith leis sin, rinneadh uasghrádú ar 73 aonad agus rinneadh uasghrádú ar an teas stórála nua i gCaisleán an Churraigh.

Rinneadh oibreacha péinteála agus siúinéireachta i 909 áitreabh faoin gclár cioglach cothabhála.

Rinneadh athsholáthar fuinneog agus doirse de réir mar ba ghá i 130 áitreabh tionóntaithe faoin gclár athsholáthair fuinneog agus doirse.



Rinneadh oibreacha inslithe in áiléir agus i bpoill i 2,323 áitreabh le tionontaí faoin gClár um Uasghrádú ar Fhabraic Foirgnimh (lena n-áirítear 332 aonad arna maoiniú faoi SEAI agus cuireadh obair i gcrích in 278 aonad faoin gClár um Chruthú Fostaíochta). D'éirigh leis an Roinn an costas a bhain leis an obair seo a aisghabháil ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Rinneadh obair inslithe i 56 áitreabh folamh chomh maith faoin gclár in 2013. San iomlán rinneadh oibreacha inslithe in 2379 áitreabh de chuid na Comhairle in 2013, a thug iad chuig leibhéal bonnlíne compoird RCPRA. Táthar tar éis dul i ngleic le fadhbanna i ngach ceann d'áitribh na Comhairle a raibh de d'acmhainn a leithéid d'obair a dhéanamh iontu.



*Oibreacha Inslithe i bPoill i mBallaí*

Rinne an RCPRA maoiniú ar thionscadal píolótach faoin gClár um Chruthú Fostaíochta mar a ndearnadh insliú ar áiléir agus ar phoill in áitribh i limistéar RAPID i mBaile Átha Cliath 15. Rinne Eagraíocht Pobailbhunaithe na hoibreacha seo, agus chuir an eagraíocht sin oiliúint agus fostaíocht ar fáil ar an tionscadal seo do roinnt daoine a bhí ar an gclár dífhostaíochta.

Rinneadh oibreacha inslithe in áiléir agus i bpoill i 332 áitreabh le tionontaí, a bhí páirtmhaoinithe ó dheontas ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus chuir an RCPRA an chuid eile den mhaoiniú ar fáil.

Rinneadh oibreacha athchóirithe ar 13 áitreabh in eastát Radharc Bheanna Boirche in 2013 faoin Scéim Oibreacha Leasúcháin, agus tá oibreacha curtha i gcrích i 81 áitreabh faoin Scéim seo.



*An Teampall Bán*



*Móinteán na gCaorach*

## LEITHDHÁILTÍ

San iomlán leithdháileadh 403 áitreabh ar iarratasóirí ar an liosta tithíochta ag Comhairle Contae Fhine Gall in 2013, faoin Scéim Tacaíochta Tithíochta Sóisiala, mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| • Sóisialta Ócáideach | 125 |
| • Sóisialta Nuathógtha | 0 |
| • SHIP | 34 |
| • RAS | 33 |
| • RAS in-situ | 49 |
| • RAS Athnuaite | 64 |
| • Léas Fadtéarmach | 27 |
| • Deonach (nuathógtha & neamhdhíolta inacmhainne) | 43 |
| • Deonach Ócáideach | 13 |
| • Deonach CAS,CBL, Ar Cíos | 15 |

### Measúnú ar Riachtanais Tithíochta 2013

Is éard atá sa Mheasúnú ar Riachtanais Tithíochta ná an comhaireamh a dhéanann údaráis tithíochta ar an líon teaghlach ina réimse feidhme atá i dteideal tacaíocht a fháil ó thaobh tithíocht shóisialta de. Cuirtear achoimre náisiúnta ar fáil ar mheasúnuithe tithíochta sóisialta go tráth rialta agus tugann sé seo léargas tábhachtach ar an ngá atá ann do thithíocht shóisialta ar fud na tíre. Bhí 6020 teaghlach i ngátar tacaíochta tithíochta sóisialta i gceantar Fhine Gall amhail an 7 Bealtaine, 2013 (ní áiríonn an figiúr iarratasóirí a chuir ar aistriú ná iarratasóirí a bhfuil údarás áitiúil eile i mBaile Átha Cliath freagrach as measúnú a dhéanamh ar a riachtanais). D'fhoilsigh an tÚdarás Tithíochta a tuarascáil Achomair ar Riachtanais Tithíochta 2013 i mí na Nollag 2013.

## CÓIRÍOCHT DON LUCHT SIÚIL

Dar le Comhaireamh Bliantúil 2013 an Lucht Siúil bhí 416 teaghlach den lucht siúil ag cónaí sa Chontae.

Tá an Comhairle ar tí Clár Cóiríochta an Lucht Siúil 2014 – 2018 a fhaomhadh in 2014.

Chomh maith leis sin, chuir Comhairle Contae Fhine Gall 12 aonad cóiríochta ar fáil don Lucht Siúil in 2013.





*Iostáin na Collchoille, BÁC 15.*

| TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA | 2013 | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| **T: Tithíocht** | | | |
| **T.1 Folúntais Tithíochta:** | | | |
| Líon iomlán na n-áitreabh i stoc an údaráis áitiúil | 4,482 | 4,478 | 4,508 |
| % foriomlán na n-áitreabh atá ar cíos | 96.90% | 96.74% | 97.25% |
| % foriomlán na n-áitreabh atá folamh | 3.10% | 3.26% | 2.75% |
| % na n-áitreabh folamh atá faoi réir scéimeanna móra athchóiriúcháin | n/bh | n/bh | 8.90% |
| % na n-áitreabh folamh nach bhfuil ar fáil le cur ar cíos | 83.50% | 82.20% | 88.70% |
| % na n-áitreabh folamh atá ar fáil le cur ar cíos | 16.50% | 17.80% | 11.30% |
| **T.2 Meántréimhse chun áitribh a athchur ar cíos atá ar fáil le cur ar cíos** | 23 lá | 35 lá | 2.9 seacht. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **T.3 Líon na ndeisiúchán arna gcur i gcrích mar chéatadán den líon d'iarratais bhailí a fuarthas** | 91% | 96% | 97% |
| **T.4 Meántréimhse a ghlac sé iarratasóirí a chur ar an eolas faoi chinneadh an údaráis áitiúil maidir le hiarratas ar:** | | | |
| Scéim tithíochta úinéireachta roinnte | n/bh | n/bh | n/bh |
| Scéim Iasachta Tithíochta | 56 lá | 81 lá | 56 lá |
| Tithíocht an údaráis áitiúil | 30 lá | 30 lá | 60 lá |
| **T.5 Tithíocht don Lucht Siúil** | | | |
| Líon iomlán na dteaghlach ón lucht siúil ar tugadh cóiríocht dóibh mar chéatadán de spriocghrúpa sa chlár cóiríochta don lucht siúil | 31% | 40% | 15% |
| **Ion: Bailiú Ioncaim** | | | |
| **Ion.1 Cíos ó Thithe** | | | |
| (a) Méid bailithe ag deireadh bliana mar chéatadán den méid dlite | 87.81% | 87.28% | 86.09% |
| (b) Céatadán riaráistí | | | |
| 4 – 6 seachtaine d'aois | 5.28% | 5.12% | 4.52% |
| 6 – 12 sheachtain d'aois | 14.59% | 13.91% | 12.51% |
| Níos mó ná 12 sheachtain d'aois | 75.45% | 75.34% | 77.35% |
| **Ion.2 Iasachtaí Tithíochta** | | | |
| (a) Méid bailithe ag deireadh bliana mar chéatadán den méid dlite | 88.45% | 90.65% | 93.60% |
| (b) Céatadán riaráistí: | | | |
| 1 mhí d'aois | 5.44% | 6.46% | 10.82% |
| 2 – 3 mhí d'aois | 3.43% | 4.94% | 6.48% |
| Níos mó ná 3 mhí d'aois | 91.13% | 88.60% | 82.70% |

# An Roinn Acmhainní Daonna

Ar cheann de mhórghníomhaíochtaí na Roinne Acmhainní Daonna in 2013 bhí bunú agus cur i bhfeidhm na mbeart coigeartaithe pá agus na mbeart bainteach de réir Bhearta Éigeandála Airgeadais atá sonraithe san Acht um Leas Poiblí 2013 agus i gComhaontú Bhóthar Haddington. I measc na mbeart sin bhí uaireanta breise oibre, laghdú ar thuarastail agus ar theidlíochtaí saoire bliantúla.

Tugadh isteach an Scéim um Iomarcaíocht Dheonach d'Údaráis Áitiúla i mí Iúil, 2013 chun laghdú buan a bhaint amach san fhórsa oibre sna húdaráis áitiúla ó 2013 amach de réir na moltaí sa stáidéar ar an bhfórsa oibre agus sa Chlár Gnímh le haghaidh Rialtas Áitiúil Éifeachtach; Putting People First.

Bhain an tAonad Sláinte agus Sábháilteachta amach Gradam sna National Irish Safety Organisation's Annual Occupational Safety Awards, don tríú bliain as a chéile. Is léiriú é an gradam seo ar thiomantas leanúnach an aonaid i leith barr feabhais agus feabhsúchán a bhaint amach sa soláthar seirbhíse.

## Earcaíocht

Bhí 1296 ball foirne (CLA) fosaithe ag an gComhairle amhail an 31/12/2013 mar atá sonraithe sa tábla thíos:-

| | Buan | Sealadach | Iomlán |
|---|---:|---:|---:|
| Riarachán | 488 | 3 | 491 |
| Gairmiúil | 125 | 8 | 133 |
| Teicniúil | 159 | - | 159 |
| Ceardaíocht | 75 | - | 75 |
| Oibrithe Ginearálta | 426 | 12 | 438 |
| Iomlán | 1273 | 23 | 1296 |

## Daoine Éirithe As

D'éirigh 32 ball foirne as sa bhliain 2013. Bhain 17 mball foirne leas as an Scéim um Iomarcaíocht Dheonach.

## Oiliúint Foirne

In 2013 bhronn Institiúid Oiliúna & Forbartha na hÉireann Gradam Seirbhís do Chustaiméirí ar Chomhairle Contae Fhine Gall. Bronntar an gradam seo mar aitheantas ar bhainistiú an dea-chleachtais san oiliúint agus ar thiomantas leanúnach na Comhairle i leith Oiliúint agus Fhorbairt na Foirne.

Reáchtáladh 143 Cúrsa Oiliúna in 2013 a chuir 1627 áit oiliúna ar fáil don fhoireann.

Bhain 29 fostaí leas as an Scéim Oiliúna don Fhoireann in 2013.




*Buaiteoir an Gradaim um Sheirbhís do Chustaiméirí d'Fhiontair Mhóra, IITD – Gradaim Náisiúnta Oiliúna 2013.*

## Caidrimh Thionsclaíocha

Bhí caidrimh mhaithe thionsclaíocha ag an gComhairle le linn na bliana.

## Sláinte & Sábháilteacht

Cuireadh i gcrích na gníomhaíochtaí seo a leanas le linn 2012;

- Rinneadh 302 cigireacht sábháilteachta agus astusan bhí
- 30 ina n-iniúchtaí sábháilteachta.

## Táscaire Feidhmíochta

Sláinte Chorparáideach – Céatadán na laethanta caillte mar thoradh ar bhreoiteacht: 5.49%

# An Roinn Teicneolaíochta Faisnéise

Tá  an Roinn Teicneolaíochta Faisnéise (TF) freagrach as úsáid straitéiseach na dteiceolaíochtaí faisnéise i gComahirle Contae Fhine Gall chun tacú le réimsí gnó i soláthar a gcuspóirí trí thíosacht agus éifeachtacht níos fearr a bhaint amach.


Cumasaíonn an Roinn TF soláthar seirbhísí do shaoránaigh, don fhoireann agus d'ionadaithe tofa poiblí ar an iliomad bealaí éagsúla amhail deasc tosaigh, gléasanna ar an bhfón póca, an t-idirlíon agus teicneolaíochtaí iolracha amhail GIS agus Web 2.0.

## Tionscadail Náisiúnta

In 2013, ceapadh Comhairle Contae Fhine Gall ar an bpríomh-Údarás Áitiúil le haghaidh dhá chomhthionscadal chomhroinnte TF d'earnáil an Rialtais Áitiúil.

Is é aidhm an tionscadail um Bainistiú Eolais agus Sonraí Oscailte cuidiú leis an Údarás áitiúil glacadh le Bainistiú Eolais mar chur chuige straitéiseach chun sócmhainní na hearnála a bhainistiú agus leas a bhaint astu d'fhonn tosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach.

Is é aidhm an Chórais um Rialú Foirngíochta (BCMS) oibríocht aonair chaighdeánaithe BCMS a thabhairt isteach ar fud earnáil an Rialtais Áitiúil chun na Rialacháin um Rialú Foirgníochta (Leasú) 2013 a thabhairt isteach faoin spriocdháta en 1 Márta 2014.




*Fingal Suíomh Gréasáin nua Chomhairle Contae Fhine Gall*

Tionscadail Réigiúnacha
Chomh maith leis sin, ghlac an Chomhairle páirt in dhá thionscadal chomhpháirteacha réigiúnacha le dhá Údarás Áitiúla eile i mBaile Átha Cliath.

Is é aidhm an Tionscadail Chomhpháirteach Ríomhphleanála ná Tairseach Ríomhpheanála a thabhairt isteach do réigiún Bhaile Átha Cliath a churifidh ar fáil áis chuardaigh agus na doiciméid bhainteacha le hiarratais phleanala do réigiun Bhaile Átha Cliath; a chuirfidh áis ar fáil chun aighneachtaí a dhéanamh maidir le réigiún Bhaile Átha Cliath; agus a cuirfidh áis ar fáil chun iarratais phleanála a dhéanamh do réigiún Bhaile Átha Cliath.

Is é aidhm an Chórais um Bainistiú Faisnéise Leabharlainne (LIMS) córas aonair náisiúnta bainistithe a sholáthar do leabharlanna poiblí i ngach údarás áitiúil. Áireofar sa chóras seo catalóg aonair chomhroinnte leabharlainne, éascófar cárta ballraíochta aonair náisiúnta leabharlainne, agus déanfar bainistiú agus comhtháthú ar ábhar clóite agus digitithe.

Tionscadail
Rinne an Roinn TF bainistiú ar líon mór tionscadal i gcomhar le roinnt de Ranna na Comhairle le linn 2013, lena n-áirítear–

*Suíomh Gréasáin Nua na Comhairle*
- Athdhearadh shuíomh gréasáin na Comhairle le go mbeadh sé níos éasca é a úsáid.

*Amharc ar Mhapáil ar Line*
- Córas nua mapála ar líne don phobal.

*Tairseach Tithíochta*
- Córas nua ar líne do chustaiméirí Cíosa Tithíochta.

*Córas Bainistíochta Flít*
- Cur i bhfeidhm an chórais chun bainistiú a dhéanamh ar fheithiclí na Comhairle.

*Aip Mhóibíleach d'Oibrithe Allamuigh*
- Cur i bhfeidhm aip mhóibíleach don fhoireann.

*Riachtanais Tithíochta agus Measúnú Cíosa*
- Feabhas ar Phróisis Ghnó le haghaidh Riachtanais Tithíochta agus Measúnuithe Cíosa.


*Clódóireacht Bhainistithe*
- Seirbhís chlódóireachta atá bainistithe go lárnach don fhoireann.

*Córas Teileafóin VOIP*
- Cur i bhfeidhm chóras nua teileafóin na Comhairle.

Deasc Seirbhíse

| Staitisticí na nGlaonna | 2013 | 2012 | 2011 |
|---|---:|---:|---:|
| Glaonna Deisce Seirbhíse Logáilte | 4,684 | 4,276 | 5,324 |
| Meánlíon gloanna gach mí | 390 | 356 | 444 |
| Meánlíon glaonna gach lá | 13 | 11 | 22 |
| Réitithe laistigh de 24 uair an chloig | 44% | 47% | 45% |

Miondealú na nGlaonna ar an Deasc Seirbhíse 2013





# An Roinn Dlí

Cuireann an Roinn Dlí seirbhís chuimsitheach dlí intí ar fáil don Bhainisteoir Contae agus do gach Rannóg sa Chomhairle, maidir le cúrsaí a bhaineann le raon leathan, éagsúil fheidhmeanna reachtúla na Comhairle. I measc na seirbhísí sin tá:-

- Comhairliúchán le cliant-rannóga i ndáil le soláthar thionscnamh agus sheirbhís na Comhairle
- Comhairle a sholáthar do ranna eile i ndáil le haon saincheist ag eascairt ó chásdlí agus an creat rialála ag rialú na n-údarás áitiúil
- Oiliúint do Ranna na Comhairle a sholáthar
- Ionadaíocht a dhéanamh ar an gComahirle ag eadránú agus ag éishamsteachtaí béil, mar shampla Meitreo Thuaidh
- Déileáil le héadálacha agus diúscairt mhaoin na Comhairle lena n-áirítear
    - Comhaontuithe/ceadúnais do chlubanna agus ionaid phobail
    - Léasanna tráchtála shuíomhanna tionsclaíocha na Comhairle
    - Tiomnú spásanna oscailte
    - Ceannach amach cothromais
    - Céadchlárúcháin
    - Iasachtaí agus morgáistí
    - Úinéireacht roinnte
    - Ceannach ag tionóntaí faoi scéimeanna ceannaigh
    - Scéimeanna deonacha tithíochta
- Cásanna a thionscnamh agus a chosaint sa Chúirt Dúiche, sa Chúirt Chuarda agus san Ard-Chúirt, lena n-áirítear an Chúirt Tráchtála agus an Chúirt Uachtarach lena n-áirítear
    - Sáruithe conartha,
    - d Díospóidí i ndáil le talamh,
    - Bailiú fiach, lena n-áirítear bailiú rátaí, breithiúnais agus morgáistí breithiúnais, urghairí,
    - Éilimh dliteanais fostóirí
    - Athshealbhú tithíochta mar thoradh ar gan cíos/morgáiste a íoc agus ar iompraíocht fhrithshóisialta,
    - Urghairí faoi alt 160 den Acht um Pleanáil agus Forbairt
    - Imeachtaí d'athbhreithniú breithiúnach
    - Imeachtaí sa Chúirt Dúiche ar bhonn seachtainiúil i ndáil le nithe amhail cionta bruscair, cionta pleanála, smachtú madraí, truailliú aeir, fodhlíthe faoi dheochanna meisciúla, cúrsaí tithíochta agus toghairmeacha le haghaidh rátaí
    - Dliteanas faoi dhíobháil phearsanta
    - Foghail agus núis.

Leanadh le hathbhreithniú agus cur i bhfeidhm chóras bainistithe cásanna na rannóige le linn 2013, agus bhí seo ina uirlis éifeachtach chun próiseáil a dhéanamh ar chásanna faoi rátaí, ar bhailiú fiach agus ar chaingne forfheidhmiúcháin.   In 2013, soláthraíodh oiliúint leanúnach don fhoireann a d'fhreastail ar raon cúrsaí i réimsí amhail forbairt ghairmiúil, eolas dlí agus TF.

# Rannán na Leabharann

Déanann Leabharlanna Fhine Gall suas 35% de na cuairteanna ar shuíomh gréasáin na Comhairle, agus baineann na cuairteoirí sin leas as ár seirbhísí digiteacha, as an áis cuardaigh catalóige ar líne, agus chun sonraí a sheiceáil faoi na himeachtaí iomadúla a bhíonn á reáchtáil nó faoina gcuntas leabharlainne. Cuireadh na croísheirbhísí a chuireann ár naoi leabharlann, ár gceithre leabharlann shoghluaiste, agus ár rannóg Staidéir Áitiúil agus Cartlainne ar fáil saor in aisce le linn 2013. Tugann an tseirbhís shoghluaiste/don dhaoine gafa sa teach cuairt ar 196 áit ar fud na tíre ar bhonn rialta. Tá na ráta is airde ballraíochta againn le 157,403 duine nó 57.45% den daonra ina mbaill chláraithe. In 2013, mheall ár gcraobhleabharlann is mó, i mBaile Bhlainséir, 1,409 cuairteoir in aghaidh an lae, ar an meán, agus ó am go chéile shroich an figiúr sin 2,000 in aghaidh an lae ar laethanta saoire scoile agus díreach roimh scrúduithe. Is léir mar sin go bhfuil an-tóir ar leabharlanna na Comhairle agus a seirbhísí i measc phobal Fhine Gall!

**Seirbhísí Digiteacha agus Féinseirbhís Leabharlanna Fhine Gall**
Tá rud éigin spéisiúil ann do chách, bíodh sin ina leabhar, irisleabhar nó cúrsa foghlama ar líne, agus tá baill na leabharlainne tar éis fáilte mhór a chur roimh na háiseanna digiteacha. Faoi láthair tá breis is 4,700 ball leabharlainne ag úsáid ár seirbhísí leabharlainne agus ghin sé sin breis is 26,500 idirbheart in 2013. Tá na seirbhísí sin ar fáil 24/7, agus dá bhrí sin bíonn an leabharlann ar fáil do chách an t-am go léir. In 2013, rinneadh 74% de na hidirbhirt i mBaile Bhlainséir, Baile Brigín, An Ros, Mullach Íde agus Sord ag úsáid na rogha féinseirbhíse.

**Straitéis Litearthachta Luath-Óige**
Seoladh Straitéis Litearthachta Luath-Óige Leabharlanna Contae Fhine Gall: *The Youngest Ages Can Turn Pages* i mí na Samhna 2013. I measc na bpríomhgníomhaíochtaí a ndeachthas i ngleic leo le linn 2013 bhí oiliúint litearthachta, bunú clubanna leabhar do naíonáin, forbairt an stoic leabhar do leanaí óga dar teideal *Early Readers* agus idirchaidreamh a bhunú le húdair agus le maisitheoirí leabhar.






*Leabharlann Bhaile Brigín.*

**Imeachtaí**
Reáchtáladh na céadta imeacht le linn 2013 chun daoine a spreagadh le ballraíocht a ghlacadh leis an leabharlann, chun siamsaíocht a sholáthar agus chun freastal ar bhaill

iomadúla agus éagsúla na leabharlann. I measc na mbuaicphointí bhí tionscadal filíochta agus comórtas do dhaoine fásta dar teideal *Heart in Mouth*, dúshlán léitheoireachta samhraidh do leanaí idir 6 agus 12 bhliain d'aois agus an clár léitheoireachta *Battle in the Castle*. Ghlac leabharlanna páirt in *Flavours of Fingal Festival* mar ar chuir siad gníomhaíochtaí ar fáil amhail scéalaíocht, ealaíona agus ceardaíocht, siamsaíocht do leanaí, taispeántais chócaireachta agus comhairle faoi chothú. Chomh maith leis sin, ghlacamar páirt i dtionscamh spreagtha feasachta faoi easpa dídine le hIontaobhas Peter McVerry Trust agus san fheachtas leabharlainne Reugee Day le UNHCR.

In 2013 tháinig a lán grúpaí pobail le chéile inár leabharlanna chun bheith ag caint, ag díospóireacht agus ag pleanáil do thodhchaí shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíochta ár bpobal. D'eagraigh foireann na leabharlainne ceardlanna cuardaigh fostaíochta, cúrsaí teanga agus ranganna ríomhaireachta do chuardaitheoirí post agus d'fhiontraithe agus ar mhaithe le hathnuachan eacnamaíochta an Chontae.

Europe Direct

Is é an tIonad Europe ag Leabharlann Bhaile Bhlainséir an nasc áitiúil leis an Eoraip do Shaoránaigh Fhine Gall. Déanann an tIonad óstáil ar imeachtaí le téamaí Eorpacha agus cuireann eolas agus comhairle ar fáil don phobal i ndáil le gach gné den AE, idir bhia is taisteal. Buaicphointe na bliana ná an tAonach Oideachais agus Fostaíochta arna eagrú mar fhreagra díreach ar an ráta ard dífhostaíochta go háirithe i measc daoine óga. Bhí breis is 20 taispeántóir ann ar an lá, lena n-áirítear Eurodesk, Europass, UCD agus Comhpháirtíocht Limistéir Bhaile Bhlainséir. D'oscail an Feisire PE Emer Costello an ócáid go hoifigiúil agus ghlac breis is 900 duine páirt ann.

Staidéir Áitiúla agus Cartlanna

I measc ár bpríomhfoilseachán in 2013 bhí *Fingal Studies, Some Fingal Schools*, an 3ú heagrán dár leabhrán staidéir áitiúil agus *Portmarnock, its People and Townlands*. D'fhoilsíomar féilire staidéir áitiúil chun fógraíocht a dhéanamh ar bhailiúcháin atá ar fáil sa stór. Chomh maith leis sin, reáchtáil an leabharlann sraith de chainteanna ar éirigh go geal leo, cainteanna a roghnaíodh chun béim a leagan ar an tionchar atá ag imeachtaí a reáchtáiltear ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta agus chun comóradh a dhéanamh ar imeachtaí ar leith inár stair, mar shampla frithdhúnadh 1913.

Rinne rannóg na gCartlann maoirseacht ar athcheangal iomlán Chlár Toghthóirí Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath 1964-1994, scanadh ar gach clár reilige, agus na léarscáileanna ag gabháil leo, atá i seilbh na Comhairle Contae, mar chuid den chlár fadtéarmacha dhigitithe, agus aistriú gach Ordú Bainisteora CCFG i seilbh na gCartlann chuig saoráid dhaingean lasmuigh den láthair. Fuaireamar roinnt bailiúchán luachmhar stairiúil ó dheontóirí, lena n-áirítear leabhair rolla ó roinn Scoileanna Náisiúnta, agus dialanna beairice ó RIC Mhullach Íde a scríobhadh le linn an ghorta.

| TÁISCAIRE FEIDHMÍOCHTA | 2013 | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| Míreanna faighte ar iasacht | 1,077,122 | 1,192,968 | 1,272,135 |
| Baill Chláraithe | 157,403 | 160,308 | 145,325 |
| Uaireanta Úsáide an Idirlín | 141,455 | 134,734 | 127,697 |
| Cuairteanna ar na Suíomh Gréasáin (*Leathanach Baile Amháin*) | 76,847 | 70,709 | 50,831 |
| Amharc uathúil suímh ghréasáin* | 377,787 | 373,684 | 362,423 |
| Meánlíon uaireanta oscailte don phobal in aghaidh na seachtaine do leabharlanna lánaimseartha | 44.71 | 47.94 | 49 |
| Meánlíon uaireanta oscailte don phobal in aghaidh na seachtaine do leabharlanna páirtaimseartha | 27 | 23 | 17 |
| Líon na mball cláraithe leabharlainne mar % den daonra áitiúil (Daonáireamh 2011) | 57.45% | 58.51% | 53.22% |
| Líon na míreanna in aghaidh an duine den daonra (ar fud na tíre) le haghaidh na nithe seo: | | | |
| (a) Leabhair | 2.945 | 3.15 | 3.58 |
| (b) Míreanna Eile | 0.985 | 1.204 | 1.08 |
| (c) Iomlán: Leabhair Móide Míreanna Eile | 3.93 | 4.354 | 4.66 |
| % de Leabharlanna a chuireann rochtain idirlín ar fáil don phobal | 100% | 100% | 100% |
| Líon na seisiún Idirlín arna soláthar in aghaidh an 1000 duine den daonra | 516.25 | 493.53 | 467.75 |
| Caiteachas an chiste leabhar in aghaidh an duine | 2.52 | 2.37 | 3.12 |
| Cuairteanna a thug baill den phobal ar Leabharlanna Fhine Gall | 1,156,018 | 1,232,394 | 1,234,807 |

* *An sainmhíniú a thugann Google Analytics ar Amharc Uathúil Leathanaigh ná líon na seisiún ina ndearna an t-úsáideoir céanna amharc ar leathanach uair amháin nó níos mó.*

# An Roinn Oibríochtaí

Cuimsíonn an Rannóg nua formhór fheidhmeanna na Rannóige Iompair mar a bhí maille le spásanna oscailte poiblí, trídhreachú, cothabháil crann agus bailiú bruscair i ngach limistéar poiblí. Áiríonn sé freisin freagracht as tránna agus cuanta.






Mar thoradh ar chónascadh na bhfeidhmeanna, a bhí scagtha amach roimhe seo, tá deiseanna ann cláir oibreacha a fhorbairt a thagann le gníomhaíochtaí sceidealaithe ar an bhféilire agus mar sin is féidir fóir níos fearr a bhaint as an gcionnroinnt acmhainní daonna ar bhealach níos solúbtha ná mar a bhí cheana.

## IOMPAR

Tá Comhairle Contae Fhine Gall freagrach as bainistiú agus gluaiseacht daoine, feithiclí, ainmhithe agus earraí ar bhealach sábháilte, éifeachtach, tíosach ó thaobh airgid de ó áit go háit laistigh d'Fhine Gall trí mheán an chórais de bhóithre poiblí.

Na príomhphíosaí reachtaíochta cumasúcháin ná:

- Acht na mBóithre 1993 - 2007
- Na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1961 go 2008
- Na hAchtanna Rialtais Áitiúil (Pleanáil & Forbairt), 2000 – 2011

An Próiseas Iompair/Raon Seirbhísí

Déanann Contae Fhine Gall soláthar le haghaidh raon seirbhíse, feabhsúchán, cothabháil agus soilsiú na mbóithre atá ann faoi láthair, cur i bhfeidhm na mbeart bainistithe tráchta agus oibriú na coda sábháilte agus na seirbhíse bardach scoile. Feidhmíonn an Rannóg Oibríochtaí mar ghníomhaire don Údarás Náisiúnta Bóithre (ÚNB) do bhainistiú an Líonra Náisiúnta Bóithre a áiríonn bealaí an M1, M2 agus N3, i bhFine Gall. Tá an Rannóg freagrach freisin as tógáil i gcúram na mbóithre nua, dúnadh sealadach agus buan na mbóithre, fodhlíthe a cheapadh i ndáil le bóithre agus limistéir bhainteacha (e.g. teorainneacha luais, áiteanna páirceála etc.).

Trácht

Déileáladh le raon leathan saincheisteanna faoi rialú tráchta, pleanáil tráchta agus bainistiú tráchta:

- Bainistiú Éilimh Taistil, chun cur chun cinn a dhéanamh ar bhunphrionsabal na roghanna inbhuanaithe atá ann ar úsáid an chairr, i.e. áiseanna páirceáil agus taisteal, siúl, rothaíocht, agus pleananna bainistithe soghluaisteachta etc.
- Soláthar agus cothabháil soilse tráchta
- Comharthaí agus marcáil péinte/líneáil ar an líonra bóithre.
- Moilliú tráchta agus scéimeanna bainistithe, arb iad a gcuspóir ná feabhas a chur ar shábháilteacht do choisithe, maolú ar bhrú tráchta, feabhas a chur ar inrochtaineacht d'úsáideoirí bóithre a bhfuil lagú soghluaisteachta acu, agus bainistiú a dhéanamh ar pháirceáil níos éifeachtaí.
- Éascú a dhéanamh ar sholáthar an Líonra de Lánaí Bus don Údarás Náisiúnta Iompair (ÚNI)
- Tá Taisteal Níos Cliste ina pholasaí Rialtais le haghaidh iompair in Éirinn. "Smarter Travel, "A Sustainable Transport Future, A New Transport Policy for Ireland 2009 – 2020", agus ag gabháil leis tá "Ireland's First National Cycle Policy Framework". An cuspóir leis an tionscadal seo ná forbairt a dhéanamh ar bhealach a chothóidh modhanna inbhuanaithe iompair, go háirithe rothaíocht.
- Cur chun cinn sábháilteacht ar bhóithre.

| Gnéithe Tráchta sa bhliain 2013 | Sonraí |
|---|---|
| Comharthaí Tráchta<br>Comharthaí do Choisithe<br>Trasrianta Túcánacha | 100 (94 ar Chianchóras Monatóireachta)<br>86 (82 ar Chianchóras Monatóireachta)<br>27 (24 ar Chianchóras Monatóireachta) |
| Comharthaí don Bhardach Scoile<br>Trasrianta | 23<br>3 |
| Geataí Bus<br>Léitheoirí Luais/comharthaí atá gníomhachtaithe ag feithiclí | 1<br>13 |




Tionscadail um Iompar Inbhuanaithe
Cuireadh chun cinn na tionscadail seo a leanas in 2013:

- Cuireadh i gcrích scéim bainistithe tráchta Lusca, a sholáthraíonn do chomharthaíocht ag acomhal Bhóthar an Stáisiúin/Bhóthar Bhaile Átha Cliath/na Sráide Móire agus saoráidí nua trasnaithe bóthair do choisithe.
- Cuireadh i gcrích Scéim Feabhsaithe Líonra Rothar-Teach Chainnigh i mí na Nollag 2013. Díríodh go háirithe ar bhealaí chuig an scoil, agus forálann an scéim seo d'fheabhsuithe ar an mbonneagar siúlóide agus rothaíochta i gceantar Bhaile Bhlainséir.
- Cuireadh tús le hobair thógála ar scéim Bhealach Glas na Canálach Ríoga. Faoin scéim seo tá uasghrádú á dhéanamh ar an gcosán idir an chanáil idir Baile an Ásaigh agus Caisleán Cnucha agus áiríonn sé athdhromchlú a dhéanamh, soilsiú nua poiblí agus CCTV a shuiteáil.
- Rinneadh oibreacha leasúcháin ar roinnt den na rampaí ceannsaiteh tráchta in áiteanna éagsúla ar fud an chontae.
- Cuireadh 4 thrasrian/toucan nua le comharthaí ar fáil do choisithe chun feabhas a chur ar shábháilteachta (Baile Bhlainséir 2, Lusca 1, Bóthar Bhaile Shéamais, Fionnghlas 1.)
- Cuireadh i gcrích oibreacha chun feabhas a chur ar inrochtaineacht ar an líonra cosán i mBinn Éadair.
- Clár chun feabhas a chur a mharcanna bóthair ag díriú go háirithe ar an Lána Bus, ar an Lána Rothar agus ar thrasrian scoile.

- Leanadh leis an obair dhearaidh chun scéimeanna nua iompair inbhuanaithe a sholáthar lena n-áirítear bealaí tosaíochta Rothar do Bhaile Átha Cliath 15, Bealach Glas na Canálach Móire (Caisleán Cnucha go dtí Maigh Nua) agus feabhas ar iompar poiblí ó Shord go dtí Cathair Bhaile Átha Cliath.

Íoc agus Taispeáin

Leanadh ag feidhmiú go héifeachtach na Scéimeanna Íoc agus Taispeáin do bhailte Mhullach Íde, Bhaile Bhrigín, Na Sceirí agus Shord agus An Rois, Cluain Saileach/Geata an Phóirtéara.

Cothabháil Bóithre

Áiríodh sa chlár de mhóroibreacha le linn 2013 athdhromhchlú, cóiriú dromchla, daingniú, oibreacha faoisimh tuilte, máchailí a cheartú ó chaitheamh agus cuimilt agus deisiúcháin lintreog ar bhóithre na tíre arb iadsan ba mhó a raibh gá acu le deisiú. Tá deisiú geimhridh ina bhunchuid shofaisticiúil, den chlár oibríochtaí, ag cuimsiú na tréimhse ó thús na Samhna go dtí deireadh Aibreáin. Rinneadh Mapáil Theirmeach ar an bpríomhbhóthar agus bunaithe ar na léamha ó stáisiúin atá lonnaithe go straitéiseach go háitiúil feadh na mbealaí, sonraí a chuirtear isteach i gcóras ríomhaireachta, déanann an t-údarás áitiúil salannú/leathadh grin réamhchúraim dá réir.






Bainistiú Flít agus Trealamh ar Cíos

Déanann an Rannóg um Bainistiú Flít agus Trealaimh (FMPH) bainistiú ar fhlít agus ar riachtanais cíosa trealaimh do Chomhairle Contae Fhine Gall. In 2013, rinne FMPH bainistiú ar fhlít na comhairle ina raibh breis is 380 feithicle agus píosa trealaimh agus rinne próiseáil ar 631 iarratas ar threalamh a fháil ar cíos.

An Rannóg um Shoilsiú Poiblí

Le linn 2013, rinne an Rannóg um Shoilsiú Poiblí bainistiú ar chothabháil 30,000 solas ar fud Fhine Gall.

Sábháilteacht ar Bhóithre
Rinne an Roinn Oibríochtaí bainistiú ar Sheirbhísí Bardach Scoile. B'ionann líon iomlán na mBardach fostaithe sa bhliain 2013 agus 95 bardach lánaimseartha agus 21 bardach cúltaca. Tá bainistiú agus cothabháil an chláir Bardach Scoile ina ghné thábhachtach den Chlár um Shábháilteacht ar Bhóithre agus rinneadh seo le linn na bliana 2013 ar na bealaí seo a leanas:

- Oiliúint, maoirseacht agus riarachán a chur ar fáil do Bhardaigh Fhásta Scoile
- Oiliúint agus maoirseacht ar dhaltaí a bhíonn i mbun na seirbhíse sóisearaí bardach scoile




Leanadh leis an tSábháilteacht ar Bhóithre le linn 2013 ar na bealaí seo a leanas?:

- Eolas/ábhar feachtais, bileoga eolais, criosanna muinchille, agus pinn luaidhe le teachtaireachtaí faoi shábháilteacht orthu
- Cúrsa oiliúna do rothaithe
- Cainteanna oideachasúla i scoileanna
- Cúrsa oiliúna do bhardaigh shóisearacha scoile
- Seachtain Sábháilteachta ar Bhóithre, Lá Siúl ar Scoil
- Seó um Shábháilteacht ar Bhóithre do dhaltaí na idirbhliana san Helix
- Cur chun cinn ar bhealaí sábháilte chuig an scoil agus cur chuige ilghníomhaireachta i ndáil leis an mbus ag siúl
- Maidineacha Bike for your Breakfast i scoileanna
- Imeachtaí rothaíochta agus gluaisrothaíochta le linn Sheachtain Sábháilteachta Pobail
- Laethanta COW agus WOW le linn na Seachtaine Glaise

## Príomhstaitistici

| Fad Bóthair de réir Catagóire | 2013 | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| Bóithre Náisiúnta lena n-áirítear: Mótarbhealaí | 60km | 60km | 60km |
| Bóithre Réigiúnacha | 225km | 225km | 225km |
| Bóithre Áitiúla | 1039km | 1026km | 1019km |
| Líon na gclaiseanna uisce ar bhóithre nach bóithre náisiúnta iad - | 40,000 | | |

| Nithe eile ar déileáladh leo: | 2013 | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| Iarratais ar Cheadanna Slí/Cumarsáide, Iarratais ar Cheadúnais Oscailte Bóthair | 439 | 385 | 328 |
| Iarratais ar Dhúnadh Sealadach Bóthair | 19 | 36 | 39 |
| Iarratais ar Dheimhniú do Thógáil i gCúram | 532 | 413 | 329 |
| Iarratais ar Cheadúnas d'Ualach Neamhghnách | 350 | 313 | 331 |

## Táscairí Seirbhíse

| | |
|---|---|
| Líon ciliméadar de bhóithre áitiúla agus réigiúnacha a fheabhsaíodh agus a cothaíodh faoin gClár Athchóirithe in aghaidh na bliana | 38.4 km |
| Líon ciliméadar de bhóithre áitiúla agus réigiúnacha faoin Scéim Deontais d'Fheabhsúcháin Shonracha in aghaidh na bliana | 0km |

## COMHSHAOL

### Tránna agus Uisce Snámha

Tá 48 ciliméadar de chósta i bhFine Gall. Tá 10 dtrá ainmnithe ann a chuireann conláistí luachmhara ar fáil sa Chontae agus tá siadsan lonnaithe ag.

- Baile Brigín, na Sceirí Theas, Loch Sionnaigh, An Ros Theas, Port Reachrann, Domhnach Bat, Mullach Íde, Port Mearnóg, Cill Fhionntain (Bóthar an Coincéir) agus Claremont, Binn Éadair.




Bíonn 36 garda tarrthála fostaithe ag 10 gcinn de na tránna ó Mheitheamh go dtí deireadh Lúnasa 2013. Chomh maith le glanadh agus saoráidí rochtana a sholáthar ag na tránna déantar monatóireacht rialta ar sháile chun a chinntiú go bhfuiltear ag cloí leis an ceanglais a bhaineann le Cáilíocht Uisce Snámha.

### Cuanta

Déanann an Roinn Oibríochtaí bainistiú agus cothabháil ar áiseanna loingseoireachta ag Baile Bhrigín, Na Sceirí, Loch Sionnaigh agus Mullach Íde. Chuir An Roinn Talmhaíochta, Iascach agus Bia , oibreacha páirtmhaoiniú ar fail mar chuid den Chlár Forbartha Iascach, Cuanta agus Bonneagair Chósta agus chuir an Chomhairle an chuid eile den mhaoiniú ar fáil, agus áiríodh faoi sin na hoibreacha seo a leanas;

- Críochnú ar an gcuid dheireanach den chuan inmheánach ag Cuan Bhaile Brigín
- Críochnú ar an gcuan inmheánach ag Cuan na Sceirí
- Athdhromhchlú a dhéanamh ar phiara an chuain agus baint na gcéimeanna ag Cuan Loch Sionnaigh










*An tUachtarán ag oscailt go hoifigiúil cuaille mara na Sceirí & Loch Sionnaigh, Meán Fómhair 2013.*

## REILIGÍ

Tá 36 Reilig a ndéanann Comhairle Contae Fhine Gall iad a fheidhmiú agus a chothabháil.





### Áiseana Poiblí

Déanann an Chomhairle cothabháil ar 15 áit phoiblí – 7 gcinn atá ar oscailt an bhliain ar fad agus 8 gcinn a bhíonn ar oscailt i rith an tsamhraidh.

## PÁIRCEANNA

Tá an Rannóg Oibríochtaí freagrach go príomha as pleanáil, bainistiú agus cothabháil roinnt de na 2500 acra (1012 Ha.) de spás oscailte poiblí i bhFine Gall. Déanann an Rannóg bainistiú ar pháirceanna comharsanachta agus ar áiseanna spóirt ar fud an Chontae.

Cuireann an Rannóg deiseanna fairsinge áineasa agus fóillíochta ar fáil d'áitritheoirí Fhine Gall agus do chuairteoirí a thagann chuig Fine Gall. Déanann sé cothabháil freisin ar thuairim is 140acra (57 Ha) d'imill uirbeacha fhéaraigh agus ar limistéir imeallacha ar fhormhór an líonra de mhótarbhealaí sa Chontae.

- Rinne an Rannóg Oibríochtaí cothabháil ar 33 clós súgartha i suíomhanna éagsúla ar fud Fhine Gall. Tá dhá chlós nua á dtógáil i Sord.
- Rinne an Rannóg Oibríochtaí cothabháil ar 168 páirc imeartha do raon spórt foirne lena n-áirítear Iománaíocht, Camógaíocht, Haca, Peil Ghaelach, Sacar, Rugbaí agus Peil Mheiriceánach.
- Bhí 8 bpáirc imeartha uile-aimsire ar fáil sna háiteanna seo Baile Bhrigín, Na Sceirí, Gleann na hAbhann, Baile Anraí, Páirc Bhaile an Hartaigh, Mullach Eadrad, An Chorr Dhubh, agus Mullach Íde.
- Cuireadh tailte cruicéid ar fáil ag Diméin Mhullach Íde, ag Páirc an Bhaile, Baile Bhrigín agus ag Baile an Phóirtéaraigh
- Tá rian lúthchleasaíochta féir ar fái i bPáirc Bhaile an Phóirtéaraigh.
- Bhí 12 Limistéir Ilúsáide Cluichí ar fáil ar fud an Chontae – saoráidí beaga uile-aimsire iad seo le haghaidh sacair agus cispheile. Tá MUGA nua amháin á thógáil i Sord.
- Tá 2 pháirc scátála ann i mBaile Anraí, Sord, agus sa Pháirc Mhílaoise, Baile Bhlainséir.
- Cúirteanna poiblí leadóige i Mullach Íde, sa Tobar Naofa, Sord, Baile an Ridire, na Sceirí, Lusca, Coill na hAbhann agus Baile an Charpaintéaraigh.
- Bhí Faiche Babhlála á riar ag Club Babhlála Na Sceirí i bPáirc an Bhaile, Na Sceirí.
- 2 fhaiche phoiblí ghailf, sa Chorrbhaile, Domhnach Bat agus Elmgreen, BÁC 15.
- Trealamh gleacaíochta do dhaoine fásta i 3 áit, Páirc na Mílaoise, BÁC 15, Páirc na Feá, BÁC 15 agus Páirc Chionn Iúir, an Ros. Tá trealamh gleacaíochta do dhaoine fásta á thógáil faoi láthair i 5 áit eile: Sord, Baile Brigín, na Sceirí, Lusca agus Baile an Hartaigh.








Chomh maith leis sin, bhí ról gníomhach ag an Roinn Oibríochtaí i

- Seachtain Náisiúnta na gCrann agus in imeachtaí náisiúnta Lá na gCrann.
- An clár bliantúil de chur crann agus sceach, limistéir nuachurtha lusanna, cur bleibeanna agus cur séasúrach crann sráide agus cothabháil.
- Athchúrsáil ar Chrainn Nollag.
- Éascú ar imeachtaí spóirt i bpáirceanna agus spásanna oscailte lena n-áirítear RAS sna Sceirí agus Cross in Ward, Gleann na hAbhann, Sord. Lúthchleasaíocht i mBaile Anraí, Sord.

## RIARACHÁN

Freastalaíonn an Roinn Oibríochtaí ar chruinnithe Limistéir Coiste (Seirbhísí A) agus ar chruinnithe na Comhairle Contae gach mí. Freastalaíonn an Roinn ar chruinnithe an Choiste Iompair agus Spóirt gach ráithe.

# An Roinn um Pleanáil & Bonneagar Straitéiseach:

## BONNEAGAR STRAITÉISEACH

### DRAENÁIL MHÓRCHEANTAR BHAILE ÁTHA CLIATH

An príomhchuspóir leis an tionscadal DMCBÁC ná réiteach fadtéarmach draenála a thabhairt tríd an gcéim phleanála – réiteach a fhreastalóidh ar fhorbairt reatha agus ar fhorbairt amach anseo ar Limistéar Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Déanann Fine Gall an Tionscadal a bhainistiú thar ceann Chomhairlí Contae na Mí, Chill Dara, Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin agus Bhaile Átha Cliath Theas. Déantar DMCBÁC a threorú trí Choiste Stiúrtha, a dtagann a n-ionadaithe ó 6 cinn d'údaráis áitiúla agus ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Áireoidh an DMCBÁC:

- Soláthar le haghaidh Ionad Réigiúnach Cóireála Fuíolluisce (ICFU) agus an forsceitheadh muirí bainteach leis agus
- Soláthar le haghaidh Cuar-chóras Draenála (CCD) ag nascadh an ICFU réigiúnach leis an líonra reatha réigiúnach séaraigh agus soláthar le haghaidh nasc amach anseo i réimsí sainaitheanta forbraíochta sa dobharcheantar.

I measc phríomhthorthaí 2013 bhí siad seo:

- Foilsíodh an tuarascáil **Alternative Sites Assessment and Route Selection (Phase 4): Final Preferred Site and Routes** Report. Ainmníodh Cluain Seach sa tuarascáil mar shuíomh ina gcuirfí ionad cóireála fuíolluisce agus an suíomh is fearr sceite uisce tuairim is 1 Km ó thuaidh ó Inis Mac Neasáin.
- Reáchtáladh comhairliúchán poiblí maidir leis na saincheisteanna a bhí le breithniú ón Ráiteas RTT, saincheisteanna a ardaíodh i gCéim 4 den tuarascáil.
- Cuireadh i gcrích an Tuarascáil **Public Consultation Report on the Issues to be Considered in the Environmental Impact Statement** agus fuarthas 13,000 aighneacht maidir leis an tuarascáil sin. Foilsíodh na tuarascáil seo tar éis do na Comhairleoirí í a nótáil ag cruinniú i mí Eanáir 2014.
- Cuireadh eolas chun dáta ar fáil do Chomhairle Contae Fhine Gall, do na hÚdaráis Réigiúnacha, do Chomhairle Cathracha Bhaile Átha Cliath, do Chomhairlí Contae na Mí & Chill Dara agus ag cruinnithe éagsúla de pháirtithe leasmhara – go háirithe úinéirí talún agus grúpaí pobail.

- Rinneadh cigireachtaí leanúnacha sonracha ar shuíomhanna agus ar bhealaí lena n-áirítear bailiú leanúnach sonraí agus cruinnithe le heagraíochtaí reachtúla agus páirtithe leasmhara

- Cuireadh i gcrích an t-athbhreithniú ar **Phlean Bainistithe Sloda Fhine Gall** chomh maith leis an **MTT** agus **NIS** bainteach.

## AN RANNÓG UM BAINISTIÚ FORBARTHA – SEIRBHÍSÍ UISCE

Cuireann an rannóg um bainistiú forbartha comhairle ar fáil maidir le riachtanais uisce agus draenála le haghaidh gach iarratais phleanála a thaisctear, lena n-áirítear iarratais ar eolas breise. De bhreis air sin, déanann an rannóg seo faomhadh ar ghéilliúlacht le coinníollacha pleanála, déanann measúnú orthu agus déanann deimhniú ar fhritháireamh agus cigireacht ar chóireáil fuíolluisce ar an suíomh i gcás tithe aonair.

I measc na ngníomhaíochtaí in 2013:

- Cuireadh comhairle ar fáil maidir le 830 Iarratas Pleanála (lena n-áirítear aighneachtaí breise faisnéise agus síneadh ama)

- Comhairliúcháin Réamhphleanála

- D'fhreagair d'achomhairc chuig An Bord Pleanála

- Chuir ionchur ar fái maidir le Seirbhísí Uisce do Phleananna Limistéir Áitiúil i mBaile Dúill/Steach Póilín, Port Mearnóg Theas, Baile an Rólaigh, Cill Mhartain agus Ráth Aingil.

- Rinne idirchaidreamh maidir le tionscadail um bonneagar straitéiseach

- Chuir i bhfeidhm na treoirlínte 'The Planning System and Flood Risk Management' le haghaidh Údaráis Áitiúla 2009

- Ullmhaíodh Measúnuithe Straitéiseacha Riosca Tuillte le haghaidh na n-áiteanna seo: Baile Dúill, Port Mearnóg Theas, Cill Mhartain agus Móinéar na hAbhann.

- Cuireadh i bhfeidhm an chóid cleachtais ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil "Code of Practice for Wastewater Treatment and Disposal Systems Serving Single Dwellings" (Deireadh Fómhair 2009)

- Rinneadh cigireachtaí fuíolluisce ar an láthair agus scaoileadh bannaí le haghaidh 39 suíomh.

- Cuireadh i bhfeidhm "Regional Code of Practice for Drainage Works Version 6.0" Comhairle Contae Fhine Gall, Aibreán 2006

- Cuireadh i bhfeidhm "Guidelines for Drinking Water Supply". Comhairle Contae Fhine Gall, Feabhra 2009 Atheagrán 1.

## AN RANNÓG UM BAINISTIÚ FORBARTHA - IOMPAR

**Cuireadh i gcrích obair ar na scéimeanna seo a leanas le linn 2013:**

- M1 - leathnú trí lána, Acomhal 3 – Acomhal 4
- Uasghrádú ar Acomhal Lisín an Airgid
- Leathnú ar Bhóthar na hAile ag Gort an Mhuilinn, Baile Brigín
- Togáil Bhóthar Ceangail N2 – N3.
- Uasghrádú ar Acomhal Mhullach Eadrad
- Draighneán – Raon coisithe agus rothar ag an Tobar Naofa



*Uasghrádú Achomhal Lisín an Airgid*

Fuarthas maoiniú ón Údarás Náisiúnta Bóithre agus ón Údarás Náisiúnta Iompair le haghaidh na scéimeanna thuasluaite.

Fuarthas cead pleanála do Bhóthar Ceangail an Tobair Naofa agus le haghaidh Bhóthar Ceangail Chaisleán Mhílís.





*Oscailt Oifigiúil Bhóthar Ceangail N2/N3*



*Méara Fhine Gall, An Comhairleoir Dennison, agus an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Leo Varadkar, ag oscailt Acomhal Uasghrádaithe Mhullach Eadrad, an 7 Deireadh Fómhair 2013.*

# AN RANNÓG UM BAINISTIÚ FORBARTHA – CLÁRLANN, BANNAÍ & RANNÍOCAÍOHTAÍ

**Iarratais Phleanála**
B'ionann líon na n-iarratas pleanála a fuarthas agus 947 (agus den líon sin dearbhaíodh 114 a bheith neamhbhailí). Seo méadú de 5.57% ar fhigiúr 2012.

**Iarratais ar Bhonneagar Straitéiseach**
Le linn na bliana, taisceadh iarratas amháin ar Fhorbairt Bonneagair leis An Bord Pleanála le go gcuirfí síneadh le húsáid fhadtéarmach carrchlóis ag Steach Comhaill, Clochrán, Tobar Buinne, Bailte Fearainn Bhaile an Dairdisigh, Aerfort Bhaile Átha Cliath, Co. Átha Cliath. Ní raibh aon chinneadh déanta faoi dheireadh na bliana.

Ghlac An Bord Pleanála cinneadh le linn 2013 iarratas SID a CHEADÚ, ar iarratas é a taisceadh in 2012, le haghaidh Tionscadal Athdhaingnithe Imeall Thuaidh Bhaile Átha Cliath 220 kV do bhailte fearainn Belcamp agus Chluain Seach le haghaidh Eirgrid.

**Táscairí Feidhmíochta**

| Táscairí Feidhmíochta | 2013 | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| Iarratais Nua Cláraithe | 947<br>(114 neamhbhailí) | 897<br>(74 neamhbhailí) | 958<br>(102 neamhbhailí) |
| Líon na nIarratas a nDearnadh Cinneadh in Leith | 766 | 849 | 905 |
| % na nDeontas | 90% | 89% | 88% |
| % na nDiúltaithe | 10% | 11% | 12% |
| % Cinnte laistigh de 2 mhí | 73% | 73% | 67% |
| Líon na nIarratas A Faighte | 644<br>(86 neamhbhailí) | 567<br>(56 neamhbhailí) | 605<br>(72 neamhbhailí) |
| Líon na nIarratas B Faighte | 303<br>(28 neamhbhailí ) | 330<br>(18 neamhbhailí) | 353<br>(30 neamhbhailí) |

**Bannaí & Ranníocaíochtaí**
Bailíodh suim de €8.8 milliún faoin Scéim Ranníocaíochtaí Alt 48– An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2013. Rinneadh monatóireacht leanúnach ar íocaíochtaí agus socruithe céimnithe íocaíochta, agus rinneadh iad a comhaontú agus a athbhreithniú. tionscnaíodh imeachtaí dlí i 46 cás a raibh €1.2 milliún ag baint leo. Thug na cúirteanna breithiúnais in 8 gcás dar luach €143,188.

**Rialú Foirgníochta**

San iomlán sa bhliain  2013 fuarthas 133 iarratas ar Dheimhniúcháin Sábháilteachta Dóiteáin agus déileáladh leo. Chomh maith leis sin, fuarthas 4 Fhógra Seacht Lá, 11 Dheimhniú Leasaithe Dóiteáin agus 4 Dheimhniú maidir le Tabhairt chun Rialtachta.  Fuarthas 141 Deimhniú maidir le Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas freisin. San iomlán cuireadh isteach 382 Fógra Tosaigh Feidhme, agus faomhadh Scéimeanna Ainmniúcháin & Uimhrithe Bóithre i ndáil le 9 Scéim/dtionscadal.

## BONNEAGAR STRAITÉISEACH

### PLEAN FORBARTHA 2011-2017

Tá ullmhú Phlean Forbartha Fhine Gall, a glacadh i mí Aibreán 2011, ar cheann de na feidhmeanna is tábhachtaí atá ag an gComhairle Contae. I mí Márta 2013 cuireadh tuairisc maidir leis an dul chun cinn go dtí seo (maidir le baint amach Chuspóirí an Phlean) faoi bhráid na mBall Tofa.


I measc phríomhchuspóirí pleanála an Phlean Forbartha go dtí seo bhí ullmhú sraith de Phleananna Limistéir Áitiúil agus pleananna neamhreachtúla, staidéar agus straitéisí mar atá sonraithe thíos, ag cur chun cinn beartas agus ag cur i bhfeidhm ár líonra um Bonneagar Glas (lena n-áirítear ullmhú na Straitéise um Spás Oscailte, agus cur chun cinn líonra coisithe agus raon rothar Fhine Gall, etc.), agus rinneadh dul chun cinn suntasach ar athbhreithniú Thaifead na Chontae de Struchtúir faoi Chosaint.

### Pleananna Limistéir Áitiúil

Seo a leanas na Pleananna Limistéir Áitiúil ar ghlac an Chomhairle leo in 2013:




| | |
|---|---|
| Baile Dúill Steach Póilín | - Glactha Bealtaine, 2013 |
| Cill Mhartain | - Glactha Bealtaine, 2013 |
| Port Mearnó Theas | - Glactha Iúil, 2013 |
| Ráth Aingil | - Glactha Samhain, 2013 |
| Baile an Rólaigh | - Glactha Bealtaine, 2013 |
| Móinéar na hAbhann | - Glactha Meitheamh, 2013 |



Cuireadh tús le roint Pleanana Limistéir Áitiúil le linn 2013 agus ullmhófar taispeántas poiblí de dhréacht-PLA le linn 2014, lena n-áirítear:

- PLA Dhomhnach Bat
- PLA Chionn Sáile
- Tá athbhreithniú agus leasú ar SDZ Pháirc Hans idir lámha.

An dúshlán a gcaithfidh an t-údarás pleanála aghaidh a thabhairt air sna Pleananna Limistéir Áitiúil nua 'Chónaitheacha' seo ná go léireoidís a ndóthain an timpeallacht éiginnte eacnamaíochta atá bainteach leis an margadh tithíochta faoi láthair, bíodh sin bainteach le cur i gcrích na limistéar cónaitheach PLA, nó a chinntiú go soláthraítear an bonneagar fisiceach agus sóisialta is gá chuige sin, ag tabhairt le chéile na ceanglais a bhaineann le dlús cónaitheachta agus na Treoirlínte ó na hÚdaráis Phleanála maidir le Forbairt Inbhuanaithe Chónaitheach agus mealltacht na scéimeanna árasán (faoi choinníollacha reatha margaidh agus maoiniúcháin); chomh maith le géilliúlacht do RPGana agus don Chroístraitéis Pleananna Forbartha a chuireann chun cinn na forbartha i limistéir Chathrach an Chontae. Chuige seo, d'oibrigh an t-údarás pleanála leis an NTA, leis an Roinn Comhshaoil, agus le hÚdarás Réigiúnach Bhaile Átha Cliath agus leis na húdaráis phleanála chun freagairt do cheanglais ghearrthéarmacha margaidh, fad is a caomhnaíodh na cuspóirí pleanála agus inbhuaine Chathair agus Réigiún Bhaile Átha Cliath. Foilsíodh an tuarascáil/taighde seo i mí Iúil 2013 agus bhí tionchar aige agus chuidigh leis an Údarás Pleanála le roinnt mhaith de na Pleananna Limistéir áitiúil.

Mionathruithe, Staidéir & Cud VIII

Mionathruithe a glacadh le linn 2013 – Baile Shéarlais agus Toghroinn Fhionáin, Sord. Cuireadh tús le Mionathruithe eile beartaithe le linn 2013 – Baile an Tirialaigh, Droichead Coisithe Bhaile an Phórtéaraigh, St. Ita's Port Reachrann, Baile Munna agus Baile Cúlann. Baineann na Mionathruithe seo (glactha agus/nó molta) go príomha le mian an údaráis áitiúil an deis ann feabhas a chur ar chúrsaí fostaíochta agus/nó seirbhísí sa Chontae.

Cuirfear i gcrích Máistirphlean Aerfort Bhaile Átha Cliath, a ndearnadh formhór na hoibre ullmhúcháin dó le linn 2013, i gcaitheamh 2014 agus déanfar athbhreithniú ar an PLA don aerfort ina dhiaidh sin.

Tionscadail idir lámha/a críochnaíodh in 2013:

1. Straitéis Fearainn Phoiblí Mhullach Íde
2. Staidéar Bhaile an Aba
3. Bealach Glas na Canálach Ríoga
4. Bealach an Mhóinéir Leathain
5. Raon Rothar ó Bhaile Bhlainséir go dtí Páirc an Fhionnuisce etc.

Forais Sheachtracha

Le linn na bliana bhí ionadaíocht ag an gComhairle, trí mheán na foirne um Pleanáil agus Bonneagar Straitéiseach, ar na forais sheachtracha seo a leanas:

- Comhdháil Réigiúin Aerfoirt (ARC), a chuimsíonn údaráis áitiúla an Aontais Eorpaigh agus na Stát Aontais a bhfuil móraerfoirt acu lonnaithe ina limistéar. Is é an Comhairleoir Ciaran Byrne ionadaí Chomhairle Contae Fhine Gall anois ar ARC agus tháinig sé i gcomharba an Chomhairleora Anne Devitt, a bhí ag feidhmiú mar ionadaí na Comhairle le naoi mbliana anuas.

- QLAIR – Cáilíocht Saoil i Réigiúin ina bhfuil Aerfoirt

- An Coiste Idirchaidrimh Scoile - An Roinn Oideachais agus Scileanna

- Fóram Forbartha an Imill Thuaidh – Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Comhairle Contae Fhine Gall.

- Grúpa oibre um Polasaí agus Cleachtas Seandálaíochta arna bhunú ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

- Grúpa Oibre na Comhairle Oidhreachta.

- Ionad Sonraí Náisiúnta Bithéagsúlachta

- Grúpa Oibre Teicniúil an Údaráis Réigiúnaigh

- Bord Tionscadal don Roinn Comhshaoil "My Plan"

- Grúpa Páirtithe Leasmhara MCBÁC an Údaráis Náisiúnta Iompair.

E linn 2013, lean Comhairle Contae Fhine Gall ag obair lena contrapháirtithe in dhá réigiún déaga ar fud na hEorpa ar thionscadal nua Interreg IVC, ar an Líonra do Bhonneagar Glas agus ar Green InfraNet, a thugann le chéile forais áitiúla agus réigiúnacha ar fud na hEorpa agus atá ag obair chun daingniú a dhéanamh ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm an bhonneagair ghlais ar fud na hEorpa trí dhea-chleachtas a roinnt idir na réigiúin.

### Plean Oidhreachta Fhine Gall

Is éard atá i bPlean Oidhreachta Fhine Gall, a glacadh i mí Aibreáin 2012, ná plean gnímh cúig bliana a dhéileálann le gach gné dár n-oidhreacht lean n-áirítear fiadhúlra, an cósta agus an tírdhreach, ár n-oidhreacht seandálaíochta, ár stair áitiúil agus ár gcultúr.

Sa Phlean sonraítear 49 gníomh atá le cur i bhfeidhm thar thréimhse 6 bliana faoi cheannas Oifigeach Oidhreachta na Comhairle. San iomlán chaith an Chomhairle tuairim is € 43,000 ar thionscadail faoin bPlean Oidhreachta in 2013. Chomh maith leis sin, d'éirigh leis an gComhairle maoiniú de bhreis is €23,000 a fháil i gcomórtas a reáchtáil an Chomhairle Oidhreachta in 2013.

Tionscadail Oidhreachta 2013

1. Comhairleoir Séadchomharthaí Allamuigh
In 2013 dhírigh an scéim seo ar mheasúnú agus doiciméadú a dhéanamh ar athrú i gcaoi na séadchomharthaí i bhFine Gall trí chuairt a thabhairt orthu athuair – tugadh cuairt orthu mar chuid den obair seo a rinneadh idir 2007 agus 2010. Forbraíodh taispeántas dar teideal *The Archaeology of Open Spaces* freisin agus reáchtáladh é in Ionad Pobail Bhaile an Ridire le linn na Seachtaine Oidhreachta. Sa taispeántas seo léiríodh an raon séadchomharthaí atá ar fáil i bpáirceanna agus i spásanna oscailte Fhine Gall.

2. Hidden Treasures
Is éard a bhí i gceist leis an Tionscadal Hidden Treasures ná obair le scoileanna áitiúla agus le grúpaí óige i mBaile Átha Cliath chun iniúchadh a dhéanamh ar oidhreacht an limistéir i mbreis is 90 suíomh seandálaíochta. Sna scoileanna agus grúpaí óige a ghlac páirt bhí na daltaí i mbun  tionscadal a dhéanamh ar shéadchomhartha ar leith ina limistéar. Bhain daltaí ón ngrúpa RAPID Thobar Mhuire an chéad áit agus sa tionscadal acu rinne siad iniúchadh ar stair agus oidhreacht Thobar Mhuire i Mullach Eadrad. Tá an Tionscadal faoi stiúir ag comhpháirtíocht idir na dreamanna seo a leanas Safer Blanchardstown, Mountview Resource Centre, Fingal South-West Heritage Society, Rannán Pobail Chomhairle Contae Fhine Gall, Leabharlanna Fhine Gall, Oifig Oidhreachta Chomhairle Contae Fhine Gall agus an Chomhairle Oidhreachta. Tá Hidden Treasures ina chuid de thionscnamh níos mó dar teideal Adopt-a-Monument atá ina chéim phíolótach agus á reáchtáil ag Comhairle Contae Fhine Gall a bhfuil mar aidhm leis pobail áitiúla a spreagadh le cúram a dhéanamh dá n-oidhreacht áitiúil.



*Grúpa Rapid Thobar Mhuire, Scoil Náisiúnta Thobar Mhuire, Mullach Eadrad, buaiteoirí  an Tionscadail Hidden Treasures Project.*

3. Seachtain Oidhreachta:

Thacaigh an Chomhairle le roinnt imeachtaí le linn na Seachtaine Oidhreachta lena n-áirítear comóradh ar dháta tubaiste eitleáin Harry Hawker in 1913 a bhí á reáchtáil ag Cumann Staire Loch Sionnaigh agus an Rois.










Réachtáladh an t-imeacht seo chun ceiliúradh a dhéanamh ar ghné áirithe d'oidhreacht Loch Sionnaigh agus bhain sé an duais don Imeacht is Nuálaí ag Ócáid na Comhairle Oidhreachta in 2013.





*Gradam na Comhairle Oidhreachta don imeacht is fearr ag an tSeachtain Oidhreachta Náisiúnta*

4. Tionscadal Bainistithe Féarach i Limistéar Speisialta Caomhantais Bhá Bhaile Dúill

Cuireadh oibreacha i gcrích i mbliana ag Páirc Ráschúrsa Bhaile Dúill chun cuidiú le bainistiú an fhéaraigh i Limistéar Caomhantais Mayne Marsh, atá suite i Limistéar Speisialta Caomhantais Bhá Bhaile Dúill, trí Bhá ón nGarbhchríoch a thabhairt isteach. A bhuíochas le maoiniú a cuireadh ar fáil faoin bPlean Oidhreachta bhíothas in ann sconsaí a cheannach agus a shuiteáil chun daingniú a dhéanamh ar spás cothaithe na mbó, suiteáil a dhéanamh ar sconsa rialaithe agus ar ghéataí, agus oibreacha athghrádúcháin a dhéanamh chun poill a líonadh i mballa teorann Bhóthar an Chósta.

# An Roinn Seirbhísí Uisce:

## OIFIG NA DTIONSCADAL

Tá Oifig na dTionscadal freagrach as soláthar mórthionscadal uisce agus fuíolluisce chun freastal ar riachtanais fhadtéarmacha an Chontae agus an Réigiúin.

- Síneadh le Saoráid Fuíolluisce Léim an Bhradáin – Rinneadh coimisiúnú ar an ionad nua cóireála. Tá an scéim foriomlán le bheith i gcrích faoi Iúil 2014 lena n-áirítear athchóiriú ar an ionad atá ann cheana féin.





*Síneadh le Saroáid Fuíolluisce Léim an Bhradáin.*

- Uasghrádú ar Líonra Bhaile Brigín/na Sceirí – Cuireadh chun cinn dhá chonradh faoin scéim seo le linn 2013. Tugadh cuireadh chun tairisceana don obair ar Stáisiún Caidéalaithe Bhóthar Bhaile Átha Cliath, ach níor bronnadh an conradh. Cuireadh i gcrích na Doiciméid Chonartha do Stáisiún Caidéalaithe Bhóthar an Rois sna Sceirí.

- Scéim Ionad Cóireála Fuíolluisce Phort Reachrann, Dhomhnach Bat, an Rois & Lusca – Fuarthas cead ón Roinn Comhshaoil an ghné den tionscadal seo a bhaineann leis an Ros a chur i gcrích. Tá suirbhéanna ar siúl agus tá sé beartaithe na cáipéisí conartha a chur i gcrích in 2014.



*Stáisiún Caidéalaithe Phort Reachrann*



*Stáisíún Caidéalaithe Bhaile an Fhaoitigh sa Ros*

- Scéim Réigiúnach Draenála Bhaile Bhlainséir – cuireadh i gcrích réamhcháiliú na gconraitheoirí foirgníochta Liffey Siphons Construction Contractors. Cuireadh i gcrích na monatóirí freisin. Cuireadh togra nua faoi bhráid na Roinn Comhshaoil le haghaidh Dúbailt agus Stóráil 9C a laghdaíonn go mór ar mhéid an tionscadail. Táthar ag fanacht le cead a fháil na Cáipéisí Conartha a dhréachtú agus tabhairt faoin bpróiseas tairisceana.
- Síneadh WWTP i Sord – Cuireadh tús leis an obair thógála le linn chéad ráithe na bliana 2013. Tá tuairim is 20% den obair sin i gcrích.
- Scéim Thaiscumar uisce Mhullach Íde SLI – Cuireadh moill ar bhonn leanúnach ar an scéim seo mar thoradh ar mhoill ar aistriú na talún chuig úinéireacht na Comhairle.
- Scéim Soláthair Uisce Bhaile Brigín, Céim 1 SLI – Cuireadh i gcrích céim na tógála asu rinneadh an scéim a choimisiúnú.
- Scéim Soláthair Uisce Bhaile Brigín, Céim 2 – Baile Shiurdáin go dtí Coill Seoch Thuaidh. Táthar ag fanacht le faomhadh chun soláthar Innealtóirí Comhairleacha a cheadú don tionscadal seo.
- Scéim Leasúcháin Phríomhlíonra Uisce Shoird – is féidir feabhas a chur ar 5.3km den phíobán 30" de stroighin atá ann faoi láthair trí líneáil a chur isteach nó trína athsholáthar. Táthar tar éis bealach na píblíne a mhapáil le GPS. Cuireadh i gcrích réamhcháiliú an Chonraitheora Tógála.
- Dúbailte ar Phríomhlíonra Uisce Bhaile Cúlann - Baile an Rí – 7km de phríomhlíonra 900mm – Sonraí an Dearaidh agus Buiséad curtha faoi bhráid an RCPRA agus ag fanacht ar chead sula gcuirfear tús leis.
- Scéim Soláthair Uisce Bhinn Éadair (céimeanna pleanála WSIP) – Buiséad Leasaithe agus Sonraí an Dearaidh curtha faoi bhráid RCPRA agus ag fanacht ar chead sula gcuirfear tús leis.
- Líonra Shoird – Scéim Draenála an tSeanbhaile/Bhaile na Móna. Innealtóirí Comhairleacha le ceapadh chun staidéar féidearthachta a chur i gcrích. Tar éis an staidéir sin táthar ag súil go rachfar ar aghaidh leis an scéim dhraenála chun dul i ngleic leis na saincheisteanna a tugadh faoi dara sa staidéar féidearthachta.
- Scéim Séarachais Chlochráin –Cuireadh i gcrích an próiseas tairisceana in 2013 agus cuireadh litir intinne chuig an rogha conraitheoir agus táthar ag fanacht ar chead sula gcuirfear tús leis an gconradh.

## OIBRÍOCHTAÍ SOLÁTHAIR UISCE

Tá dhá shaoráid cóireála ag Comhairle Contae Fhine Gall ag Léim an Bhradáin agus ag Portach na Roinne a chuirean 170 milliún lítear d'uisce óil ar fáil gach lá. Déantar an t-uisce a thástáil go rialta ag gach céim den phróiseas cóireála agus ar fud an chórais dáileacháin chun a chinntiú go bhfuiltear ag cloí leis na ceanglais a bhaineann le caighdeáin náisiúnta uisce óil.

# SCEITHEADH AGUS CAOMHNÚ UISCE

Tá foireann thiomnaithe ag an gcomhairle chun cigireacht a dhéanamh ar an líonra le haghaidh sceitheadh uisce agus i gcás go mbíonn an sceitheadh sin ag tarlú ar an taobh príobháideach éilítear ar an tomhaltóir an fhadhb a réiteach. Déanann foireann an Chomhairle aon sceitheadh san fhearann poiblí a dheisiú. Tarlaíonn pléascadh píobán freisin agus de ghnáth cuireann siadsan isteach ar thomhaltóirí freisin. De ghnáth deisítear iad laistigh de 12 uair óna dtabhairt faoi deara.

| | 2011 | 2012 | 2013 |
|---|---|---|---|
| Píobáin Phléasctha a Deisíodh | 145 | 78 | 117 |
| Sceitheadh Uisce a Aimsíodh sa Phríomhlíonra Uisce | 593 | 574 | 543 |
| Sceitheadh Uisce faoi Úinéireacht Phríobháideach a Aimsíodh | 93 | 66 | 79 |

Bíonn formhór na sealbhóirí tí sásta sceitheadh uisce a dheisiú i gcás go gcuireann an Chomhairle in iúl dóibh go bhfuil a leithéid ag tarlú, ach i roinnt cásanna bíonn gá litir rabhaidh a chur chucu agus uaireanta fiú fógraí reachtúla faoin Acht um Sheirbhísí Uisce.

- D'oibrigh an córas go maith a forbraíodh chun rianú a dhéanamh ar sceitheadh uisce in Eastáit nár tógadh i gcúram go fóill.
- Le linn 2013, eisíodh 19 litir rabhaidh agus seirbheáladh 19 bhFógra faoi Alt 54 den Acht um Sheirbhísí Uisce ar fhorbróirí nó ar chuideachtaí bainistíochta, d'eastáit nár thóg Comhairle Contae Fhine Gall i gcúram, le sceitheadh uisce tuairiscithe ar an taobh poiblí.
- Chomh maith leis sin eisíodh 60 litir rabhaidh agus 19 bhFógra faoi 56(1) den Acht um Sheirbhísí Uisce i ndáil le sceitheadh príobháideach uisce i gcás gurbh ar an úinéir tí a bhí an fhreagracht as é a dheisiú.
- Chomh maith leis sin, eisíodh 10 litir in 2013 ag tabhairt foláirimh go mb'fhéidir go mbeadh srian ar an soláthar uisce is gcás nach ndeiseofaí an sceitheadh uisce. Astu siúd, deisíodh an sceitheadh i 5 chás agus i 5 chás eile cuireadh an tsrian i bhfeidhm. Tar éis srian a chur i bhfeidhm deisíodh 3 cinn, agus gheall an teaghlach eile go ndéanfaí an sceitheadh a réiteach. Bhí ceann amháin fós le réiteach





*Oibreacha Athsholáthair Caipitil agus Cothabhála, 2013.*

# SEIRBHÍSÍ DRAENÁLA

Feidhmíonn an Chomhairle ceithre cinn de shaoráidí cóireála fuíolluisce ag Sord, Mullach Íde, Port Reachrann agus Barr na gCaorach. De bhreis air sin, feidhmíonn an Chomhairle roinnt ionad cóireála níos lú a fhreastalaíonn ar Phort Reachrann agus ar shráidbhailte níos lú.  Déantar fuíolluisce ó limistéar Bhaile Bhlainséir a chóireáil ag Ionad Cóireála Fuíolluisce Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath sa Rinn..



*Ionad Nua Cóireála Fuíolluisce ag Port Reachrann.*



*Sceitheadh ó Ionad Cóireála Fuíolluisce Bharr na gCaorach.*

### Príomhnithe a Baineadh amach in 2013

- Cuireadh tús le stáisiún caidéalaithe draenála agus príobhphíobán aníos ag Cill Fhaoláin (cuid de dhobharcheantar Bhaile Brigín/na Sceirí
- Rinneadh uasghrádú ar líonra screamhuisce ag Ascaill an tSeanchaisleáin, Binn Éadair

## Príomhtháscairí Feidhmíochta/Táscairí Seirbhíse Náisiúnta

### % de na samplaí uisce ag comhlíonadh na Rialachán maidir le hUisce Óil

| | 2011 | 2012 | 2013 |
|---|---|---|---|
| Léim an Bhradáin | 100% | 99.2% | 100% |
| Portach na Roinne | 100% | 100% | 100% |
| Líonra Dáileacháin | 100% | 99.8% | 100% |

Leibhéil an Uisce Gan Tásc

| | 2011 | 2012 | 2013 |
|---|---|---|---|
| UGT | 33.76% | 32.65% | TBC |

Fad an Phríomhlionra a Athsholáthraíodh

| | 2011 | 2012 | 2013 |
|---|---|---|---|
| Méadair de phríomhlíonra a athsholáthraíodh | 36,820 | 25,714 | 21,767* |

- Shuiteáil foireann na Comhairle síos 6,960 m agus rinne conraitheoirí an chuid eile a shuiteáil

% de chomhlíonadh na Rialachán maidir le Fuíolluisce Uirbeach

| | 2011 | 2012 | 2013 |
|---|---|---|---|
| WWTP Shoird | 95.4% | 99.2% | 100% |
| WWTP Mhullach Íde | 96.4% | 98.0% | 90.8% |
| WWTP Phort Reachrann (Sean) | 50.1% | 32.5% | - |
| WWTP Phort Reachrann (Nua) | - | 100% | 100% |
| WWTP Sráidbhailte | 83.4% | 98.0% | 99.4% |
| WWTP Bharr na gCaorach | 98.6% | 98.6% | 98.7% |

## AN RANNÓG RIARACHÁIN

Tá an Rannóg Riaracháin freagrach as bainistiú a dhéanamh ar phrótacal cumarsáide na Seirbhísí Uisce, as bainistiú airgeadais sa rannóg agus as tacaíocht riaracháin a sholáthar d'Oibríochtaí agus do Thionscadail na Seirbhísí Uisce.

Príomhnithe a Baineadh amach in 2013

- Próiseála 141 iarratas ar naisc uisce agus séarachais in 2013.
- Déileáladh le 38 ceist, 15 rún agus 8 mírcheann ag cruinnithe Comhairle/Coiste le linn 2013.
- Le linn 2013 tugadh tús áite don chumarsáid tríd an ríomhphoist chuig an líon is mó tomhaltóirí nó cumann áitritheoirí agus a d'fhéadfaí chun iad a chur ar an eolas faoi chur isteach phleanáilte nó éigeandála ar sholáthar uisce. Faoi láthair tá 1196 (621 in 2012) ar liosta comhthiomsaithe Fhine Gall. Cuirtear cumarsáid trí sheirbhís Twitter ar fáil chomh maith.
- Bhí 4 alt san iris The Fingal News faoi chúrsaí uisce.